# RÁITEAS STRAITÉISE

**Tá an fhís seo a leanas ag Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2016-2018 do thionscal bia agus dí na hÉireann:**

Aithníonn custaiméirí ar fud an domhain go bhfuil bia agus deochanna na hÉireann den scoth: go bhfuil ardchaighdeán acu, iad sainiúil, agus déanta ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó láthair oileánda uathúil agus ámharach.

Leagann ár dtáirgeoirí an caighdeán domhanda amach sa táirgeadh inbhuanaithe – an fhreagracht atá orainn go léir don phláinéad, don tsochaí, agus do na glúnta atá le teacht á comhlíonadh. Tá gach rud againn a theastaíonn do chóras bia níos fearr, níos inbhuanaithe. Ní raibh deis níos fearr riamh ann le gníomhú agus sampla a thabhairt don domhan.

Forbraíodh an fhís agus an plean gnímh a bhfuil cur síos air sa Ráiteas Straitéise tar éis próiseas leathan agus fadréimseach caidrimh le páirtithe leasmhara. Tacaíonn an Plean Straitéiseach go hiomlán le cur chun feidhme Food Wise 2025, tuarascáil an Choiste Straitéise Agraibhia á chomhordú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, ina leagtar amach an plean straitéiseach d'fhorbairt na hearnála agraibhia go 2025. Braitheann an Fhís ar chúig cholún straitéiseacha agus tacaíonn gach ceann acu siúd le fás an tionscail:

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| Curtha ar an eolas ag léargas tomhaltóra | Á chumasú ag daoine fiúntacha, tallann agus bonneagar | Buntaca aige ó Origin Green | Bainte amach trí bhealaí éifeachtacha go dtí an margadh agus tiontú gnó | Tacaíocht aige ó chumarsáidí láidre branda san aois dhigiteach |



Á GCUR I LÁTHAIR DON AIRE
# TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS NA MARA

*De réir Alt 22 den Acht um an mBord Bia 1994, tá áthas ar an mBord a Thuarascáil Bhliantúil agus a Chuntais Bhliantúla a chur i láthair an Aire don 12 mí dar críoch 31 Nollaig 2017.*

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach





# CLÁR

## ÁR NGNÓ


3 Dámhachtainí Bia & Dí
5 Figiúirí Onnmhairí
9 Ráiteas an Chathaoirligh
15 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
31 Athbhreithnithe Earnála
- 31 Feoil & Beostoc
- 35 Bia & Deochanna
- 41 Earnáil na nGnólachtaí Beaga & an Earnáil Orgánach
- 45 Gairneoireacht
- 49 Seirbhísí


## ÁR RIALACHAS


59 Ráiteas Corparáideach & Tuarascáil Chomhaltaí Boird
67 Struchtúr na hEagraíochta
70 Bord Bia: An Bord
71 Bord Bia: An Bord Bianna Tomhaltóra
72 Bord Bia: An Bord Beostoic agus Feola
73 Bord Bia: An Bord Déiríocht
74 Bord Bia: An Bord Dearbhaithe Cáilíochta
75 Bord Bia: An Bord Gairneoireachta


## ÁR GCUNTAIS


77 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
79 Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach
81 Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe
82 Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
83 Ráiteas ar an Staid Airgeadais
84 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
85 Nótaí atá mar Chuid de na Ráitis Airgeadais
98 Íocaíochtaí Deontais maidir le hAirgeadas Margaíochta

*Grianghraf ar chlé thuas*
*Sa Phictiúr: Niall Browne, Paul Nolan agus David O'Flynn ó Dawn Meats*

*Grianghraf ar chlé thíos*
*Sa Phictiúr: Donna McKenna agus Leanne Wilson ó Monaghan Mushrooms*





# D'FHÓGAIR BORD BIA BUAITEOIRÍ **DHÁMHACHTAINÍ BIA AGUS DÍ 2017**

*san RDS, Baile Átha Cliath ar 29 Samhain 2017*

Áiríodh ar na buaiteoirí roinnt de na brandaí, na gnólachtaí teaghlaigh agus rathúlachtaí onnmhairí is fearr aithne in Éirinn ó gach cearn den tír. Comhghairdeas leis na buaiteoirí go léir, go háirithe le Dawn Meats, a bhain an Dámhachtain Inbhuanaitheachta, agus Monaghan Mushrooms, a bhain an Dámhachtain Tionchair do Thionscadal Inbhuanaitheachta.

**Buaiteoir Dámhachtaine Branda:**
**Diageo do Baileys**
Bhí an bua ag Diageo faoina 'sármhaitheas agus athshuíomh branda Baileys á chur i láthair', é á athrú ón gcatagóir neadóige lícéir, a mbreathnaítear air mar thairiscint shéasúrach, go dtí catagóir 'só den scoth' atá ag dul i méid. Fás méide +5% ar theacht isteach domhanda.

**Buaiteoir Dámhachtaine do Léargas Tomhaltóra:**
**Butlers Chocolates**
Bronnadh gradam ar Butlers Chocolate dá 'sármhaitheas i margaíocht tomhaltóir lárnach a threoraigh forbairt raon sárphréimhe, Butlers Platinum Collection, a raibh díolacháin i mbreis agus 15 tír mar thoradh air.'

**Buaiteoir Dámhachtaine do Mhargaíocht Dhigiteach:**
**The Happy Pear**
Bhain an Happy Pear gradam faoi fheachtais dhigiteacha bharántúla a ghlacadh chucu chun 'gluaiseacht' láidir a chruthú atá ag tiomáint an ghnó chun cinn. Tá breis agus 800,000 lucht leanúna ag an gcuideachta ar na meáin shóisialta.

**Buaiteoir Dámhachtaine Fiontraíochta:**
**Gallaghers Bakery**
Bronnadh gradam ar Gallaghers Bakery, lonnaithe i nDún na nGall as a 'fadbhreathnaitheacht i dtairiscint rathúil a aithint, a fhorbairt agus taighde a dhéanamh don mhargadh saor ó ghlútan.' Mhéadaigh an gnó ó 65 duine i 2011 go 205 fostaí díreacha i 2017 agus súil le 40 eile go luath i 2018.

**Buaiteoir Dámhachtaine Onnmhairí (Gnólachtaí Níos Lú – faoi bhun €100m):**
**Silver Hill Foods**
Bronnadh gradam ar Bhianna Silver Hill, táirgeoir préimhe lachan agus táirgí lachan i Muineachán as 'straitéis thomhaiste, curtha i bhfeidhm go héifeachtach chun greim a fhál ar an margadh onnmhairí'. Tá sé seo tar éis fás straitéiseach a thiomáint ina ngnó onnmhairí leis an gcorrlach is airde, is iad sin na margaí miondíola agus Síneacha. Déanann an chuideachta soláthar faoi láthair do 24 tír ar fud an domhain.

**Buaiteoir Dámhachtaine Onnmhairí (Gnólachtaí Níos Mó – breis agus €100m):**
**Kerry Foods do Cheestrings**
D'éirigh le Kerry Foods mar gheall ar 'straitéisí dáiliúcháin agus fógraíochta chun tacú le honnmhairiú agus fás an bhranda Cheestrings.' Tá an branda ar fáil anois ag breis agus 350 milliún tomhaltóir thar 10 margadh Eorpacha.


**Buaiteoir Dámhachtaine Nuálaíochta:**
**Pip & Pear**
Bhain Pip & Pear gradam dá 'straitéis mhargaíochta thomhaiste agus sonrach chun catagóir nua a chruthú laistigh den earnáil do bhia naíonán, bia naíonán úr fuaraithe'. Léirigh an chuideachta 'cur chuige dírithe ar an tomhaltóir maidir le táirge nua a fhorbairt bunaithe ar an mbunléargas go dteastaíonn ó thuismitheoirí an bia is fearr a thabhairt dá naíonáin'.

**Buaiteoir Dámhachtaine Inbhuanaitheachta:**
**Dawn Meats**
Bhain Dawn Meats gradam faoi 'straitéis inbhuanaitheachta a fhorbairt i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear feirmeoirí agus custaiméirí'. Léirigh an chuideachta, ar ball d'Origin Green í, dul chun cinn in oibríochtaí agus tiomantas don todhchaí trí fhoinsiú inbhuanaithe; leas ainmhí; bainistíocht acmhainne, daoine agus pobal; nuálaíocht agus cothú. Is cuideachta teaghlaigh den dara glúin é Dawn Meats a chuireann táirgí préimhe mairteola agus uaineola ar fáil ar an margadh i mbreis agus 40 tír.

**Dámhachtain Inbhuanaitheachta, Tionchar Tionscadail:**
**Monaghan Mushrooms**
Bhain Monaghan Mushrooms gradam as 'léiriú go rathúil go bhfuil an gnó chun tosaigh i ngnó na muisiriún ón taobh teicniúil agus ó thaobh na timpeallachta. D'fhág torthaí a n-iarrachtaí inbhuanaitheachta gur forbraíodh muisiriún saibhrithe ag vitamin D a théann chun tairbhe an chustaiméara agus na timpeallachta san am céanna'.


## ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ NA HÉIREANN **(€12.5BN)**

Thaifead earnáil bia agus dí na hÉireann méadú ar fhás onnmhairí don ochtú bliain as a chéile in 2017. Fuair sé spreagadh ó aschur méadaithe sna príomhearnálacha, éileamh méadaithe i roinnt de na mórmhargaí agus, de réir Straitéis Éagsúlaithe Margaidh de chuid Bord Bia, teacht chun cinn margaí níos nuaí d'onnmhaireoirí Bia agus Dí na hÉireann.





Don bhliain ina iomláine áirítear gur tháinig méadú 11% ar luach onnmhairí bia agus dí (€1.2bn) go €12.5bn – rud a léiríonn fás de bheagnach 60% nó €4.7bn ó 2010.

Ar na hearnálacha is fearr a chruthaigh ó thaobh fás onnmhairí in 2017 bhí an earnáil déiríochta a chuimsíonn aon trian den iomlán agus ansin bia mara, muiceoil, caoireoil agus ainmhithe beo. Theorannaigh iomaíocht láidir agus cúinsí margaidh fás san earnáil ghairneoireachta inite, agus bhain mairteoil, éanlaith chlois agus bianna ullmhaithe leibhéil fáis níos isle amach freisin i dtéarmaí coibhneasta.



**DÍOLTAR BIA AGUS DEOCH NA HÉIREANN I**
**180**
**MARGADH AR FUD AN DOMHAIN**

## Onnmhairí Bia agus Dí na hÉireann




Foinse: Bord Bia/CSO

## Onnmhairí bia agus dí na hÉireann (€m)

| | 2016<br>€m | 2017(p)<br>€m | 2017 v 2016<br>% +/- |
|---|---|---|---|
| Táirgí déiríochta & comhábhair | 3,368 | 4,018 | 19 |
| Mairteoil* | 2,273 | 2,411 | 6 |
| Bianna Ullmhaithe | 1,981 | 2,128 | 7 |
| Deochanna | 1,401 | 1,473 | 5 |
| Muiceoil | 734 | 792 | 8 |
| Bia Farraige | 556 | 612 | 10 |
| Éanlaith Chlóis | 272 | 294 | 2 |
| Gairneoireacht & gránaigh inite | 228 | 232 | - |
| Caoireoil | 278 | 312 | 12 |
| Ainmhithe beo | 146 | 175 | 20 |
| IOMLÁN BIA & DÍ | 11,237 | 12,447 | 11 |

*Lena n-áirítear scairteach inite

Foinse: Bord Bia/CSO


# DÁILEADH MARGAIDH ONNMHAIRÍ **BIA AGUS DÍ NA HÉIREANN (%)**

## Meastar gur mhéadaigh onnmhairí iomlána go dtí an Ríocht Aotaithe 8.5% go €4.46bn. Bhí sé seo á thiomáint ag fás láidir onnmhairí déiríochta – méadú 15% go €968m agus fás i measc earnálacha feola agus bia ullmhaithe.


Mhéadaigh onnmhairí go dtí margaí Eorpacha eile de 15% go €4.05bn agus margaí neamhRA ina gceannscríbeanna níos tábhachtaí i gcónaí do ghnó talmhaíochta na hÉireann. Bhí an fás coibhneasta is mó le feiceáil sa déiríocht agus sa mhuiceoil, fás de 41% agus 23% orthu faoi seach.

Mhéadaigh margaí idirnáisiúnta neamhEorpacha 17% go dtí €4.01bn, 32% den mhargadh onnmhairí iomlán bia agus dí.


Onnmhairí Bia agus Di na hÉireann - 2017



## Onnmhairí Bia agus Dí na hÉireann - 2017




## Dáileadh onnmhairí bia agus dí go dtí margaí idirnáisiúnta – 2017 vs. 2016 (€m)



# RÁITEAS
AN CHATHAOIRLIGH

I dtréimhse deich mbliana nuair ba léir gur gnáth rud é beagnach fás onnmhairí bia agus dí na hÉireann, chruthaigh 2017 go raibh scéal seo an mhéadaithe, cibé in ionaid mhargaidh gar do bhaile nó níos faide ar shiúl, ní amháin suntasach, ach i roinnt mhaith cásanna, iontach.

Tá fás ar onnmhairí a sheachadadh i dtionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann don ochtú bliain as a chéile le moladh ar iliomad cúiseanna. Cuireann sé fianaise ar fáil, má theastaigh a leithéid, gur féidir leis an obair chrua agus an bhéim ar an margadh domhanda torthaí a chur ar fáil ar bhealaí suntasacha agus iontacha.

Is léiriú iad na figiúirí príomha ar fheidhmíocht a sháraigh, i roinnt mhaith cásanna, fiú na hionchais is dearfaí. I rith na bliana, mhéadaigh onnmhairí 11% nó €1.2bn, ar díol suntais iad, ar fhigiúr na bliana roimhe sin. Tá sé seo ar na figiúirí céatadáin agus ar an dearbhfhás is mó a thaifead an tionscal riamh thar thréimhse 12 mí, agus thug iomlán onnmhairí bia agus di na hÉireann go dtí €12.5bn den chéad uair riamh. Ciallaíonn sé seo, ag tógáil ar an bhfás carnach a baineadh amach ó 2010, go raibh méadú 60% ar luach onnmhairí, ar fiú thart ar €4.6bn é ag an tionscal ó thús na ndeich mbliana.

Spéisiúil go leor, fágann sé seo freisin gur sháraigh an tionscal go héasca, trí bliana sula raibh sé tuartha, an tairseach €12bn a leag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara síos nuair a d'fhoilsigh sí a doiciméad straitéise Fómhar Bia 2020 ag tús na ndeich mbliana. Cé go bhfuil na figiúirí seo suntasach astu féin, is fiú a thabhairt ar aird an bealach inar dáileadh an fás seo níos cothroime ar fud ár bpríomh-mhargaí. Is treocht í an t-éagsúlú a mbeadh fáilte roimhe uair ar bith, ach go háirithe i gcomhthéacs an Bhreatimeachta, agus an neamhchinnteacht a fhágann imeacht na RA as an AE atá ar na bacáin.

Agus é sin tugtha ar aird, agus ag tagairt don díospóireacht fhorleathan ar an mBreatimeacht, is féidir go bhfuil sé íorónta go leor go dtaifeadann figiúirí 2017 an fheidhmíocht is fearr riamh ag tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann sa Ríocht Aontaithe. B'ionann fás láidir 8.5% i rith na bliana agus €4.5bn maith i ndíolacháin onnmhairí. Baineadh an fheidhmíocht seo amach i gcomhthéacs dímheasa marthanaigh i luach steirling ó 2016 – rud a mbeidh cuimhne air a chuir go díreach le titim ar luachanna onnmhairí an bhliain roimhe – rud as an ngnáth. Ach fás a bhí ann a tháinig le titim i dtéarmaí céatadánacha, athchothromú atá ag teacht go mór le Straitéis Éagsúlachta Mhargaidh Bhord Bia. Dá thoradh, is ionann an RA anois agus 36% d'onnmhairí, titim dhá phointe céatadáin ó 2016.



“Chuir rathúlachtaí a bhí ag onnmhaireoirí maidir le éagsúlacht mhargaí le athchothromú leanúnach ar cuireadh fáilte roimhe sa sciar margaidh idir an RA, an chuid eile den AE agus margaí idirnáisiúnta. 36%, 32% agus 32% faoi seach atá ann anois.

*Grianghraf ag an mbarr*
*Sa phictiúr: Dan MacSweeney, Cathaoirleach*

Cuireann an tiomáint i leith éagsúlachta buntaca faoi chuid mhór dá ndéanann Bord Bia ó thaobh a gclár agus a ngníomhaíochtaí agus cuirfidh tuarascáil an CEO níos mó mionsonraí gráinneacha ar fáil ar na bealaí ina bhfuil tacaíocht á thabhairt don phróiseas trí phleanáil agus seachadadh straitéiseach. Is é an rud is tábhachtaí sa deireadh ná an chaoi ina théann na gníomhartha sin i gcionn ar fhás agus ar fheidhmíocht onnmhairí iarmhír agus caithfear glacadh leis go léiríonn figiúirí 2017 gur seachadadh go láidir air seo, agus neart le tógáil as feidhmíocht an tionscail ar mhargaí idirnáisiúnta agus mhór-roinn na hEorpa ar féidir a bheith an-dearfach faoi.  D'ardaigh onnmhairí go dtí mórthír an AE go sonrach go dtí €4bn, ardú suntasach ar fhigiúirí na bliana roimhe. Bhí feidhmíocht den scoth ag earnáil déiríochta na hÉireann lárnach do chuid mhór den fhás seo, é le feiceáil anseo agus i margaí eile, Mhéadaigh onnmhairí déiríochta go dtí margaí mhórthír an AE de bhreis ar 40%, agus is fiú luach €1.2bn anois iad in iomlán. Bhí an fheidhmíocht is láidre sna margaí is mó a bhfuil eolas ag onnmhaireoirí Éireannacha orthu, ina measc an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Bheilg. Ní raibh buacacht onnmhairí earnáil eisiach agus taifeadadh treochtaí in airde freisin san AE in earnálacha ar nós bia mara agus muiceoil, feidhmíocht mhaith freisin ag deochanna agus bianna ullmhaithe.

Lasmuigh den AE is áit é an margadh idirnáisiúnta a chuimsíonn réigiúin leathana, éagsúla agus casta go minic. Laistigh de tá roinnt spriocmhargaí a aithníodh go háirithe atá suntasach d'fhás sa todhchaí agus d'fhorbairt na hearnála bia agus di in iomlán. I bhforbairt an scéil seo caithfear breathnú ar 2017 mar bhliain thar a bheith dearfach mar gur mhéadaigh onnmhairí bia agus dí na hÉireann de 17%, agus tá luach €4bn anois orthu. Bhí an earnáil déiríochta chun cinn arís agus is ionann anois é agus thart ar 45% de na díolacháin uile go dtí margaí idirnáisiúnta, Meiriceá Thuaidh, an Afraic agus an Áise is mó atá i gceist sa bhfás seo. Bhí deochanna agus bianna ullmhaithe i gceist freisin, is ionann na deochanna anois agus beagnach aon chúigiú de na honnmhairí go léir chuig an chuid eile den domhan. Chruthaigh Meiriceá Thuaidh arís eile go raibh an-ghlacadh aici le tairiscintí deochanna na hÉireann. Go deimhin bliain as an ngnáth a bhí inti ar an iomlán d'onnmhaireoirí go dtí na SA áit ar fhág méadú 30% gur sáraíodh €1bn den chéad uair. Ar réigiúin eile a bhí freagrach as feidhmíochtaí láidre áirítear an Meánoirthear áit ar tháinig ardú 8% ar luachanna go dtí €400m tar éis titim i 2016. Feiniméan idirnáisiúnta go fírinneach a bhí sa bhfás, agus margaí chomh héagsúil leis an tSeapáin, na Filipíní, Gána, an Nigéir agus an Afraic Theas ag feidhmiú go maith. Ba sprioc thábhachtach i gcónaí í an tSín d'onnmhaireoirí, cé go raibh níos mó méaduithe incriminteacha ná i réigiúin eile. Tháinig ardú 5% ar luachanna onnmhairí anuas ar éileamh láidir do dhéiríocht agus do mhuiceoil agus d'fhág gurbh fiú onnmhairí iomlána go dtí lárionad cumhachta na hÁise thart ar €700m. D'fhás Hong Cong ar ráta comhchosúil agus is fiú anois €180m in aghaidh na bliana é d'onnmhaireoirí bia agus dí na hÉireann.

## ULLMHÚCHÁIN DON BHREATIMEACHT

Mar ar tugadh ar aird thuas, chuir rathúlachtaí onnmhaireoirí thar éagsúlacht margaí le athchothromú leanúnach i sciar an mhargaidh idir an RA, an chuid eile den AE agus margaí idirnáisiúnta ar fáiltíodh roimhe. Is ionann anois iad agus 36%, 32% agus 32% faoi seach.

Lean imní faoi thionchar 'Breatimeacht crua' agus cuid mhór rudaí nach eol dúinn maidir le himeacht na RA i rith 2017. Mar fhreagra, lean Bord Bia ag dul chun cinn le hobair ar a fhreagra fíric-bhunaithe, an sprioc acu onnmhaireoirí a threalmhú leis na hacmhainní chun pleanáil le haghaidh riosca agus é a mhaolú chomh fada agus is féidir sna laethanta éiginnte seo. I rith 2017, rannchuidigh tionscnaimh mar Baraiméadar an Bhreatimeacht cuid mhór leis an leibhéal ullmhachta a bhí ag dul chun cinn i measc cuideachtaí Éireannacha. Cuireadh tús freisin le Staidéar Tosaíochta Margaidh chun deiseanna éagsúlachta margaidh ionchasacha a aithint, thar earnálacha, i margaí idirnáisiúnta. Mar aitheantas ar íogaireacht ar leith an tionscail bia, dí agus gairneoireachta don Bhreatimeacht, cheadaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara €6.7m de mhaoiniú breise do Bhord Bia. Úsáideadh an maoiniú seo le tionscadail spriocdhírithe a sheachadadh a thugann aghaidh ar dhúshláin mhargaidh atá cruthaithe ag an mBreatimeacht.

Caithfear a rá nach bhfuil an próiseas seo agus na tionscnaimh seo ag teacht i dtír ar éilimh agus ar dheiseanna leanúnacha laistigh den RA. Tacaíonn Bord Bia le rathúlacht onnmhaireoirí Éireannacha sa mhargadh seo agus leanfaidh sé air ag cur nádúr an-láidir na tairisceana Éireannaí chun cinn i measc custaiméirí agus tomhaltóirí na RA.

## AN COMHTHÉACS IDIRNÁISIÚNTA

Cé gurb é an Breatimeacht an imní phráinneach ba mhó do thionscal bia agus dí na hÉireann i 2017, ba chúinsí tábhachtacha iad freisin treo todhchaí na trádála domhanda,

go háirithe i gcomhthéacs rialtas nua an Uachtaráin Trump sna SA; an leasú beartaithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CAP) agus an Comhbheartas Iascaigh (CFP) agus dul chun cinn an chomhaontú trádála le Mercosur.

Lean pléití ar threo an CAP tar éis 2020 i 2017, treo reatha na bpléití ag tabhairt le fios go mbeidh freagracht níos mó ar Bhallstáit coinníollacha agus riachtanais náisiúnta a chomhlíonadh. Tháinig tionchar an Bhreatimeachta ar CFP na hEorpa chun cinn mar shaincheist a bhfuil súil go mbeidh soiléireacht níos mó ina thaobh in 2018, agus lean an dul chun cinn ar shocrú trádála idir an AE agus Mercosur, imní idirbheartaithe na hÉireann maidir leis an bhféidearthacht rochtain mhéadaithe don mhairteoil do thíortha Mheiriceá Laidinigh chuig an AE fós gan réiteach.

Bhí innéacs praghas bia domhanda FAO 174.6 ar an meán i 2017, ardú ó 161.5 i 2016 ach fós cuid suntasach níos lú ná an bhuaic i 2011. Chonaic feoil agus déiríocht, an dá earnáil is ábhartha d'onnmhaireoirí Éireannacha, na harduithe bliantúla is suntasaí, ardú ó 156.2 go 170.2 agus 153.8 go 202.2 faoi seach. Ag breathnú rompu amach thuar an OECD moilliú ar na rátaí fáis i dtráchtearraí bia, ach amháin an déiríocht úr, atá réidh le méadú, dar leo, mar fhreagra ar éileamh ó thíortha atá i mbéal forbartha.

Tháinig méadú ar luachanna ola freisin i rith na bliana go dtí $53 ar an meán ó $43 i 2016. Tá an Banc Domhanda ag tuar go leanfaidh tráchtearraí fuinnimh ag ardú sa ghearrthéarma.

I gcodarsnacht le steirling lag, neartaigh an dollar den chuid is mó maidir leis an euro i rith na bliana, ábhar suntais d'onnmhaireoirí thar margaí idirnáisiúnta. Ina choinne sin lagaigh Yuan na Síne ag dul i gcionn ar iomaíochas onnmhairí Éireannacha ansin.

Ba bhliain láidir ó thaobh na eacnamaíochta í d'Éirinn agus don AE, é measta ag an gCoimisiún Eorpach go raibh ardú 7.3% ar fhás eacnamaíoch na hÉireann do 2017, an ceann is airde san Aontas Eorpach, agus leathnaigh GDP an limistéir euro 2.5%, an fheidhmíocht is fearr aige ó 2007. Bhí an t-ardú ar fhás domhanda a raibh coinne ag an IMA leis go luath i 2017 ar an mbóthar ceart den chuid is mó, é measta go mbeadh ardú 3.5% ar aschur domhanda i 2017. Tháinig Éire sa séú háit sa rangú iomaíoch domhanda ag an Ionad Iomaíochais Domhanda IMD lonnaithe san Eilvéis, ach thit áit amháin go 24 as 137 tír in Innéacs Iomaíochais Domhanda de chuid an Fhóraim Eacnamaíoch Domhanda.

## STRAITÉIS

Treoraíodh gníomhaíochtaí agus cláir Bhord Bia i 2017 ag Difear an Domhain a Dhéanamh, Ráiteas Straitéise 2016-2018, creat de chúig cholún straitéiseacha a chruthaigh láidir agus solúbtha ina seirbhís don tionscal i rith na bliana.

Is iad seo na cúig cholún:

1. Curtha ar an eolas ag léargas tomhaltóra.
2. Á chumasú ag daoine fiúntacha, tallann agus bonneagar.
3. Buntaca aige ó Origin Green.
4. Bainte amach trí bhealaí éifeachtacha go dtí an margadh agus tiontú gnó.
5. Tacaíocht aige ó chumarsáidí láidre branda san aois dhigiteach.

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach cur síos gearr ina ráiteas siúd ar na bealaí ar leith inar chuir na colúin seo an comhthéacs do ghníomhaíochtaí Bhord Bia ar fáil i 2017.


Leanann doiciméad straitéise na Roinne Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Food Wise 2025 a foilsíodh i 2015, ag cur buntaca straitéiseach ar fáil don fhás in earnáil agraibhia na hÉireann. Féadtar breathnú ar fhigiúirí onnmhairí 2017 mar an tionscal curtha go diongbháilte ar an mbóthar ceart chun feidhmíocht onnmhairí mheasta de €19bn a chur ar fáil faoi 2025, agus chun 23,000 post nua breise a chur ar fáil sa phróiseas.

## ORIGIN GREEN

Cúig bliana ó seoladh clár inbhuanaitheachta Origin Green, ghlac Bord Bia an chéim shuntasach i 2017 chun feasacht a spreagadh go díreach i measc feirmeoirí agus tomhaltóirí na hÉireann. Bhí sé tráthúil agus cuí ag cur forbairt thapa an chláir san áireamh go dtí an pointe ina bhfuil 90% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann, 51,571 feirmeoir mairteola agus uaineola agus 15,820 feirmeoir déiríochta ina mbaill anois d'Origin Green. Is rannpháirtithe gníomhacha freisin iad mórghníomhaithe seirbhíse bia agus miondíola, agus earnálacha eile ag ullmhú chun dul isteach le Origin Green, is gearr anois go mbeidh an cumas ann chun feabhsúcháin intomhaiste sa bhfeidhmíocht timpeallachta a chur i gcroílár gach earnáil de thionscal bia agus dí na hÉireann



Cúig bliana ó seoladh clár inbhuanaitheachta Origin Green, ghlac Bord Bia an chéim shuntasach i 2017 chun feasacht a spreagadh go díreach i measc feirmeoirí agus tomhaltóirí na hÉireann.



## CONCLÚID

Mar thionscal i gcroílár shaol na hÉireann, ó thaobh na heacnamaíochta agus an chultúir araon, is cineál ceann feadhna é feidhmíocht onnmhairí bia agus dí do neart agus folláine gheilleagar na hÉireann go ginearálta. Mar a tharlaíonn i ngach earnáil onnmhairí, fágtar an tionscal go minic gan aon chosaint ag cúinsí nach bhfuil faoin smacht díreach. Agus é san áireamh, ag tús na bliana, go bhféadfadh go mbeadh drochthionchar a bheith ag cuid mhór de na cúinsí seo, d'fhéadfaí cur síos réasúnta a thabhairt ar 2017 mar bhliain inar tugadh dúshláin a raibh á thuar agus inar bunaíodh físeanna nua d'onnmhaireoirí na hÉireann.

Bhain onnmhaireoirí rathúlacht amach go cothrom i margaí a raibh an-eolas acu orthu agus i gcuid a gceapfaí bheith thar a n-acmhainn le fíordhéanaí. Bhain a ngaisce ní hamháin le fás sna margaí seo ach é a dhéanamh i gcomhréir a bhí gan réamhshampla i gcásanna áirithe. An déiríocht is fearr a d'fheidhmigh ina leith seo, ach bhí cuid mhaith scéalta dearfacha in earnálacha eile freisin. Ní fhéadfadh amhras a bheith ar aon duine go bhfuil an diongbháilteacht agus na tacair sainscileanna a theastaíonn chun lorg idirnáisiúnta thionscal bia na h Éireann a fhorbairt, le feiceáil níos mó anois ná riamh roimhe seo agus go bhfuil na sochair á mbreith leo.

Ní shin le rá gur féidir nó gur chóir glacadh go héasca le buntuiscint éasca faoi ionchais todhchaí láithreacha an tionscail. Tá na cúinsí a bhí lasmuigh de rialú ár dtionscail i 2017, ina measc luaineachtaí soláthair domhanda, meon eacnamaíochta agus luaineacht sa ráta malairte, ann i gcónaí i 2018.

Ina dhiaidh sin áfach tá an teachtaireacht seanbhunaithe go bhfuil tiomantas na hÉireann do chaighdeáin bia den scoth, agus trí Origin Green, do chur chuige intomhaiste don inbhuanaitheacht, á fógairt go daingean trí fheidhmíocht an tionscail i mbliana.

Tá Bord Bia mórtasach as an ról atá aige ag tacú les an tionscal agus é ag freagairt do dheiseanna atá ag teacht chun cinn agus tá sé ag súil le leanúint lena ról mar ghníomhaire an dul chun cinn, an léargais agus fás don tionscal bia agus dí ina iomlán.

Mar chomhpháirtí dílis don tionscal agus do thomhaltóirí, is onóir é go n-aithnítear sinn ar na heagraíochtaí is mó clú in Éirinn dar le staidéar bliantúil RepTrak® 2017.

Mar fhocal scoir, agus mar Chathaoirleach ar Bhord Bia, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhghleacaithe, le comrádaithe agus le cairde, buíochas atá tuillte go maith acu. Ar dtús is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl faoi rannchuidiú an té a tháinig romham, Michael Carey. Agus é ina Chathaoirleach ar feadh breis agus sé bliana, chuir sé cuma éasca ar an rud eisceachtúil agus a scileanna thar na bearta in úsáid chun seirbhíse an tionscail bia agus dí tráth a raibh ceannaireacht riachtanach. Ní fhéadfadh curadh níos fearr a bheith ag an tionscal agus é ag déanamh a bhealach i rith tréimhsí neamhchinnte agus corracha. Guím gach rath ar Michael sa todhchaí agus tá mé ag súil le tuilleadh rannchuidithe uaidh don tionscal i réimsí eile.

Agus an onóir mhór tugtha dom fónamh don tionscal bia, dí agus gairneoireachta trí ról an Chathaoirligh, tá mé ag súil le bheith ag obair le mo chomhchomhaltaí boird agus le foireann Bhord Bia ar bhealaí a bhíonn oscailte, cuiditheach, tacúil agus dearfach i gcónaí. Sa tréimhse ghairid atá caite agam sa phost go dtí seo, tá tairbhe mhór bainte agam cheana ó threoir agus ó thacaíocht an Bhoird agus comhaltaí na gcúig Fhobhoird. Tá mé ag tnúth le cur leis an tús dearfach seo.

Mar Chathaoirleach, tá áthas orm an deis a bheith agam oibriú go dlúth leis an bPríomhfheidhmeannach Tara McCarthy, a gcuireann a fís d'Éirinn mar imreoir láidir muiníneach laistigh den tionscal bia domhanda, buntaca leis an tiomáint agus an fuinneamh a stiúrann Bord Bia. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil léi as ucht na tacaíochta a thug sí dom go dtí seo.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil les an Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Michael Creed, TD, agus leis an Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Andrew Doyle, TD, a léirigh tiomantas daingean don tionscal i rith 2017 agus a thacaigh go géar le riachtanais onnmhaireoirí bia agus di na hÉireann ag a lán leibhéal. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Aire agus lena Roinn as ucht maoiniú breise tábhachtach a sholáthar a chuir ar chumas Bord Bia tabhairt faoi roinnt mhaith tionscadal nuálaíochta i 2017, a chuidigh chun ullmhacht ár dtionscail don Bhreatimeacht a chur chun cinn.

Ar an dul céanna gabhaim buíochas freisin leis an Ard-Rúnaí Aidan O'Driscoll agus le foireann na Roinne. Tá neart an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta idir an Roinn agus Bord Bia le brath agus sinn ag obair le chéile. Caithfear obair na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a mholadh go hard ina leith seo. Gabhaimid buíochas leo as an tacaíocht a chuireann said ar fáil agus doirsí á n-oscailt don tionscal bia agus dí mórthimpeall an domhain, agus as cuidiú linn dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar shaincheisteanna trádála.

I 2017, mar a tharla sna blianta roimhe sin agus é in oifig, ba phátrún é a Shoilse, Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins arís ar Bloom, agus gabhaimid buíochas leis as ucht a thacaíochta chun go mbeadh an fhéile ar cheann de na himeachtaí is mó le rá ar fhéilire sóisialta na hÉireann.

Agus béim níos mó agus níos mó ar chomhoibriú le comheagraíochtaí stáit thar raon tionscnamh agus clár le blianta beaga anuas, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Fiontraíocht Éireann, Teagasc, Bord Iascaigh Mhara agus leis an OPW as a dtacaíocht agus a gcomhpháirtíocht sheasmhach. Is eagraíocht í Bord Bia a bhfuil próifíl náisiúnta agus idirnáisiúnta aige, agus déanann a dhícheall barrfheabhas a bhaint amach i ngach a dhéanann sé. Ní fhéadfaí seo a dhéanamh gan pearsanra den scoth. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an ngrúpa ardtallainne agus uaillmhianach a chuimsíonn Bord Bia agus a bhfuil a n-obair laethúil lárnach i gcáil a láidreachtaí seasmhacha agus déanta na fírinne, ar iad a acmhainn is mó.

Thaifead onnmhairí bia agus di na hÉireann buaicphointe i 2017 agus rinneadh é seo ar bhealaí a bhí iontach ar uairibh. In aistear iomlán an tionscail creidim go mbeidh an bhliain ina gcloch chora thábhachtach, go háirithe toisc go suíonn sé sinn chun seachadadh go láidir ar spriocanna uaillmhianacha Food Wise 2025.

Tá fianaise mhaith ar chumas tionscal bia agus dí na hÉireann freagairt do dhúshlán ó thus na ndeich mbliana seo. Cuireann 2017 leis an bpictiúr sa mhéid cé go bhfuil dúshláin agus neamhchinnteacht ann i gcónaí, tá an láidreacht agus na hacmhainní ag an tionscal chun a móiminteam féin a chothú agus cosán fáis agus dul chun cinn a leanúint. Tá Bord Bia ag tnúth le hoibriú leis an tionscal seo agus leis na mílte daoine atá infheistithe ina thodhchaí sa bhliain atá romhainn agus sinn ag seachadadh i gcónaí ar a acmhainneacht agus a ghealladh.

**Dan MacSweeney**

Cathaoirleach

Is féidir tuilleadh eolais agus cothrom le dáta maidir le gníomhaíochtaí Bhord Bia a fháil ar **www.bordbia.ie** nó trí sinn a leanúint ar líne ar **www.facebook.com/bordbia** nó ar **Twitter@bordbia**

# **ATHBHREITHNIÚ** AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

## Tar éis dóibh gradam a bheith acu le fada mar ár dtionscal dúchasach domhanda, léirigh onnmhaireoirí bia agus dí na hÉireann i 2017 gur féidir an aimsiú domhanda fadsheasmhach seo a chomhoiriúnú le fuinneamh agus díocas athnuaite.

Ba bhliain í ina raibh feidhmíocht dhiongbháilte ar fud an tionscail, agus torthaí sármhaitheasa in earnálacha áirithe, a d'fhág go raibh scéal 2017 ar cheann inar tháinig margaí ar fud na cruinne i gceist mar dheiseanna fadtéarmacha, dáiríre do thairiscintí bia agus dí na hÉireann. I dtimpeallacht atá faoi scáth ag neamhchinnteacht an Bhreatimeachta, bhí an fheidhmíocht sin níos iontaí fós mar gheall ar an nglór muiníneach agus ceannasach a bhí aige i margaí seanbhunaithe agus margaí i mbéal forbartha araon.

Ba ghné de gheilleagar na hÉireann é fás incriminteach ar onnmhairí bia agus di ó 2010, ach fiú sa chomhthéacs seo ní mór feidhmíocht 2017 a mheas mar fheidhmíocht shuntasach amach agus amach. Léiríonn méadú céatadánach 11%, ar ionann é agus leathnú €1.2bn, an fás bliantúil is suntasaí a baineadh amach an chéad seo go dtí seo, a thugann luach comhchoiteann onnmhairí go €12.5bn. Cé gur chuidigh ailínithe dearfacha soláthair agus éileamh ag leibhéal tráchtearra agus trádáil domhanda leis an bhfás a thiomáin an fheidhmíocht seo i roinnt mhaith cásanna, ba thoradh freisin é ar athruithe doimhne in éileamh agus in iompair tomhaltóirí, a bhfuil cuma ar chuid mhaith acu go leanfaidh siad go fadtéarmach. Is treochtaí iad seo, ba choir a thabhairt ar aird, a raibh coinne leo agus a aithníodh trí obair fhadsheasmhach Bhord Bia i dtaighde agus léargas domhanda tomhaltóra, réimse a dtugtar tosaíocht dó i dtacaíocht Bhord Bia don tionscal.

**Aimsiú onnmhairí**
**€12.5bn**

Chuidigh an tiomantas leanúnach d'éifeachtúlacht agus iomaíochas le feidhmíochtaí onnmhairí freisin ar shaintréith den tairiscint Éireannach é i rith na ndeich mbliana seo. I gcomhthéacs an dímheasa suntasaigh agus marthanaigh ar steirling ó 2016, is mór an chreidiúint d'onnmhaireoirí Éireannacha go háirithe gur mhéadaigh soláthairtí go dtí margadh na RA ag leibhéil ní amháin a chuir meath na bliana roimhe ina cheart ach a bhunaigh an churiarracht trádála ab fhearr riamh.

### ANAILÍS EARNÁLACH

Ba é príomhscéal 2017 gan amhras an fás a raibh borradh faoi sa chatagóir onnmhairí is mó de chuid na hÉireann, an déiríocht. Ar an iomlán d'ardaigh luach déiríochta agus comhábhair go €4bn, méadú 19% ar fhigiúr 2016. Is príomhcheannscríbe i gcónaí é an RA don déiríocht, a ghlacann beagnach an ceathrú cuid den trádáil seo. B'ionann margaí an AE agus 31% agus margaí idirnáisiúnta 45%. Cé gur choinnigh sciar an tsainphúdair chothaithigh a stádas mar onnmhairí déiríochta na hÉireann den scoth, arbh fhiú €1.3bn é i 2017, ba é an t-im a bhain barr feabhais amach le méadú gan fasach de 60% ar onnmhairí i rith na bliana arbh fhiú €900m a luach, tiomáinte ag éileamh tomhaltóra athnuaite ar im agus praghsanna buacacha tógtha ar an stádas préimhe atá ag aschur na hÉireann. Léiríodh scéal an téarnaimh onnmhairí go dtí an RA freisin tar éis dúshláin 2016, i bhfeidhmíocht cháise, a d'ardaigh 22% ina luach go €848m. Ní dóigh, le fás ag leibhéil chéatadánacha dá leithéid don dá chatagóir, go dtarlóidh sé arís ar bhonn rialta ach is léir gur treocht inbhuanaithe a bheidh i rogha láidir tomhaltóra do tháirgí a bhfuil Éire go maith ábalta iad a sheachadadh.

Ba bhliain dhearfach freisin í do phríomhchatagóir onnmhairí eile na hÉireann, feoil agus beostoc. D'ardaigh fás láidir de 8% luachanna go dtí €3.9bn, aisiompú ar mheath a bhí ann i 2016, agus tiomáinte go háirithe ag taispeántas láidir sa RA arbh ionann é agus thart ar 50% d'onnmhairí feola. Ar an iomlán is ionann anois feoil agus beostoc agus thart ar 32% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann, agus an mhairteoil a raibh méadú de 6% ar a luach, arbh ionann é agus €2.4bn suntasach den méid seo. Bhí bliain mhaith ag trádáil onnmhairí beostoic freisin, méadú ar a luach de 20% go €175m. Thaifead onnmhairí muiceola éileamh láidir feabhsaithe, le méadú de 8% a d'ardaigh luachanna go €792m. Is é an RA an margadh is tábhachtaí go mór fada i gcónaí é, a ghlacann le 56% d'onnmhairí, agus an tSín ina dhiaidh sin ag 13%.

Bhí fás láidir freisin sa chaoireoil áit ar fhág méadú de 12% go €312m, an Fhrainc agus an RA deimhnithe mar dhá phríomh-margadh na hearnála. Bhí méadú níos measartha de 2% go €294m ag onnmhairí éanlaith chlóis.

Is é an RA an príomh-mhargadh i gcónaí do bhianna tomhaltóra ullmhaithe ar ionann iad agus 62% de sciar an mhargaidh onnmhairithe, figiúr a neartaíodh ag fás de 7% i 2017 le beagnach €1.8bn a bhaint amach. Bhí roinnt titime ar mhilseogra agus ar bhrioscaí bunaithe ar sheacláid. Thaifead onnmhairí bianna ullmhaithe, catagóir ar leith ó bhianna tomhaltóra ullmhaithe, ardú mór go maith de 7% go €2.1bn, á dtiomáint ag éileamh láidir ar phúdair shaibhrithe bunaithe ar déiríocht.

D'fhan margadh onnmhairí deochanna na hÉireann láidir i gcónaí agus bhí bunús láidir ag méadú measta de 5% go thart ar €1.5bn i bhfás 20% ar uisce beatha go dtí c.€600m, agus bhí borradh éigin i licéir uachtair, ag ardú de 10% le gur fiú breis agus €300 iad. Téann an cheathrú chuid de dhíolacháin deochanna uile go dtí an RA, agus is iad margaí AE eile faoi ndear 22% d'onnmhairí. Bhí méadú de 10% ar dhíolacháin ar mhargaí idirnáisiúnta, Meiriceá Thuaidh, an Afraic agus an Rúis chun tosaigh.

Ba bhliain d'fhás digiteach dúbailte freisin é d'onnmhairí bia mara, méadú de 10% san earnáil le luach €612m a bhaint amach. Lean príomh-mhargaí an AE orthu, an Fhrainc, an Spáinn, an RA, an Iodáil agus an Ghearmáin, ag feidhmiú go láidir agus thaifead margaí idirnáisiúnta i réigiúin chomh héagsúil leis an Afraic agus an Áise, éileamh maith freisin.

Bhí bliain cothrom ar an iomlán ag an ngairneoireacht inite agus onnmhairí de 232m ag teacht le feidhmíocht 2016 den chuid is mó. Agus ceannas ag margadh na RA air, chruthaigh an earnáil seo thar a bheith íogaireach do luaineacht airgid an euro le steirling.

## MAKING A WORLD OF DIFFERENCE

Shroich doiciméad straitéise trí bliana Bhord Bia, Difear an Domhain a Dhéanamh, Ráiteas Straitéise 2016-2018, a mheánphointe i rith 2017. Leagan an doiciméad straitéise amach cúig cholún straitéiseacha lena n-ailínítear gníomhaíochtaí agus cláir na heagraíochta. Is iad seo:

1. Curtha ar an eolas ag léargas tomhaltóra.
2. Á chumasú ag daoine fiúntacha, tallann agus bonneagar.
3. Buntaca aige ó Origin Green.
4. Bainte amach trí bhealaí éifeachtacha go dtí an margadh agus tiontú gnó.
5. Tacaíocht aige ó chumarsáidí láidre branda san aois dhigiteach.

Trí na chúig cholún seo, tugann Bord Bia éifeacht phraiticiúil dá thiomantas cuidiú leis an tionscal aghaidh a thabhairt ar na trí fhórsa ar leith agus idirnasctha a mhúnlaíonn a dtodhchaí: macraidhinimicí, agus go háirithe na cúinsí timpeallachta agus eacnamaíocha a athmhúnlaíonn an domhan; treochtaí tomhaltóra, go háirithe na hathruithe sin i meon agus iompar a chruthaíonn deiseanna nua; agus comhlínte bia, na bealaí athraitheacha ina ndéantar bia a fhoinsiú, a tháirgeadh agus a chaitheamh.

Agus feasacht an tionscail á dhoimhniú ar phatrúin atá ag athrú maidir le éileamh domhanda, ídiú agus táirgeadh, cuireann an straitéis béim mhór ar thacú le láidreachtaí uathúla na hÉireann i dtáirgeadh bia agus lena teachtaireacht láidir ar inbhuanaitheacht a chur in iúl.

Sa chomhthéacs seo, is fiú a rá arís, cé gur tháinig toradh an reifrinn a thugann éifeacht don Bhreatimeacht tar éis seoladh na straitéise, Difear an Domhain a Dhéanamh, níor athraigh sé fócas lárnach na straitéise, ach thug dúshlán dúinn machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr ar féidir linn é a sheachadadh i dtimpeallacht atá athruithe.

Fuair an ath-thosaíocht seo ar acmhainní agus, i gcásanna áirithe, forbairt chlár agus sruthanna oibre iomlán nua, spreagadh suntasach a bhuíochas do sholáthar maoiniú breise de luach €6.7m i 2017 ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. In iomlán, cuireadh tús le thart ar 27 dtionscadal a bhí lonnaithe den chuid is mó faoi cholúin straitéiseacha Léargas Tomhaltóra; Origin Green; agus Bealaí chuig an margadh, nó géaraíodh go mór orthu de thoradh an mhaoinithe. Chomh maith leis seo rannchuidigh an maoiniú go díreach le forbairt dhá thionscnamh suntasacha i 2017, Tosaíochtaí Margaí: Deiseanna don Fhás agus an MSc i Nuálaíocht Dearaidh (Bia). Tá mionsonraí ar fáil thíos ar na tionscnaimh seo mar aon leis na príomhghníomhaíochtaí go léir atá á ndéanamh faoi gach ceann de na colúin.

# COLÚN STRAITÉISEACH 1: CURTHA AR AN EOLAS AG LÉARGAS TOMHALTÓRA

*Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh*




## Léargas Tomhaltóra agus Nuálaíocht

Tá próiseas forbartha táirge nua (NPD) lárnach d'fhorbairt an chéad ghlúin eile saibhris do thionscal bia na hÉireann. Tá obair na foirne Léargas Tomhaltóra agus Nuálaíochta dírithe ar chostas agus riosca a bhaint ón bpróiseas nuálaíochta agus cuideachtaí Éireannacha a threalmhú leis na hacmhainní chun pleanála, seachadta agus ratha. I rith 2017, cuireadh éagsúlacht mhór tionscnamh agus cláir thaighde chun cinn, an bealach á réiteach do rath thodhchaí trí bhailiú eolais, straitéis, agus forbairt táirge agus brandála. Ar an iomlán d'oibrigh an fhoireann Léargas Tomhaltóra agus Nuálaíochta le 88 cuideachta thar thionscadail aonair nuálaíochta, straitéise agus brandála i rith na bliana.

## The Thinking House

Mar lárionad do chuideachtaí Éireannacha chun dul i ngleic le NPD agus nuálaíocht, chomhlíon The Thinking House na hionchais arda a bhí ann tráth a oscailte i 2016. Cuireann an Thinking House mol nuálaíochta lárnach ar fáil do chuideachtaí bia agus dí na hÉireann agus rochtain ar raon acmhainní chun smaointeoireacht nua a chothú agus tacaíocht a thabhairt do chinnteoireacht bunaithe ar fhianaise maidir le cruthú branda agus forbairt. Anuas ar an obair chun fuinneamh a chur i bpróiseas NPA agus a chostas a laghdú, d'fhág ról an Thinking House mar ionad cruinnithe gur reáchtáladh cuid mhór imeachtaí eolais agus scaipthe ann i rith 2017.

## Treochtaí Stíl Mhaireachtála Tómhaltóra

Tá an Clár seo tar éis teacht chun a bheith ina phríomhacmhainn do chuideachtaí bia agus dí agus athruithe in iompar tomhaltóra á aithint a chuireann bonn faoi dheiseanna fáis nua. Gach trí bliana, labhraíonn Bord Bia le 28,000 tomhaltóir i 24 margadh chun an bonn taighde a chur ar fáil d'uasghrádú ar threochtaí. Agus an chéad leagan eile de Threochtaí Maireachtála Tomhaltóra le bheith ar fáil i 2018, roinn Bord Bia sé uasghrádú níos lú i 2017 ar gach ceann de na sé treocht reatha - saolta gnóthacha, sláinte agus folláine, taithí roinnte, cónaí freagrach, luach pearsanta cuardaitheoirí agus tóg go réidh é. Leag taighde Léargas Domhanda Bhord Ba béim ar thrí phríomhdheis do ghnólachtaí agus do bhrandaí chun móiminteam a chruthú le tomhaltóirí. Is iad sin 'Is iad na rudaí beaga'; 'Bí cruthaitheach'; agus 'Cuspóir dearfach'.

## PERIscope

Déanann PERIscope rianú ar dhearcadh tomhaltóra i leith bia, siopadóireacht agus cócaireacht. Bhí sé dírithe ar dtús ar mhargaí na hÉireann agus na RA, ach síneann an tionscnamh taighde ceannródaíoch seo ó Bhord Bia anois go dtí an Fhrainc, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Spáinn, na SA agus an tSín. Scaipeadh na torthaí is deireanaí ó PERIscope ar an tionscal i rith 2017, na sonraí nua ag cur ar chumas cuideachtaí cinntí eolasacha a dhéanamh faoi dheiseanna margaí áitiúla agus dearcthaí tomhaltóra a bhí ag forbairt.

## Misean an tSiopaera

Is staidéar é an Shopper Mission atá Ceaptha iompar siopaeirí a fhiosrú i gcatagóirí ar leith agus dá thoradh, deiseanna a aithint chun fás branda a thiomáint. I 2017, rinneadh taighde Misean Siopaera i gcúig chatagóir

lena n-áirítear píotsa úr agus reoite; leatháin mhilse, imeanna cnónna agus mil; béiltí agus anraithí fuaraithe réamhullmhaithe; agus feoil ghearrtha chócaráilte agus réamhphacáistithe. Scaipeadh an taighde seo ar an tionscal thar chúig lá léargais a tionóladh ag an Thinking House.

## Foresight4food

Bhí sruth oibre tionscadal leanúnach ag an bhfoireann Léargas Tomhaltóra agus Nuálaíochta i rith 2017, úsáid á baint as acmhainní inmheánacha agus gníomhaireachtaí speisialaithe seachtracha in Éirinn, sa RA, sa Spáinn, sa Ghearmáin, san Ísiltír agus sa Ghréig chun seirbhísí mar léargais chatagóra, tástálacha táirgí 'taste 'n tell', agus tionscadail léargais aonair.

## Fóram Branda

I rith 2017, lean an Fóram Branda ag cur fóram ar fáil do chuideachtaí bia agus dí na hÉireann chun foghlaim ón nuálaíocht, brandáil agus eispéiris straitéise, agus iad a roinnt. Chuir painéal iontach cainteoirí agus imeachtaí ceardlainne na rannpháirtithe i dteagmháil le saineolas náisiúnta agus idirnáisiúnta agus deiseanna líonraithe. Ar bhuaicphointí na bliana áirítear fócas ar bhriseadh brandála, agus straitéisí do chruthú brandaí rathúla a thugann dúshlán struchtúir mhargaidh reatha; ceardlann dearadh pacáiste dírithe ar threochtaí agus ar dheiseanna nua; agus ceardlann ar straitéis físe ag leagan béim ar ról méadaitheach na meán i margaíocht bia agus dí.

## SuperBrands

Cuidíonn SuperBrands le cuideachtaí níos lú fás agus teacht chun cinn in aghaidh iomaitheoirí níos mó. Tá aidhm trí chuid sa chlár: tuiscint níos fearr a thabhairt do chuideachtaí faoi céard is bun lena mbranda; dearadh a chur ar fáil is fearr a léiríonn bheith an bhranda; agus treoirlínte branda a chur ar fáil do ghníomhaíocht margaíochta todhchaí branda. I 2017, bhí 14 cuideachta rannpháirteach sa chlár SuperBrands.

**14 cuideachta rannpháirteach i SuperBrands**

## Brand Ireland

I 2010, rinne foireann Léargas agus Nuálaíochta Bhord Bia obair léargais chun aireachtálacha agus comhcheangail 'Brand Ireland' i margaí tosaíochta a mheas. Seacht mbliana inia dhiaidh sin rinneadh athbhreithniú mór agus breathnaíodh ar an obair seo an athuair.  Ar na margaí a bhí á mbreithniú do thaighde 2017 áiríodh an Ghearmáin, na SA, an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír, an tSín, an Meánoirthear, na Tíortha Nordacha agus an Eilvéis.

## Tacaíocht Bhranda

Is éard is Seiceáil Sláinte Bhranda ná suirbhé ar líne ar scála mór de shiopaeirí grósaera, ag síneadh thar raon leathan catagóirí agus é ceaptha eolas tábhachtach a bhailiú agus a anailísiú chun cuidiú le úinéirí branda Éireannacha a rathúlacht bhranda a thomhais agus a fheabhsú. I 2017, ghlac 60 branda páirt i Seiceáil Sláinte Bhranda thar 49 gcatagóir.

**60 branda páirteach i Seiceáil Sláinte Branda**

Tugadh faoin Saintionscadal um Brandáil Orgánach in 2017 agus bhí obair brandála Deep-Dive le cuideachtaí a roghnaíodh as na catagóirí buacacha i nDámhachtainí Bia Orgánach Bhord Bia mar chuid de sin.

## Bailíochtú agus leagan amach coincheapa

In 2017, thosaigh obair ar fhorbairt ardán féinseirbhíse nuálach a chumasóidh cuideachtaí smaointí táirgí nua a thástáil agus a atriail go tapa. Is í an sprioc feabhsúcháin incriminteacha tapa ar dhearadh táirge a éascú, bunaithe ar aiseolas tomhaltóra. Tá an tseirbhís ag an staid fhorbartha go fóill agus meastar go gcuimseoidh sé Éire, an RA, an Ghearmáin, na SA agus an tSín sa deireadh.

## Dámhachtainí Bia agus Dí

Reáchtáiltear na Dámhachtaini Bia agus Dí gach dhá bhliain faoi choimirce an Fhóraim Bhranda. Reáchtáladh dámhachtainí 2017 ag mórimeacht san RDS i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna, sárfheabhas brandála, onnmhairiú agus margaíocht na hÉireann ar taispeáint. Is iad seo buaiteoirí 2017:

- **Dámhachtain Brandála:** Diageo, faoi Baileys a athshuíomh sa chatagóir 'só préimhe'.
- **Léargais Tomhaltóra:** Seacláidí Butlers faoina sármhaitheas i margaíocht a raibh an tomhaltóir lárnach ann ag tacú lena raon préimhe.

- **Margaíocht Dhigiteach:** The Happy Pear, faoi fheachtais dhigiteacha bharántúla a ghlacadh chucu a thiomáineann fás gnó.
- **Fiontraíocht:** Gallagher's Bakery, faoi thairiscint rathúil a fhorbairt sa mhargadh saor ó ghlútan.
- **Onnmhairí (Gnólachtaí Níos Lú – faoi 100m):** Silver Hill Foods, dá straitéis chun greim a fháil ar an margadh onnmhairí.
- **Onnmhairí (Gnólachtaí Níos Mó – breis agus €100m):** Kerry Foods, faoi fás onnmhairí an bhranda Cheestrings.
- **Nuálaíocht:** Pip & Pear, dá straitéis margaíochta do bhia naíonán, úr agus fuaraithe.
- **Inbhuanaitheacht:** Dawn Meats, faoi straitéis inbhuanaitheachta ardchaighdeáin a fhorbairt i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara.
- **Inbhuanaitheacht, Tionchar ar Thionscadal:** Monaghan Mushrooms, dá n-iarrachtaí inbhuanaitheachta a chuireann ar thus cadhnaíochta iad ina earnáil.

## Inspioráid

Tugadh clúdach nach beag do shraith nua tuairiscí Inspioráide Cócaireachta sna meáin náisiúnta chlóite agus chraolta i Lúnasa agus luadh a thátail i raon altanna bainteach le bia. Bhí roinnt turais inspioráide ann freisin i 2017 a bhí ceaptha rannpháirtithe a thumadh i margaí agus cultúir bia éagsúla. Cumasaíonn siad seo rannpháirtithe chun eolas a chur ar choincheapanna agus ar thimpeallachtaí a spreagann smaointe agus inspioráid. Ar na buaicphointe áirítear turais inspioráide bainteach le Baile Átha Cliath, Valencia agus Bologna.

## Taighde bunaidh

Leanadh le clár taighde úrnua i rith 2017 atá foilsithe ar láithreán gréasáin Bhord Bia agus áirítear ann:

- **Déiríocht:** Ag tógáil ar thaighde leathan a rinneadh cheana i gcatagóir déiríochta na Síne chríochnaigh an fhoireann Léargas Tomhaltóra agus Nuálaíochta staidéar dar teideal Todhchaí na Déiríochta sa tSín, é ceaptha nuálaíocht agus pleanáil straitéiseach a spreagadh sa phríomh-mhargadh seo. Rinne an fhoireann staidéar taighde eitneagrafach domhain ar thomhaltóirí sa Nigéir, Gána & san Afraic Theas.
- **Feoil:** Rinneadh tionscadal taighde cuimsitheach tomhaltóra chun úsáid uaineoil na hÉireann a thuiscint agus dearcthaí ina leith, agus clúdaíodh na SA, an Danmhairg, an tSualainn, an Eilvéis agus an Bheilg. Taighde ar chainéal miondíola na Gearmáine agus na hÍsiltíre; ar thomhaltóirí feola sa Pholainn, i bPoblacht na Seice, an tSlóvaic, an Rómáin agus an Ungáir; agus ar thomhaltóirí muiceola i margadh na Seapáine.
- **Margadh orgánach:** Tugadh faoi thionscadal chun pictiúr níos cruinne a fháil ar an luach iomlán agus próifíl na hearnála orgánaí in Éirinn, dearcthaí agus treochtaí tomhaltóra á meas freisin.
- **Cothú Spóirt:** Tugadh faoi mhór-athnuachan ar thaighde reatha Bhord Bia ar mhargadh cothaithe spóirt sna SA agus san Eoraip. Áirítear ar na torthaí measúnú straitéiseach ar an gcaoi a d'fhéadfadh an tionscal a fhorbairt faoi 2025.
- **Saor ó Ghlútan agus saor ó:** Chuaigh roinnt tionscadal fiosraithe margaí nua chun cinn don earnáil margaidh saor ó ghlútan i 2017, lena n-áirítear staidéar tomhaltóra ar an siopaeir saor ó ghlútan ar mhargadh na hÉireann agus ar an gcatagóir i margaí ardfháis mar an Eilvéis agus an Iodáil.
- **Gairneoireacht agus bia áitiúil:** Rinneadh taighde nua ar iompair tomhaltóra agus dearcthaí maidir le úlla, táirge úr agus garraíodóireacht i rith na bliana. Chinn athbhreithniú ar an stádas oibre sa tionscal gairneoireachta gur fhostaigh sé breis agus 6,600 ball foirne ag leibhéal gheata na feirme agus 11,000 eile i ngníomhaíochtaí breisluacha agus gníomhaíochtaí iartheachtacha.
- **Deochanna:** Cuireadh taighde a rinneadh i margaí fuisce na Fraince agus na Gearmáine i láthair lucht an tionscail ag an Thinking House i mí na Nollag.
- **Sliogéisc agus seilidí:** Rinneadh taighde chun cuidiú le forbairt straitéise cumarsáide do shliogéisc ar an margadh baile chun tacú le forbairt feachtais promóisin i 2018, agus fiosraíodh an deis do tháirgeoirí Éireannacha chun teacht i dtír ar an margadh domhanda do seilidí inite ar fiú €1bn iad.

## Think Digital

Is clár margaíochta digiteach é Think Digital a forbraíodh chun cuideachtaí bia agus dí a uas-scileáil i margaíocht dhigiteach. Cuireadh tús leis an gclár, a bhí oscailte do 80 cuideachta, i Márta agus chuimsigh sé 30 uair a chloig de léachtaí ar líne ar ábhair mar mhargaíocht chuardaigh, fógraíocht dhigiteach, margaíocht ar na meáin chumarsáide, anailísíocht agus straitéis, agus pleanáil.

# COLÚN STRAITÉISEACH 2: Á CHUMASÚ AG DAOINE FIÚNTACHA, TALANN AGUS BONNEAGAR

*Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh*

## Food Works

Tá an clár fiontraíochta Food Works dírithe ar ghnólachtaí nuathionscanta leis an acmhainn méadú go tapa de réir scála agus tionchar láidir idirnáisiúnta. Tá sé d'aidhm ag Food Works, á reáchtáil ag Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus Teagasc, smaointe nuálaíochta do tháirgí nua a chothú agus a spreagadh a shásaíonn fíor-riachtanas margaidh le linn bheith ag tabhairt tacaíochta d'fhás tionscal bia na hÉireann ar scála domhanda. Go luath i 2017 tháinig an cheathrú chlár Food Works chun críche le hocht gcuideachta réidh do staid an infheisteora.

In Iúil cuireadh tús leis an earcaíocht do Food Works 5, agus rannpháirtithe ag dul ar aghaidh go dtí próiseas 'an dianchampa' níos deireanaí sa bhliain. Sannadh comhairleoir gnó do gach rannpháirtí chun chuidiú an plean gnó réidh d'infheisteoir a fhorbairt.

Tá an clár Food Works Plus ceaptha tacú le líonrú leanúnach agus forbairt ghnó i measc alumni Food Works. Thug roinnt imeachtaí a tionóladh i rith na bliana tacaíocht leanúnach do ghéarú ar an bhfás. Rinneadh cúigiú cuimhneachán Food Works a cheiliúradh san Thinking House in imeacht a thug alumni, lucht tacaíochta agus páirtithe leasmhara le chéile.

## Oideachas

Tá cláir oideachais Bhord Bia dírithe ar an gcéad ghlúin eile de thálann feidhmeach a fhorbairt agus a choinneáil sa tionscail bia agus dí. I 2017, cuireadh síneadh leis an gclár le seoladh an MSc i Nuálaíocht Dearaidh (Bia). Á sheoladh ag ÓÉ Mhá Nuad, tugann an clár dhá bhliain seo aghaidh ar an mbearna scileanna i dtráchtálú na nuálaíochta. Anuas ar mhodúil acadúla, oibríonn rannpháirtithe in óstchuideachtaí ar thionscadail nuálaíochta ar feadh tréimhse 20 mí.

## MSc nua i Nuálaíocht Dearaidh

Seoladh Comhaltacht Margaíochta 2017/18 i Lúnasa le poist thráchtála thar 13 margadh onnmhairí. Fágann athrú ar struchtúr an chláir go méadaítear an t-am a chaitear sa mhargadh ó 12 go 18 mí, agus laghdaítear líon na dtasc in aghaidh an Chomhalta ó cheathrar go dtí triúr.

Sa Chlár Socrúchán Margaidh earcaítear suas le 10 céimí a bhfuil taithí acu chun oibriú ar fhoirne oibríochtaí príomhchustaiméirí. Ta fócas an chláir ar thionscadail ar an slabhra soláthair agus bainistiú cuntais. Cuireadh tús le clár 2017 sa bhfómhar, agus rannpháirtithe at tosú ar shocrúcháin oibre go luath i 2018.

## Tacaíochtaí do ghnólachtaí beaga

Mheall Lá Oscailte bliantúil Bhord Bia do Ghnólachtaí Beaga breis agus 150 toscaire in Eanáir. Bhí taispeántas de sheirbhísí tacaíochta do ghnólachtaí beaga ann ó Bhord Bia, mar aon le Teagasc, SFA, Oifigí Fiontraíochta Áitiúla, mar aon le léargas ar chláir idirghníomhaireachta mar Food Academy agus Food Works. Bhí taighde Bhord Bia ar dhearcthaí tomhaltóirí Éireannacha ar bhia áitiúil mar bhonn le pléití. Faomhadh deontais do 180 cuideachta faoi Chlár Cúnamh Margaíochta 2017 arbh fhiú €823,000 in iomlán iad. Tugadh faomhadh do mhaoiniú €180,000 do chúig chuideachta faoin gClár Step Change.

## Urraíocht ar imeachtaí in Éirinn

Thug Bord Bia faoi roinnt gníomhaíochtaí urraíochta i rith 2017 bainteach le himeachtaí in Éirinn le fócas náisiúnta, idirnáisiúnta, tomhaltóra agus tionscail. Áiríodh orthu seo:

- Cruinniú Mullaigh Domhanda Déiríochta IDF
- Aonach Bia Lios Tuathail
- Dámhachtainí Onnmhairí Chumann Onnmhaireoirí na hÉireann
- Comhdháil ar Thodhchaí i Food Ireland 2017 (Inbhuanaitheacht)
- 63ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Eolaíocht agus Teicneolaíocht Feola, Corcaigh
- Dámhachtain don Cheardaí is Fearr agus Ard-Seaimpín ag Dámhachtainí Bia Éireannach Náisiúnta de chuid Blas na hÉireann
- Bia ar an Imeall, Gaillimh
- Féile Liteartha Bia & Fíona Bhaile Uí Mhaolmhuaidh

## WeChat na Síne

D'óstaigh Bord Bia ceardlann idirghníomhach chun léargas a chur ar fáil do thart ar 30 onnmhaireoir bia agus dí na hÉireann ar phríomhaip teachtaireachtaí móibíleach na Síne, WeChat. Ceadaítear don úsáideoir ní hamháin cumarsáid a dhéanamh le cuideachtaí, ach ceannach go díreach uathu.

# COLÚN STRAITÉISEACH 3: TACÚ Ó ORIGIN GREEN

*Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh*

## Origin Green

Faoi dheireadh 2017, bhí breis agus 570 cuideachta tar éis clárú le Origin Green, ionadaíocht ag 272 díobh seo do bhreis agus 90% d'onnmhairí bia agus dí, baill iomlán fíoraithe. Ciallaíonn sé seo go bhfuil siad tiomanta d'íosmhéid sé sprioc inbhuanaitheacha faoi Chairt Origin Green agus go bhfuil a bpleananna inbhuanaitheachta fíoraithe ag iniúchóirí idirnáisiúnta, SGS. Déantar athbhreithniú ar a ndul chun cinn go bliantúil lena chinntiú go bhfuil dul chun cinn maith déanta agus a spriocanna á mbaint amach. Anuas ar tháirgeoirí agus ar phróiseálaithe tá sé bhall fíoraithe anois ag Origin Green ina chlár seirbhíse bia agus miondíola: Lidl Ireland, Musgraves, Sodexo Ireland, McDonalds Ireland, Compass Ireland agus HMS Host Ireland.

**272 ball iomlán fíoraithe ag Origin Green**

## Dearbhú Cáilíochta

Cuireann scéimeanna dearbhaithe cáilíochta Bhord Bia dearbhuithe creidiúnaithe ag ISO ar fáil do thomhaltóirí thar raon catagóirí bia. Is léiriú na hardleibhéil muiníne atá acu i measc tomhaltóirí ar thiomantas d'fheabhsúchán leantach agus dea-chleachtas sna caighdeáin a rialaíonn iad.

Seoladh an Scéim nua Uaineola agus Mairteola Inbhuanaithe (SBLAS) go luath i 2017, le tacú ó dheasc cabhrach a bhí ceaptha cuidiú le feirmeoirí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a thóg na hiniúchtaí. Bhí tóir láithreach ar an deasc cabhrach agus dhéileáil sé le thart ar 500 glaoch ar an meán in aghaidh na seachtaine. Ag deireadh 2017 bhí 51,571 ball ag SBLAS agus 15,820 ball ag SDAS.

**51,571 i SBLAS & 15,820 i SDAS**

Athraíodh an Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Uibheacha agus an Scéim Dearbhaithe Gairneoireachta go dtí an Scéim Dearbhaithe Uibheacha Inbhuanaithe agus an Scéim Dearbhaithe Gairneoireachta Inbhuanaithe faoi seach i rith na bliana.

## Q Mark

Tá ardmheas ag tomhaltóirí ar Q Mark Bhord Bia mar léiriú ar dhearbhú cáilíochta. Déanann cuideachtaí iarratas ar úsáid an Q Mark ar lipéid mhiondíola. I rith na bliana fuarthas thart ar 1,800 iarratas ó 100 cuideachta aonair maidir le húsáid an Q Mark.

## Sonraíocht cothú féarach na hÉireann

Thosaigh obair i 2017 ar riachtanais do bhunú sonraíochta cothú féarach na hÉireann agus leis an deis a iniúchadh chun cothú féarach déiríochta na hÉireann a chur ar an margadh. D'oibrigh Bord Bia go dlúth le Teagasc le measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an t-éileamh a thomhas agus bunús a thabhairt léi agus a spéis in áit an mhargaidh.

## Próiseas Fíoraithe USDA

I Meitheamh, d'fhaomh Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe (USDA) moladh Bhord Bia chun cáilíochtaí uathúla mhairteoil na hÉireann a fhógairt sna SA, agus séala formheasa USDA tugtha do roinnt éileamh maidir le mairteoil na hÉireann. Áirítear orthu seo: aiste bia le breis agus 80% féarach; ó fheirmeacha atá rannpháirteach i Scéim Inbhuanaitheachta Origin Green de chuid Bord Bia; rianaithe go hiomlán ón bhfeirm go dtí an bord; ó fheirmeacha dearbhaithe cáilíochta agus córais phróiseála; cothú féarach do bhreis agus 6 mhí sa bhliain; tógtha ar fheirmeacha teaghlaigh; gan úsáid hormóin fáis; agus cóirithe go freagrach le húsáid frithbheathaitheach. Tháinig an faomhadh tar éis trí bliana plé le USDA.



# COLÚN STRAITÉISEACH 4: BAINTE AMACH TRÍ BHEALAÍ ÉIFEACHTACHA GO DTÍ AN MARGADH AGUS TIONTÚ GNÓ

*Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh*

## Pleanáil don Bhreatimeacht

I rith 2017, bhí páirt láidir rannpháirteach ag Bord Bia i bhfóraim éagsúla de chuid Rialtas na hÉireann ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a tháinig as aistarraingt na RA ón AE atá ag teacht. Ba é sprioc an rannpháirteachais léargas a chur ar fáil don phróiseas ceapadh polasaí agus idirbheartaíochta, agus chun tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí tacaíochta do mhonaróirí bia agus dí na hÉireann. Lean Bord Bia freisin lena teagmháil dhlúth le hAmbasáid na hÉireann i Londain.

In iomlán, bhí 139 gcuideachta bia agus dí páirteach sa Bharaiméadar Breatimeachta a tugadh chun críche thar thréimhse chúig seachtaine ag tosú sa Mhárta. Fuair gach cuideachta a bhí rannpháirteach measúnú a d'aithin leibhéil riosca thar sé réimse: bealaí chun an mhargaidh; trádáil; custaim; airgeadra; slabhra soláthair agus daoine.

**139 cuideachta páirteach i mBaraiméadar Breatimeachta**

In iomlán fuarthas 350 uair a chloig de shonraí, a léirigh  breis agus 14,000 píosa eolais, á cur isteach i dtuarascáil mhionsonraithe a seachadadh ag an Seimineár ar an mBreatimeacht sa Thinking House i mí an Mheithimh. Dúirt thart ar 80% d'fhreagróirí go bhfaca siad deiseanna leanúnacha chun fás ar mhargadh na RA; ach ní raibh straitéis mhargaidh ag breis agus 60% díobh seo a bhí dírithe go sonrach ar mhargadh na RA. Bhí tionchar díreach ar thátail Bharaiméadar an Bhreatimeachta Barometer ar dháileadh acmhainne Bord Bia a raibh fócas méadaithe ar na príomhphointí brú a aithníodh sa tuarascáil de thoradh air. Cuireadh tús le roinnt clár oiliúna píolótacha ar bhainistiú riosca airgeadra, agus ar chustaim agus taraif agus leanadh ar aghaidh leis an obair ar Bhealach chun an Mhargaidh nua de chuid Bord Bia le hagallaimh dhoimhne le cliaint, custaiméirí agus páirtithe leasmhara.

## Tacaíocht agus meantóireacht

Le linn réamhoibre do Marketplace International chláraigh thart ar 90 cuideachta do shraith seimineár gréasáin agus ceardlanna a bhí ceaptha tacú le forbairt straitéisí tráchtála a uasmhéadóidh na deiseanna atá cruthaithe ag an mórimeacht seo.

Ghlac breis agus 16 cuideachta páirt i meantóireacht orgánach a thairg Bord Bia le tacaíocht na Roinne Talmhaíochta, Bia agus na Mara. Tionóladh seisiún mioncheisteanna orgánacha freisin i Samhain ag an Thinking House.

## Acadamh Bia

Tugadh an clár Ard-Acadamh Bia chun críche i nDeireadh Fómhair agus bhain 12 cuideachta gradam amach. Cuimsíonn an clár sé cheardlann agus faigheann gach cuideachta seisiúin meantóireachta aonair freisin agus seiceanna sláinte airgeadais. Ar thabhairt chun críche an chláir tagann rannpháirtithe chun bheith ina mbaill den Fhóram Branda agus cláraítear iad ar an gclár Think Digital.

Rinneadh athbhreithniú ar an gclár Food Academy Start i rith na bliana i gcomhairle le Mustraves agus an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO). D'aithin an t-athbhreithniú an riachtanas aghaidh a thabhairt ar leibhéil éagsúla gnó a bhíonn ag rannpháirtithe agus iad ag tosú ar an gclár. Forbraíodh ábhar nua chun aghaidh a thabhairt air seo, mar aon le féiniúlacht branda nua, ag léiriú an chomhpháirtíocht idir an líonra LEO agus Bord Bia.

## Staidéar Tosaíochta Margaidh

Rinne Bord Bia mórstaidéar chun margaí a aithint a d'fhéadfadh deiseanna fáis a chur ar fáil go ceann cúig go 10 mbliana agus chun measúnú a dhéanamh ar chumas na hÉireann soláthar don mhargadh. Seoladh 'Ord Tacaíochta do Mhargaí: Deiseanna Fáis' i Nollaig agus tairgeann sé léargais ghonta ar 75 staidéar domhain a reáchtáladh ar mhargaí tosaíochta. Dá réir léiríonn sé an staidéar is leithne agus is mionsonraithe ar dheiseanna fáis idirnáisiúnta a rinneadh go dtí seo thar ceann tionscal bia agus dí na hÉireann.

## Clár Diansaothraithe Margaíocht

Tacaíonn an Clár Diansaothraithe Margaíochta le fás agus éagsúlú i measc cliantchuideachtaí le láimhdeachas de €1m go €40m agus a onnmhairíonn 15% ar a laghad dá láimhdeachas go dtí an RA. D'fhág clár 2017 gur faomhadh deontais de €608,000 in iomlán ar 31 cuideachta.

## Grúpaí idirchaidrimh agus cláir mhargaidh

Bhuail ionadaithe táirgeoirí mairteola, muiceola agus éanlaithe clóis le chéile go rialta i rith na bliana chun saincheisteanna ábhartha a phlé agus

chun a chinntiú go bhfuil pleananna agus cláir Bhord Bia ailínithe le riachtanais táirgeoirí. Ghlac breis agus 20 naíolann páirt sa Chlár Onnmhairí Taitneamhachtaí i rith 2017. Agus é lárnaithe thart ar dhá lá de dhiansheisiúin meantóireachta tugadh tacaíocht do rannpháirtithe i rith na bliana agus iad ag leathnú díolacháin onnmhairí amach go dtí an RA agus níos faide ar shiúl. Bhí turas staidéir go dtí na SA ar bhuaicphointí chlár na bliana seo.

## Misin trádála, imeachtaí agus taispeántais

Ba bhliain dhian ghníomhaíochta í maidir le misin trádála agus grúpaí móra de chuideachtaí Éireannacha á dtreorú ag Bord Bia agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, trí mhórthurais a raibh an Araib Shádach, agus Dubai; Meiriceá Thuaidh; an tSeapáin agus an Chóiré i gceist iontu.

**26 aonach trádála idirnáisiúnta**

Chinntigh féilire crua imeachtaí láithreacht Éireannach cuimsitheach ag raon aontaí trádála agus taispeántais, a theachtaireacht inbhuanaitheachta á spreagadh ag Origin Green i gcónaí. Bhí Bord Bia páirteach i 26 aonach trádála idirnáisiúnta in iomlán le teachtaireacht Origin Green:

- Ghlac sé chuideachta bia Éireannacha páirt ag Sirha i Lyon na Fraince.
- Thug sé chuideachta Éireannacha taispeántas ag ISM i Cologne.
- Bhí 10 gcuideachta bia orgánacha Éireannacha i Biofach, Nuremberg sa Ghearmáin.
- Bhí 21 cuideachta Éireannacha i láthair ag an seó trádála domhanda bia agus dí Gulfood i Dubai.
- Bhí ocht gcuideachta dí Éireannacha le Bord Bia ag Prowein, Dusseldorf.
- Mheall Seafood Expo Global (SEG) sa Bhruiséil 20 cuideachta bia mara Éireannacha.
- ReáchtáladhTuttofoods i Milan agus bhí cúig chuideachta bia Éireannacha ann.
- Mheall PLMA, Amstardam, an Ísiltír, 20 cuideachta Éireannach.
- Bhí naoi gcuideachta feola Éireannacha i láthair ag SIAL na Síne, an seó trádála bia agus deochanna is mó san Áise.
- Bhí sé chuideachta bia Éireannacha i láthair ag Free From i mBarcelona na Spáinne.
- Bhí Bord Bia ag Mondial du Fromage i Tours na Fraince áit a raibh sé chuideachta cáise Éireannacha.
- Agus é ar siúl gach dhá bhliain, bhí Bord Bia arís eile ag Vinexpo, Bordeaux na Fraince le ceithre chuideachta bia.
- Bhí seastán Origin Green na hÉireann ag Bia Farraige Idirnáisiúnta na Seapáine i Tokyo den chéad uair in éineacht le ocht gcuideachta bia farraige.
- Bhí 11 cuideachta páirteach ar sheastán na hÉireann ag an Speciality & Fine Food Fair, Londain.
- Don dara bliain as a chéile ghlac Bord Bia agus seacht gcuideachta páirt ag Lunch, Londain sa RA.
- Bhí ceithre chuideachta bia farraige Éireannacha páirteach ag Conxemar 2017 i Vigo, na Spáinne.
- Thaistil 27 gcuideachta bia Éireannacha, an méid is mó riamh, go Cologne sa Ghearmáin le Bord Bia chun freastal ar Anuga.
- Bhí 12 cuideachta bia farraige faoi bhratach Origin Green ag Taispeántas Bia Farraige & Iascaigh na Síne, Qingdao China, an seó bia farraige is mó a thugtar cuairt air ar domhan.
- Bhí seacht gcuideachta comhábhair faoi bhratach Origin Green i láthair ag FIE, i Frankfurt, an seó trádála deireanach sa bhliain féilire.

Anuas ar aontaí trádála a raibh ionadaíocht ag cuideachtaí bia agus dí na hÉireann iontu ghlac Bord Bia páirt freisin i gcáil eolais amháin ag sé aonach trádála eile ar fud an domhain lena n-áirítear Foodex – An tSeapáin, Hofex - Hong Cong, FMA – Guangzhou, An tSín, Food Attractions – Maidrid, Golden Autumn – Moscó, CIMIE - Beijing.



# COLÚN STRAITÉISEACH 5: **TACÚ Ó CHUMARSÁID BRANDA LÁIDIR SAN AOIS DHIGITEACH**

*Athbhreithniú an Phríomhfeidhmeannaigh*

## Cumarsáid Corparáideach

Tacaíonn foireann Cumarsáidí Corparáideacha Bhord Bia le gníomhaíochtaí na heagraíochta trí chlúdach na meán idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus ar líne a chinntiú do mhórimeachtaí. Is tomhas caighdeánach de rathúlacht cumarsáidí agus tionscnaimh PR é coibhéis luach fógraíochta (AVE), agus úsáidtear é i mbéim a chur ar rathúlacht thionscnamh Bhord Bia i rith na bliana. Bíonn na deicheanna de mhilliúin euro i gceist sa chlúdach a fhaigheann an fhoireann ar na meáin don tionscal in aghaidh na bliana. Mar shampla ghin Bloom AVE de bhreis agus €4m, le beagnach 800 gné-alt priontáilte, ar líne agus craolta, dírithe ar an imeacht.

Faoi dheireadh na bliana sháraigh Bord Bia 50,000 leantóir ar Twitter go héasca. Taitníonn cuntas Facebook Bord Bia le beagnach 120,000 duine agus leanann 115,000 duine é.

## Origin Green Ireland

Ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara agus cuideachtaí fíoraithe ar baill iad, chonaic 2017 fócas ar theachtaireachtaí fianaise-bhunaithe Origin Green do lucht spéise nua. Tugadh faoi fheachtas Origin Green Ireland le Origin Green agus a chroí-tairbhí a mhíniú do shaoránaigh na hÉireann, agus é seo á dhéanamh ag tabhairt aitheantais do bhaill fíoraithe Origin Green faoina bhfuil bainte amach go dtí seo agus tuilleadh feirmeoirí, táirgeoirí agus trádáil na Éireann a spreagadh chun dul i bpáirt leis an gclár. Seoladh an feachtas trí bliana i Lúnasa 2017 leis an téama 'An chumhacht faoinár gcosa'. Áiríodh sa chéim seolta sé seachtaine d'fhógraíocht teilifíse thar phríomhstáisiúin agus ocht seachtain déag fógraíochta digití lena n-áirítear ailt fógraíochta preasa sraith físeán gearra agus grianghraif le foscríbhinn ar Facebook, Instagram agus YouTube.

## Origin Green agus na baill

Seoladh feachtas cumarsáide freisin dírithe ar fheirmeoirí i rith na bliana, ag leagan béim ar an bhfíric gur baill Origin Green iad trína rannpháirtíocht i QAS Bhord Bia agus an SDAS. Thacaigh comhpháirtíochtaí na meán agus físeáin a cuireadh sa timpeall ar na meáin shóisialta leis an bhfeachtas, mar aon le cumarsáidí comharchumann déiríochta agus próiseálaithe feola lena soláthraithe agus saineolaithe/lucht tionchair feirme mar Teagasc agus comhairleoirí feirme comharchumainn.

Fuair ballchuideachtaí nuafhíoraithe Origin Green ionduchtuithe duine ar dhuine ag cur síos ar an gcaoi ar féidir leo a mballraíocht a ghiaráil mar theachtaireacht thráchtála, gnó le gnó, agus freisin mar theachtaireacht chuideachta don phobal. Chomh maith leis seo d'óstáil foireann Origin Green Bhord Bia roinnt seisiúin eolais agus ceardlanna chun tuiscint a mhéadú faoin gcaoi a bhféadfaí Origin Green a úsáid mar sheift thráchtála.

## Origin Green idirnáisiúnta

I rith 2017, bhí bratfheachtas Origin Green beo i seacht margadh: an RA, an Fhrainc, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Bheilg, an tSualainn agus an Danmhairg. Rith an feachtas fógraíochta Origin Green Dairy thar cheithre mhargadh: an RA, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an UAE. Chomh maith leis seo tugadh an chéad chéim d'fheachtas trí bliana agus aghaidh ar an tomhaltóir Origin Green China chun críche in 2017, agus 1.7m amas in iomlán ar shuíomh www.origingreen.com/ agus 900,000 dearcadh uathúil in iomlán. Ba tiománaí láidir tráchta an fhógraíocht ar taispeáint thar láithreáin ghréasáin ar leith agus aipeanna bia.

B'ionann ciorclaíocht iomlán ionsánna eagarthóireachta Origin Green i bhfoilseacháin trádála agus mórbhileog thar mhargaí Eorpacha agus idirnáisiúnta i rith na bliana agus 942,827. Is ionann an t-aimsiú ionchasach, i gcás gur baineadh clúdach eagarthóireachta ar líne Origin Green amach, agus iomlán 9.7m cuairteoir uathúla.

Cuireadh freisin le próifíl idirnáisiúnta Origin Green trí láithreacht Bhord Bia ag comhdhálacha a roghnaíodh go straitéiseach, a chuir léargais agus ábhar ar fáil le roinnt ar ardáin ghnó na meán cumarsáide.Ar na himeachtaí ar freastalaíodh orthu áirítear an Cruinniú Mullaigh Déiríochta Domhanda i mBéal Feirste; Cruinniú Mullaigh Bianna Inbhuanaithe, Singeapór; ENG Cruinniú Mullaigh Bia & Deochanna, Beirlín; agus EAT Stockholm.

Léirigh torthaí suirbhé a reáchtáladh ag PLMA Amstardam gur mhéadaigh feasacht ar Origin Green i measc an spriocluchta spéise ó 15% i 2016 go 29% i 2017. Dúirt iad siúd a raibh feasacht acu ar Origin Green gur chuala siad faoi ó Google, ó imeachtaí trádála, fógraíocht, na meáin shóisialta, foilseacháin trádála, baill Origin Green agus Bord Bia.

Chuidigh trí staidéar taighde ón bhfoireann Léargas Tomhaltóra chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú ar mheascán margaíochta idirnáisiúnta Origin Green ó thaobh margaí, gníomhaíocht na meán agus cruthaitheachta chun an macalla is mó leis an spriocluchta spéise a chinntiú.

## Ambasadóirí Origin Green

Thug an dara cohórt d'Ambasadóirí Origin Green a gclár chun críche i

Lúnasa 2017. Ag imeacht ar leith le deireadh an chláir a cheiliúradh roinn na 10 nAmbasadóir léargais chriticiúla leis an tionscal. Chuir an tríú cohórt tús leis an gclár i Meán Fómhair 2017. Tá socrúcháin faighte anois ag Ambasadóirí Origin Green le 32 príomhchuideachtaí miondíola, seirbhíse bia agus déantúsaíochta mórthimpeall an domhain, mar aon le príomheagraíochtaí inbhuanaitheachta idirnáisiúnta.

## Cáil

Rangaigh Bord Bia i measc an trí eagraíocht is creidiúnaí in Éirinn dar leis an staidéar bliantúil Ireland RepTrak® 2017. Cuireadh agallamh ar thart ar 4,500 duine den phobal ginearálta mar chuid den staidéar a léiríonn meántomhas thar na ceithre táscaire mothúchánacha: muinín, ómós, meas agus braistint mhaith. Don dara bliain as a chéile, bronnadh an chéad trí áit ar bhrandaí dúchasacha.

## Bloom

Tionóladh féile garraíodóireachta agus gairneoireachta mór le rá na hÉireann, Bloom, eagraithe ag Bord Bia, ó 1 go 5 Meitheamh agus, ainneoin aimsir mheasctha, mheall sé 115,000 cuairteoir, méadú 5,000 ar 2016, a d'fhág gurb í an bhliain ba rathúla fós í.

**115,000 cuairteoir ag Bloom**

D'ardaigh sástacht cuairteora go 97% agus taifeadadh aitheantas óstaigh ag first time visitors.





60.31%, agus ba chuairteoirí céad uaire 34%. Ar an iomlán d'fhreastail 39% de chuairteoirí in éineacht leis an teaghlach, ardú suntasach ó 28% i 2016. Caitheadh €8.8m measta ar bhia agus ar gharraíodóireacht, rud a chuaigh chun leasa cuid mhaith cliantchuideachtaí Bhord Bia a bhí rannpháirteach san imeacht. Cuireadh luach €3,5m ar chlúdach na meán don chló amháin. Cuireadh luach de bhreis ar €34m ar chaiteachas tomhaltóra san earnáil garraíodóireachta tar éis an imeachta. Spreagadh an caiteachas seo ag gafacht cuairteora ag Bloom agus na trí chlár tiomanta TV ar RTÉ 1, sraith TV Super Garden ar tugadh ardmholadh dó, iliomad craoladh RTÉ ó Bloom agus an chomhpháirtíocht luachmhar meáin le Independent Newspapers. Rinne Patrún Bloom, an tUachtarán Michael D Higgins an oscailt oifigiúil, agus d'fhreastail an Taoiseach Enda Kenny T.D. agus roinnt airí rialtais agus Teachtaí Dála ar an bhféile. D'fhreastail breis agus dhá chéad ceannaitheoir bia agus deochanna ar maidin trádála ar an Aoine áit ar cuireadh ceannaitheoirí in aithne do chliantchuideachtaí sna catagóirí bia agus dí go léir. Fuair Bloom aitheantas idirnáisiúnta méadaithe freisin tar éis dó cuid mhór de na seónna garraí is aitheanta a shárú.

Bhí feasacht iomlán náisiúnta ar Bloom ag 58% agus an t-imeacht tagtha chun a bheith ina fhócas tábhachtach d'ardú feasachta agus do spreagadh plé ar chuid mhór saincheisteanna timpeallachta, eacnamaíochta, sochaíochta agus sláinte reatha.

Measadh go coimeádach gur caitheadh €8.8m ar an seó, méadú ar an €7m a measadh do 2016. Bhí na gairdíní seó i gcroílár na féile arís agus caighdeáin arda bainte amach thar na catagóirí go léir a ndearnadh moltóireacht orthu, agus d'fhág leagan amach agus cur i láthair feabhsaithe go raibh eispéireas féachana níos fearr ag a raibh i láthair.

Bhí clúdach na meán do Bloom iontach, mír 18 nóiméad ar an Late Late Show ar RTÉ an Aoine roimh an bhféile. Bhí trí chlár teilifíse beo ann an chéad oíche den fhéile agus bhí láithreacht láidir ag RTÉ ar an suíomh thar na cúig lá. Bhí an tUachtarán Michael D. Higgins, an Taoiseach Enda Kenny agus roinnt airí, Teachtaí Dála, ambasadóirí, daoine mór le rá agus láithreoirí ó chúrsaí spóirt agus na meán ar an dream is cáiliúla a bhí i láthair.

Áiríodh ar fheachtas promóisin Bloom forlíonadh 24-leathanach ar Bloom sa Sunday Independent agus clúdach ar thart ar 20 seó TV agus raidió RTÉ. Bhí treocht láidir ag #Bloom2017 sna cúig lá agus taifeadadh 380,000 físdhearcadh ar leathanach Facebook Bloom.

## Promóisean uaineola na hÁise

Is é Bord Bia atá i gceannas ar chláir trí bliana an AE chun mairteoil agus uaineoil san Áise a chur chun cinn, clár ar cuireadh tús leis i 2017 le buiséad de €3.75m, ar maoiniú AE 80%. Cheap Bord Bia Sopexa na Síne chun feachtas 'Mairteoil agus Uaineoil Eorpach – Sármhaitheas i Sábháilteacht agus in Inbhuanaitheacht Bia' a chur i bhfeidhm. Tá láithreán gréasáin Mairteoil agus Uaineoil AE, a seoladh i Hong Cong agus a rolladh amach ina dhiaidh sin sa tSín agus sa tSeapáin, ag tacú leis an bhfeachtas. Ar na himeachtaí áiríodh seimineár teicniúil i Hong Cong do ghrúpaí allmhaireoirí agus chefanna, agus i Samhain, rinne Bord Bia comhordú ar sheimineár teicniúil i dteach Ambasadóir na hÉireann i Tokyo.

## Gníomhaíocht promóisin feola

I nDeireadh Fómhair, sheol Bord Bia

an mol nua ábhair agus feachtas mhairteoil na hÉireann sa Ghearmáin, arb ionann é agus infheistíocht €1m in aghaidh na bliana agus bhí súil go gcuirfeadh sé tuilleadh le cáil mhairteoil na hÉireann go dtí 2022. Agus é ag tógáil ar léargais tomhaltóra agus ag giaráil na hoibre a rinneadh faoi chlár Origin Green Bhord Bia, díríonn an feachtas seo ar chreidiúintí inbhuanaitheachta tionscal mhairteola na hÉireann. Bhí promóisean ann freisin de mhairteoil na hÉireann ar fud na tíre, á thacú ag Bord Bia, i slabhra mórbhialanna stéige a bhfuil 51 asraon acu ar fud na Gearmáine.

San Ísiltír, bhí Bord Bia páirteach sa bhféile bia Butcher's Heaven i nDeireadh Fómhair agus i rith na míosa céanna, cuireadh feoil na hÉireann chun cinn in 11 iris thrádála sa Spáinn. Reáchtáladh ceardlanna ag díriú ar cháilíocht uaineoil QAS na hÉireann le príomh-mhiondíoltóir agus blagálaithe bia spriocdhírithe sa Bheilg, agus d'eagraigh Bord Bia tástálacha mhairteola sa Fhrainc le mairteoil QAS na hÉireann a chur chun cinn le príomh-mhiondíoltóir.

ISa RA, reáchtáladh promóisean agus comórtas míosa i gcomhar le príomh-mhiondíoltóir ar líne faoi Mhairteoil Orgánach Éireannach ghlan i Meitheamh, agus fógraí meirge faoi mhairteoil na hÉireann ar iliomad gréasán bia tomhaltóra. Tháinig feachtas fómhair ar líne an RA ar mhairteoil Éireannach i dtír ar threochtaí sárbhia reatha agus méadú ar leathveigeatóireachas trína bhfuil glacadh ag tomhaltóirí na RA le roghanna bia níos sláintiúla. D'úsáid feachtas fógraíochta ar mhairteoil na hÉireann i Milan feachtas tramanna, cláir fógraí agus YouTube chun díriú ar thomhaltóirí.



D'óstáil Bord Bia 12 cuairt isteach de chuid na meán i 2017 agus fócas ar chur chun cinn na feola. Áiríodh iontu réamheolas d'iriseoirí ón Meánoirthear ar Origin Green a ghin clúdach sonrach ó fhoinsí na meán idirnáisiúnta. Rinne 15 trádálaí mairteola agus uaineola Síneacha agus Hong Cong cuairt staidéir margaidh ar Éirinn i nDeireadh Fómhair agus thug grúpa chefanna ón tSualainn cuairt ar onnmhaireoirí agus ar fheirmeacha feola na hÉireann le feasacht a ardú faoi bhunús agus cáilíocht táirgeadh feola na hÉireann.

## Forbairt trádála beostoic

Tháinig ionadaithe ó mhórghnó feola agus beostoic na Tuirce go hÉirinn ar thuras treoraithe ag Bord Bia ag tabhairt cuairt ar onnmhaireoirí agus ar fheirmeacha. San Ailgéir, bhuail Bord Bia le ceann de na ceannaitheoirí eallaigh is mó tar éis athoscailt na tire do bheostoc na hÉireann go deireanach i 2016. Bhuail Bord Bia freisin le ionadaithe ó Rialtas na hÉigipte maidir le ceadúnais d'allmhairiú eallaigh beo tar éis comhaontú faoi phrótacal tréidliachta leis na húdaráis Éigipteacha d'eallaigh chríochnaithe i 2016.

## Promóisean prátaí

Lean comhfheachtas promóisin Bhord Bia agus AE maoinithe 'Potatoes: More Than a Bit on the Side' i 2017. Agus tacaíocht thréimhsiúil ó fhógraíocht allamuigh agus dhigiteach aige i rith na bliana, tharla promóisean Deireadh Fómhair ar chomhthráth le Lá Náisiúnta na bPrátaí. Chuir forlíonadh prátaí san Irish Independent béim ar áisiúlacht, sláinte agus ilúsáidteacht prátaí agus bhí #NationalPotatoDay ar 1 topaic treochtála ar Twitter in Éirinn an lá sin.

## Feachtais liamháis, muiceola agus bagúin

Chun tomhaltóirí a spreagadh le muiceoil agus bagún dearbhaithe cáilithe a cheannach, forbraíodh fógra teilifíse nua chun rogha a chothú i measc siopadóirí do mhuiceoil agus do bhagún leis an Marc Cáilíochta, trí bhéim a chur ar thaitneamh méadaithe tomhaltóirí agus muiceoil agus bagún dearbhaithe cáilíochta a bhfuil muinín acu as, á n-ithe.

Le tomhaltóirí a spreagadh chun athrú go dtí liamhás agus bagún leis an Marc Cáilíochta, chuir postálacha Facebook smaointí do bhéilí ar fáil le liamhás agus bagún le dearbhú cáilíochta. Chonaic breis agus 2.2m duine ábhar an fheachtais via ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta. Mheall comórtas dírithe ar mhic léinn meánscoile a lorg oidis do mhuiceoil/bagún le dearbhú cáilíochta breis agus 300 iarratas aonair ó 64 scoil.

## Uaineoil le Dearbhú Cáilíochta

Bhí an feachtas uaineola baile lárnaithe ar fhógraíocht teilifíse agus dhigiteach leis an aidhm minicíocht chaitheamh uaineola a thiomáint i measc siopaeirí baineann 45+ bliain i rith buaicshéasúr na huaineola ó Mheitheamh go Meán Fómhair.





## Uibheacha le Marc Cáilíochta

Chun tomhaltóirí níos óige 'réamhtheaghlaigh' a spreagadh chun uibheacha a cheannach níos minice agus i méideanna níos mó, d'ionchorpraigh fógraíocht raidió agus allamuigh, le tacaíocht PR agus gníomhaíochtaí digiteacha, na deartháireacha O'Donovan a bhain bonn airgid sna cluichí Oilimpeacha. Leag téama an fheachtais - 'Uibheacha – cothú nádúrtha do shaol gnóthach'- béim ar thairbhí feidhmiúla uibheacha mar fhoinse próitéin agus ilúsáideach don lón nó dinnéar.

## Promóisean muisiriún

Agus 'Just Add Mushrooms' tugtha chun críche i 2016, mhaoinigh an tionscal agus Bord Bia feachtas promóisin cineálach muisiriún i margadh na RA agus na hÉireann. Cuirfear tús le feachtas nua maoinithe ag an AE, 'Mushrooms Complement Everything, i 2018.

## Diúilicíní Éireannacha

Seoladh feachtas náisiúnta sliogéisc na hÉireann de chuid Bord Bia i bhFeabhra i ngach asraon miondíola agus bialanna agus óstáin roghnaithe. Dhírigh 'Flex your Mussels' go príomha ar shiopaeirí baineann in aois 30 go 50 bliain agus spreag iad chun sliogéisc a chur ar a repertoire de bhéile seachtainiúla.

## Promóisean úll

Ar ghníomhaíocht phromóisin Bhord Bia sa tréimhse fómhair/geimhridh áiríodh forbairt láithreáin ghréasáin le húlla na hÉireann agus saothróirí úll a chur chun cinn. Rinneadh lá World Pi(e) i Márta a cheiliúradh le promóisean inar thug saothróirí úll úlla Bramley dóibh siúd a rinne pióga don lá. Cuirfear tús le feachtas nua maoinithe ag an AE, 'Mushrooms Complement Everything, i 2018.



## Incredible Edibles agus Food Dudes

Tugadh Clár Scoile Incredible Edibles do 2017 chun críche in Iúil agus 1,500 scoil in iomlán rannpháirteach sa chlár i mbliana. Ar na comhpháirtithe tionscadail áirítear an tionscal gairneoireachta (IFA); pacálaithe táirge úr agus na Ranna Sláinte agus Oideachais. Déanann AgriAware an tionscadal a bhainistiú agus a chomhordú. Cuireadh tús le clár Food Dudes i nDeireadh Fómhair don chéad chuid de scoileanna rannpháirteach sa scoilbhliain 2017/18.

## Promóisean Sú Talún

Reáchtáladh an tSeachtain Náisiúnta Sú Talún i Meitheamh, 'Seachtain Ceiliúrtha Sú Talún' atá air anois nach bhfuil chomh foirmiúil agus a mheallfadh tomhaltóirí. D'fhág nochtadh físeáin ar Facebook go raibh 110,000 amharc agus d'éirigh go maith le cainéil eile na meán sóisialta mar Instagram.

## Seachtain Náisiúnta Aráin

Reáchtáladh an tSeachtain Náisiúnta Aráin i Meán Fómhair agus bhí sé d'aidhm ag feachtas Bhord Bia tomhaltóirí a spreagadh le 'Love Your Loaf' agus le tairbhí aráin a chur i gcuimhne do dhaoine.

## Promóisin sailéid

Cuireadh tús le Promóisean Sailéid 2017 in Iúil, é ag tógáil ar ghníomhaíocht phromóisin 2016.

## An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Dhírigh rannpháirtíocht Bhord Bia ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ar Origin Green, agus an creat a chuireann sé ar fáil d'fheirmeoirí agus do tháirgeoirí bia sa timpeallacht trádála dúshlánach a d'éirigh de bharr an Bhreatimeachta. Reáchtáladh an Comórtas sa Screagán, an Tulach Mhór, Contae Uíbh Fháilí.

## Feachtas garraíodóireachta

Bhí 65 lárionad gairdín mar aon le 18 saothróir rannpháirteach i bhfeachtas GroMór 2017. Tugadh tacaíocht don fheachtas le maoiniú ó Bhord Bia, urraíocht ó Westland Horticulture agus Bord na Móna, mar aon le maoiniú ar aon dul leis ón tionscal. Chuidigh an t-ambasadóir feachtais ardphróifíle, Diarmuid Gavin, chun an feachtas agus a chlúdach a fhorbairt.

## Just Ask

Tugann gníomhaíochtaí PR agus ar líne aitheantas do bhialanna a leagan béim ar fhoinse na soláthraithe feola ar a mbiachláir agus spreagann tomhaltóirí agus iad ag ithe amuigh ceist a chur faoi cá as a dtagann an fheoil. Díríonn an feachtas Just Ask ar an obair le seirbhís bia trí ghradaim mhíosúla.

## Seafest

Bhí ról gníomhach ag Bord Bia ag Seafest, an fhéile mara náisiúnta bhliantúil a reáchtáiltear i nGaillimh idir 30 Meitheamh agus 2 Iúil. Bhí taispeántais chócaireachta ann le tomhaltóirí Éireannacha a chur ar an eolas faoi bhia mara na hÉireann, cén chaoi len é a cheannach agus a chócaráil, béim ar an tsimplíocht agus éascaíocht a ullmhúcháin.

## Urraíocht Teilifíse

Mar bhealach le feasacht agus dílseacht don Marc Cáilíochta a mhéadú, déanann Bord Bia urraíocht ar an tsraith 'Neven's Food Trails'ar RTÉ1. Mheall an tsraith seacht gclár seo 226,000 lucht féachana ar an meán in aghaidh an chláir. Rinne Bord Bia urraíocht freisin ar dhá chlár de 'Neven Maguire's Christmas Special' i mí na Nollag. Bhí Marc Cáilíochta Bhord Bia ar phríomh-chomhábhair na gclár.

## Conclúid

Ba iad feidhmíochtaí a bhí ag borradh chun cinn, cibé sa RA, san AE nó go hidirnáisiúnta, gné shainiúil onnmhairí bia agus dí na hÉireann i 2017. Ní hamháin go raibh an tionscal ag tógáil ar a aimsiú seanbhunaithe; bhí caidrimh nua á bhforbairt aige. Ba bhliain lándeiseanna í le éileamh a bhí ag fás ó mhargaí domhanda saibhre, agus roinnt dúshlán uathúla, agus éiginnteacht ann i gcónaí mar gheall ar an mBreatimeacht.

I gcúinsí dá leithéid, léiríodh go raibh ról Bhord Bia mar eagraíocht ar féidir léi chuidiú leis an tionscal chun a bheith ag súil le athrú, plé a dhéanamh faoi agus freagairt dó, níos ábhartha ná riamh, agus ba léir é i raon agus scóip na seirbhísí a cuireadh ar fáil don tionscal i rith na bliana.

Ba mhaith liom cur leis an mbuíochas a ghabh an Cathaoirleach as ucht tacaíocht an Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Michael Creed, TD; an tAire Stáit ag an Roinn, Andrew Doyle, TD; agus an tArd-Rúnaí Aidan O'Driscoll agus an fhoireann ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara as ucht an tacaíocht iontach a thug siad do Bhord Bia i rith na bliana. Go háirithe chuir soláthar €6.7m maoiniú breise chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin bainteach leis an mBreatimeacht borradh mór agus tráthúil faoi chumais Bhord Bia tacú leis an tionscal.

Ba mhaith liom freisin fáilte chroíúil thar ceann Bord Bia agus an tionscal níos leithne, a chur roimh ár gCathaoirleach nua, Dan MacSweeney, ina phost. Tá mé ag súil le bheith ag obair leis agus le baill uile an Bhoird agus na gcúig Fho-Bhord agus sinn ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bheidh romhainn sna blianta atá le teacht.

Ba mhaith liom cur leis an méid a dúirt an Cathaoirleach maidir lena réamhtheachtaí, Michael Carey, a thug rannchuidiú as cuimse do Bhord Bia agus don tionscal agus a mbeidh toradh ar a chuid oibre ar fáil ag an tionscal iomlán ar feadh roinnt mhaith blianta eile. Guímid gach rath air sa todhchaí.

Agus sinn ag tabhairt bliain a bhí rathúil don tionscal chun críche, tá mé ag súil le bheith ag obair le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara laistigh de Bhord Bia agus ar fud an tionscail chun a chinntiú gur tairseach ar baineadh amach i 2017 do rathúlacht níos mó fós agus do dhul chun cinn sa todhchaí.

Sa deireadh thiar déantar cinneadh faoina bhfuil bainte amach ag Bord Bia ag éirí as an luach ar féidir linn a sheachadadh don tionscal. Is é ár dtiomantas don bhliain atá romhainn seirbhísí den scoth a chur ar fáil i gcónaí a thugann luach inbhuanaithe agus leanúnach dár gcliaint agus dá gcustaiméirí agus tomhaltóirí, mar aon leis an saol eacnamaíoch agus sóisialta níos leithne in Éirinn a fheabhsú. Agus pleanáil á dhéanamh ag an tionscal bia, dí agus gairneoireachta don todhchaí, tá a fhios againn, cibé na dúshláin atá romhainn, go dtiocfaidh na rathúlachtaí is mó ó bheith ag obair i gcomhar. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh i 2017, leanfaimid orainn leis, an fhírinne fhadsheasmhach á léiriú go bhfuil tiomantas don sármhaitheas i gcroílár gach a ndéanaimid.

**Tara McCarthy,**

Príomhfheidhmeannach

# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: **FEOIL AGUS BEOSTOC**



## MAIRTEOIL

I rith 2017, d'ardaigh soláthairtí eallaigh ag monarchana onnmhairithe feola de 105,000 cloigeann, nó 6.5%, chun 1.75m cloigeann a bhaint amach. Ba é seo an tréchur bliantúil ba mhó a taifeadadh in Éirinn ó 2003. Thaifead líon na mbullán agus na mbodóg den scoth an fás ba mhó de thart ar 8%. Bhí coinne leis seo mar gheall ar chlárú méadaithe ar laonna agus onnmhairiú beo a bhí íseal go maith le blianta beaga anuas.

Ar an iomlán d'ardaigh an méid mairteola a táirgeadh de 4.5% go 615,000 tonna i 2017. Mhéadaigh luach iomlán onnmhairithe mairteola, scairteach san áireamh, de 6% chun €2.4bn a bhaint amach de thoradh méideanna níos mó mar aon le méadú beag ar mheánluach an táirge a onnmhairíodh. Bhí sé seo ar chomhthráth le méadú beag ar mheánluachanna táirgeora, le bulláin R3 ag ardú ó €3.77/kg i 2016 go €3.83/kg anuraidh gan VAT san áireamh.

### Margaí do mhairteoil na hÉireann

Ba é an RA i gcónaí an príomh-cheannscríbe d'onnmhairí mairteola na hÉireann i 2017, tráth ar choinnigh sé a sciar 51% d'onnmhairí ó thaobh méide, nó thart ar 283,000 tonna. Bhí sé seo thar a bheith sonraíoch ag cur lagú ar luach steirling san áireamh agus roinnt éiginnteachta faoi chaidreamh trádála todhchaí na hÉireann leis an RA tar éis an Bhreatimeachta. Ba ionann margaí mhór-roinn an AE agus 43% d'onnmhairí mairteola, nó 240,000 tonna, a léirigh ardú 2% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Thaifead príomh-mhargaí na Fraince agus na hÍsiltíre meath ar allmhairí mairteola na hÉireann anuraidh cé gur taifeadadh méideanna níos airde go dtí an Iodáil, an Spáinn, an Ghearmáin agus an Danmhairg. D'fheidhmigh onnmhairí mairteoil na hÉireann isteach i margaí idirnáisiúnta go han-láidir le méadú ar an tonnáiste iomlán de 37% ó 25,000 tonna go breis agus 34,000 tonna. Ba é Hong Cong an margadh idirnáisiúnta ba mhó áit ar mhéadaigh onnmhairí go breis agus 13,000 tonna, agus na hOileáin Fhilipíneacha ina dhiaidh sin ag 13,000 tonna agus Gána ag beagnach 2,000

### Promóisean margaidh

Anuas ar rannpháirtíocht ag seó trádála agus soláthar eolas margaidh, bhí a leanas ar na príomhghníomhaíochtaí promóisin a rinneadh do mhairteoil na hÉireann i 2017:

I margadh na RA, d'infheistigh Bord Bia i margaíocht tomhaltóra ar líne agus feachtas PR/feasacht trádála chun caidreamh a neartú agus íomhá a thiomáint do chustaiméirí le luach níos airde. Is é ár bhfócas straitéiseach i margadh na RA suíomh na hÉireann a chinntiú mar rogha mairteola do phríomhchuntais miondíola agus seirbhíse bia, bunaithe ar cháil, dearbhú

cáilíochta, inbhuanaitheachta agus glacadh tomhaltóra. Sa Ghearmáin, dhírigh promóisin Bhord Bia ar bhlas barrmeasa mhairteoil na hÉireann agus ár gcóras táirgthe inbhuanaithe. Chuir promóisin san Ísiltír béim ar shláine táirgeachta mhairteoil na hÉireann, ag díriú ar cháilíocht an chaithimh, inbhuanaitheacht agus leas ainmhí. Tá nideog phréimhe á baint amach ag mairteoil na hÉireann le roinnt de phríomhchustaiméirí miondíola agus seirbhíse bia na hIodáile agus leag promóisin Bhord Bia ansin béim ar ghlaine agus ar cháilíocht nádúrtha mhairteoil na hÉireann.

I rith 2017, Chuir Bord Bia tús le feachtas trí bliana ar 'Mairteoil & Uaineoil AE – Sármhaitheas i Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacht Bia' ar fud na Síne, Hong Cong agus na Seapáine. Is é an bunchuspóir feasacht a neartú ar na caighdeáin arda sábháilteachta bia, dearbhaithe cáilíochta agus inrianaitheachta bainteach le mairteoil agus le huaineoil ón Aontas Eorpach. Gach bliain, bíonn buiséad de €1.25m ag an gclár, lena n-áirítear tacaíocht 80% ón AE.

### Léargas ar sholáthar eallaigh na hÉireann

Meastar go méadóidh tréchur tionscail beagán níos mó i mbliana, i ndiaidh an mhéadaithe shuntasaigh ar sholáthairtí eallaigh na hÉireann i rith 2017. Meastar gur méadú thart ar 30-50,000 cloigeann a bheidh ann, lena n-áireofar roinnt bullán agus bodóg breise, mar aon le ba dealaithe breise.

## BEOSTOC

### Onnmhairí eallaigh bheo

Ar an iomlán, shroich onnmhairí eallaigh do 2017 thart ar 188,000 cloigeann: méadú de bheagnach 30% ó 145,000 cloigeann an bhliain roimhe. Thaifead lastais ó gach catagóir aoise beostoic méaduithe suntasacha. Mhéadaigh an líon eallaí fásta nó críochnaithe de 17% go breis agus 27,000 cloigeann. Thaifead laonna coiscthe agus eallaigh stóir le chéile méadú 20% go 59,000 cloigeann.

Bhí tionchar suntasach ag lastais mhéadaithe laonna (in aois < 3 mí) ar an trádáil. Is onnmhairí laonna is mó atá in uachtar de ghnáth i lastais eallaigh bheo, go háirithe i rith míonna an earraigh, agus aisiompaíodh meath 2016 i rith 2017 le méadú 40% go beagnach 102,000 cloigeann.

D'fhan na príomh-cheannscríbe d'onnmhairí eallaigh beo na hÉireann cobhsaí i rith 2017. Ar an iomlán ba ionann margadh na RA agus thart ar 33,000 cloigeann, nó 17% d'eallaí beo a onnmhairíodh. Áiríodh anseo 27,000 cloigeann go Tuaisceart Éireann agus 6,000 cloigeann go dtí an Bhreatain. Idir an dá linn, ba ionann margaí mór-roinne AE agus 66% de na hainmhithe a seoladh. Cé gur tháinig meath ar onnmhairí laonna ó Éirinn go dtí margadh na Fraince, cúitíodh seo agus tuilleadh leis na méaduithe a taifeadadh sa Spáinn agus san Ísiltír. Bhí téarnamh 7% ann freisin in onnmhairí Éireannacha go dtí margadh na hIodáile, go 20,000 cloigeann. Margaí idirnáisiúnta ba chúis leis an 17% a bhí fanta. Is í an Tuirc an mórmhargadh neamh-AE i gcónaí d'eallaí na hÉireann, breis agus 30,000 cloigeann á thógáil aici.

### Beostoc eile

Tháinig meath beagán ar onnmhairí muc beo go 450,000 cloigeann, agus Tuaisceart Éireann ina príomh-mhargadh dóibh. Thit onnmhairí caorach beo de 30% i gcomparáid leis an mbliain roimhe go 35,000 cloigeann. Bíonn ról tábhachtach ag féilte creidimh i gcónaí i dtrádáil caorach, agus beagnach 60% d'onnmhairí beo ann i Meán Fómhair Mar chuid den éileamh donn fhéile Mhuslamach Eid al-Adha.

### Promóisean beostoic

Léiríonn onnmhairí beo foinse tábhachtach iomaíochta agus asraon margaidh luachmhar do na catagóirí éagsúla stoic. Tacaíonn Bord Bia go gníomhach le forbairt na trádála onnmhairí beo trína Bainisteoir Earnála Beostoic i mBaile Átha Cliath, i gcomhar les na hoifigí margaidh ábhartha, go háirithe Maidrid, Milano agus Amstardam. Bíonn fócas láidir ar bheostoc freisin ag Bainisteoirí Margaidh Bhord Bia don Afraic, don Mheánoirthear agus do Mhoscó. Anuas ar eolas margaidh cothrom le dáta a chur ar fáil, socraítear tionscnaimh phromóisin chun íomhá agus cáil ainmhithe na hÉireann a fheabhsú.

## CAOIREOIL

Bhain tréchuir caorach na hÉireann buaic 10 mbliana amach agus 2.94m sáraithe ag an líon a próiseáladh. D'eascair an t-ardú ó 125,537 uascán breise (+18%) a próiseáladh, breis agus 100,000 uan earraigh breise (+5%) agus 50,747 caora agus reithe breise. Mhéadaigh an líon breise sa chóras méid iomlán na caoireola a táirgeadh i 2017 go 67,000t, méadú de 6,050t ar an mbliain roimhe.

Laghdaigh praghsanna geata na feirme don chéad chúig mhí de 2017 de 37c/kg go €4.81/kg agus margaí ag streachailt le tabhairt anonn uascán. Ach treisíodh praghsanna táirgeora don tréimhse Bealtaine go Nollaig ag soláthairtí níos teinne, méideanna níos ísle caoireola agus éileamh margaidh láidir agus meántorthaí de €4.84/kg, ardú de of 23c/kg ar an tréimhse chéanna i 2016. Ar an iomlán, sheas meánphraghsanna den bhliain iomlán ag €4.77/kg, arb ionann é agus titim 5c/kg ar 2016.

Chuir infhaighteacht mhéadaithe caoireola taca freisin le ardú géar ar onnmhairí. Bhain méideanna onnmhairí iomlána 57,000 tonna amach, agus ainneoin laigeacht steirling, mhéadaigh luach onnmhairí de 12% go €312m. Coinníodh an t-éagsúlú margaidh a bhí le feiceáil le blianta beaga den chuid is mó le breis agus 45% de lastais ceaptha do mhargaí eile seachas an Fhrainc agus an RA i 2017. Choinnigh na margaí ardluacha seo orthu, mar an Bheilg, an Ghearmáin agus an tSualainn, ag déanamh níos fearr ná an chuid eile ó thaobh luacha agus fás méide araon.

### Onnmhairí

Is é an Fhrainc an phríomh-mhargadh i gcónaí do chaoireoil na hÉireann arb ionann é agus aon trian den mhargadh ag fás de

7% go €108m. Ainneoin dúshlán na luaineachta airgeadra agus an punt níos laige, mhéadaigh onnmhairí caoireola na hÉireann go dtí an RA de 7% go €57m. Chuidigh laghdú 24% ar allmhairí ón Nua Shéalainn leis an bhfeidhmíocht láidir i dtrádáil seo na RA, rud a chur ar chumas na hÉireann teacht i dtír ar an easnamh seo a líonadh.

I margaí AE eile, thaifead an tSualainn fás dinimiciúil de 12% do 2017, a háit mar an margadh onnmhairí is mó do chaoireoil na hÉireann á comhdhlúthú. Coinníonn margadh na Gearmáine a tríú háit le ráta fáis 6% ag tabhairt onnmhairí go €31m. Is í an tSualainn an margadh neamh-AE is mó i gcónaí le feidhmíocht láidir á thaifeadadh ag onnmhairí go breis agus €19m, méadú de 50%. Tá scéal fáis eile i Hong Cong áit ar mhéadaigh onnmhairí go €7m i 2017, agus thaifead Ceanada méadú 218% i n onnmhairí caoireoil na hÉireann ó bhonn beag do 2017. Is cloch mhíle thábhachtach é forbairt mhargadh seo Mheiriceá Thuaidh d'earnáil caoireola na hÉireann, go háirithe maidir le hoscailt mhargadh na SA d'onnmhaireoirí caoireola na hÉireann atá ar tí tarlú.

### Promóisin

Agus an cuspóir minicíocht ceannaigh a mhéadú agus tomhaltóirí a spreagadh chun uaineoil leis an marc cáilíochta a roghnú, i rith buaicshéasúr an tsoláthair, dhírigh promóisin margaidh baile ar speictream leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear gníomhaíochtaí PR agus na meán sóisialta mar aon le feachtas TV sé seachtaine a bhí ar siúl i mBealtaine agus i Meán Fómhair.

Chuir Bord Bia tús le feachtas promóisin nua trí bliana cómhaoinithe ag an AE leis an téama 'Sármhaitheas Mairteola agus Uaineola – Sármhaitheas i Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacha Bia' ar fud na Síne, Hong Cong agus an tSeapáin. Is é bunchuspóir an fheachtais feasacht a mhéadú ar na caighdeáin arda sábháilteachta, dearbhaithe cáilíochta agus inrianaitheachta bainteach le mairteoil agus le huaineoil ón Aontas Eorpach. Bhain an feachtas 80% cómhaoiniú ón AE thar an tréimhse 2017-2019, ar ionann é agus caiteachas promóisin de €3.75m. I rith 2017, bhí Bord Bia rannpháirteach i gcúig seó trádála: seolta ar roinnt ardán digiteacha (Wechat & Weibo) i gCantainis, Seapáinis agus Béarla; mar aon le 20 oifigeach rialtais Síneacha a óstáil ar chlár coicíse aistriú eolais.

Tugadh an feachtas €7.7m AE cómhaoinithe 'Uaineoil – Blasta, Éasca, Spraoi' (2015-2017) chun críche go hoifigiúil in Eanáir 2018. Reáchtáladh an comhthionscnamh, atá dírithe ar bhéim a chur ar ilúsáideacht uaineola, ag AHDB (an RK) agus Interbev (an Fhrainc) thar sé mhargadh Eorpacha agus dhírigh ar an aoisghrúpa 25-45 bliana. Áiríodh ar bhuaicphointí na tréimhse 2017 feachtas allamuigh le socrú 600 clár fógra thar thréimhse coicíse agus feachtas digiteach a fuair 46.7m taispeáint.

I 2017 fuair Bord Bia maoiniú AE i leith feachtas promóisin €10.5m d'uaineoil Eorpach don tréimhse 2018-2020. Ag tógáil ar fheachtais phromóisin roimhe seo, díreoidh an tionscnamh trí bliana seo ar mhílaoiseacha in Éirinn, sa bhFrainc, sa Ghearmáin agus sa RA ag cur áisiúlacht agus ilúsáideacht uaineola a tháirgtear go hinbhuanaitheach ón Eoraip chun cinn.

## MUICEOIL

Lean an téarnamh in earnáil mhuiceola an AE a bhí le feiceáil sa tréimhse dheiridh de 2016 isteach i 2017 ag léiriú dúshláin soláthair thar príomhBhallstáit Eorpacha. Chomh maith leis seo chuidigh éileamh réasúnta ón tSín, go háirithe i rith an chéad cheathrú de 2017, mar aon le príomh-mhargaí eile mar an tSeapáin, chun praghsanna táirgeoirí muc AE a neartú a bhain buaic amach i rith Iúil.

D'fhág corrlaigh táirgeora níos láidre i bpríomh-réigiúin onnmhairí i rith 2017 go raibh leathnú ar thréada san AE ar chóir go mbeadh táirgeadh mhéadaithe dá bharr do 2018.

### Neartaíonn praghsanna muiceola AE

Chuidigh praghsanna níos airde ag deireadh 2016 agus do chéad leath de 2017 chun muinín san earnáil muiceola a athneartú ar fud na hEorpa. Do 2017, bhí praghsanna muiceola na hÉireann 8% nó 12c/kg níos airde ag €1.59/kg dw gan VAT san áireamh. D'ardaigh praghsanna ar fud formhór na margaí a léirigh éileamh láidir i bpríomh-mhargaí idirnáisiúnta mar aon le soláthairtí srianta ar fud na hEorpa.

### Táirgeadh na hÉireann tiomáinte ag meáchain mhéadaithe conablach

Ní raibh aon athrú ar sholáthairtí muc ó mhonarcha feola onnmhairí in Éirinn ag 3.3m cloigeann i rith 2017. Ceileann sé seo an méadú ar tháirgeacht a baineadh amach ag leibhéal na feirme i rith na bliana. D'fhág na praghsanna táirgeora níos láidre agus feabhsúcháin ghéiniteacha go raibh méadú suntasach ar mheáchain conablaigh i rith na bliana a d'fhág an glantáirgeacht iomlán 4% níos airde ag 294,000 tonna.

### Neartú leanúnach ar luacha onnmhairí

Mhéadaigh luach iomlán onnmhairí muiceola na hÉireann de 8% bliain ar bhliain go €792m. Is é an RA an ceann scríbe is mó i gcónaí d'onnmhairí muiceola a bhaineann 56% de sciar margaidh iomlán ó thaobh luacha. Léirigh sé seo roinnt treisithe san éileamh ar tháirge allmhairithe mar go raibh soláthairtí baile na RA 1% níos ísle i rith 2017 i gcomparáid le leibhéil blianta roimhe.

### MARGAÍ DO MHUICEOIL NA HÉIREANN:

### Margaí AE

Leathnaigh margadh an AE do mhuiceoil na hÉireann de 23% i 2017 ach bhí éagsúlachtaí feidhmíochta difriúla ar fud na príomh-mhargaí ceann scríbe. Mhéadaigh onnmhairí go dtí margadh na Danmhairge de 16% ó thaobh luacha. Mhéadaigh allmhairí na Gearmáine de 12%, agus an chuid is mó den méadú seo curtha síos d'éileamh seasta ar fheoil cránach agus feola breis luacha. Rinneadh gnóthachain suntasacha i bPoblacht na Seice agus sa Pholainn do mhuiceoil fhuaraithe gan chnámha. Bhí onnmhairí go dtí an Fhrainc, an Spáinn agus an Ísiltír measartha i gcónaí, ach is margadh luachmhar é do tháirgí ardluacha. Ba chóir go gcuirfeadh an fás ar onnmhairí go dtí an AE ardán ar fáil chun éagsúlú margaidh a fhorbairt





tuilleadh san AE agus spleáchas ar an RA a laghdú sa todhchaí.

### Margaí idirnáisiúnta

Bhí an ráta fáis d'onnmhairí muiceola na hÉireann go margaí idirnáisiúnta beagán diúltach – meath 2% go €199m don bhliain arb ionann é agus 25% den sciar luacha iomlán. Ba é an titim ar thrádáil go dtí an tSín an phríomhtharraingt ar fheidhmíocht agus titim de 16% ar onnmhairí go dtí an margadh seo go €100m. Ar mhargaí idirnáisiúnta eile, mhéadaigh onnmhairí go dtí an tSeapáin de 85% go €26m, a léirigh aschur baile níos ísle na Seapáine in éineacht le héileamh láidir ar luan, bolg agus táirgí déantúsaíochta. Bhí torthaí measctha ag tíortha onnmhairithe tábhachtacha eile, cé go bhfuil siad níos lú ó thaobh luacha. Thit onnmhairí go dtí na SA agus an Chóiré araon a léirigh aschur baile méadaithe chomh maith le corrlaigh táirgeora láidre, le linn d'onnmhairí go dtí na hOileáin Fhilipíneacha a bheith níos airde.

## ÉANLAITH CHLÓIS

### Feidhmíocht onnmhairí na hÉireann

Mhéadaigh luach foriomlán onnmhairí Éireannacha de 2% don bhliain go luach €294m, agus méideanna ag ardú de 2%, Bhain líon na n-éanlaithe clóis a próiseáladh in Éirinn go dtí buaicleibhéil ag 96m éan. Laghdaigh allmhairí na hÉireann de 7% i rith 2017 a léiríonn rogha méadaithe do tháirge Éireannach sa chainéal seirbhíse bia cé gur tháinig meath de 3% go 36kg per capita ar dhíolacháin ag leibhéal miondíola.

### Onnmhairí Éanlaithe Clóis

Cuireadh móramh onnmhairí éanlaithe clóis na hÉireann go dtí an RA, ar ionann é agus thart ar 80% de sciar an mhargaidh do 2017 nó thart ar €240m, a raibh cuid de i ndán do mhargaí níos faide ar shiúl. D'ardaigh an sciar d'onnmhairí éanlaithe clóis na hÉireann ag dul go dtí margaí eile AE beagán ar bheagán go 10%, a suíomh á choinneáil ag an bhFrainc mar an margadh is tábhachtaí go háirithe d'fheoil choise. Is iad margaí na Lochlannach is tapúla a d'fhás – cé go raibh siad ag tosú ag leibhéil níos isle. Ba í an Afraic Theas an príomh-mhargadh idirnáisiúnta ar ionann anois é agus thart ar 9% den sciar margaidh tríd is tríd. Tá roinnt mórtháirgeoirí AE srianta ó mhargadh na hAfraice Theas agus bhain táirgeoirí Éireannacha buntáiste ón bhforbairt seo anuraidh.

### Staid mhargaidh AE

Bhí tionchar suntasach ag an víreas HPAI (Fliú na nÉan) ar tháirgeadh AE agus ar thrádáil domhanda i rith 2017, agus cúrsaí is suntasaí i rith an chéad leath de 2017. Bhí forbairtí trádála domhanda measctha do tháirgeoirí éanlaithe clóis i rith 2017. Rinneadh titim ar onnmhairí AE go dtí an Afraic Theas, na hOileáin Fhilipíneacha agus an Araib Shádach a chúiteamh roinnt trí mhargaí a bhí ag forbairt i Hong Cong, san Úcráin agus i roinnt margaí de chuid na hAfraice fho-Shahárach. Thit allmhairí AE de thart ar 6% don bhliain. Sa Bhrasaíl agus sa Téalainn, dhá phríomhonnmhaireoir isteach san AE, bhí meath géar orthu a cúisíodh roinnt trí onnmhairí níos airde ón Úcráin. Shroich caitheamh AE per capita 24.1kg i 2017 agus meastar go méadóidh sé seo roinnt i 2018 go 24.3kg.

# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: **BIA & DEOCHANNA**



## TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA & COMHÁBHAIR

Chuir earnáil déiríochta na hÉireann aon trian de theacht isteach onnmhairí iomlána ar fáil agus ba í an rannchuidí ba láidre d'fhás onnmhairí 2017. Ba ionann onnmhairí agus €4bn i 2017, méadú de 19% nó €650m ar 2016. Tar éis dhá bhliain de chúngú agus praghsanna níos ísle, chuaigh méideanna bainne sna príomhréigiúin táirgthe ar domhan, an AE, SA agus an Aigéine ó thréimhse cúngaithe go fás i rith 2017.

Agus aschur domhanda tagtha chuige féin de bharr praghsanna ag ardú, bhí athrú ar an gcothromaíocht domhanda soláthair/éileamh, rud a chruthaigh, i gcomhar le hidirghabháil AE ar stoic SMP, roinnt éiginnteachta sa mhargadh agus an bhliain ag teacht chun deiridh. Tar éis dhá bhliain de phraghsanna ísle bainne, ba faoiseamh é 2017 d'fheirmeoirí déiríochta na hÉireann, ar cuireadh fáilte roimhe, le meánphraghsanna bainne ag geata na feirme gar do 30% níos airde i rith na bliana. Mhéadaigh an tréad ba bainne de 300,000 cloigeann le ceithre bliana anuas agus tá 1.4m bó anois ann. Agus líon méadaithe sa tréad agus táirgeacht mhéadaithe, mhéadaigh táirge bainne na hÉireann de thart ar 8% nó os cionn 500m lítear ag baint 7.1bn lítear amach do 2017. Ach d'fhág cúinsí aimsire dúshlánacha ó lár an tsamhraidh ar aghaidh go raibh an stoc le cur faoi dhíon níos luaithe agus bhí ganntanas farae ann i gcodanna den tír.

Is príomh-mhargadh an RA i gcónaí agus é faoi ndear 24% d'onnmhairí déiríochta i 2017, síos 1% ar 2016. Bhí onnmhairí go dtí margaí AE eile go maith os cionn 2016, ag méadú de 41% ar ionann anois iad agus 31% d'onnmhairí déiríochta iomlána. Margaí mór-roinne an AE faoi ndear anois 59% d'onnmhairí ime na hÉireann agus luach onnmhairí ime go dtí an Ísiltír agus an Ghearmáin araon méadaithe faoi dhó i 2017. Mhéadaigh luach onnmhairí go dtí margaí idirnáisiúnta de 9% measta, ar ionann iad agus ár ndeighleog margaidh gheografach is mó ag 44% nó €1.8bn. Cúinsí eacnamaíochta feabhsaithe i margaí áirithe, cumhacht ceannaigh níos mó na náisiún a tháirgeann ola, SMP ar phraghas iomaíoch agus éileamh níos láidre ná mar a bhí á thuar ón tSín, ba chúis leis an bhfeabhsúchán ar onnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta i rith 2017. Is ionann onnmhairí go dtí an tSín ag €574m, agus 32% d'ár dtrádáil idirnáisiúnta agus 14% d'onnmhairí déiríochta iomlána, a fhágann gurb é an dara margadh is mó againn é tar éis an RA. Mhéadaigh onnmhairí déiríochta go dtí an tSín de 7% i rith 2017.

Ba í an t-im an catagóir feidhmíochta ba láidre laistigh den déiríocht arb ionann í agus breis agus leath den mhéadú ar onnmhairí déiríochta. Mhéadaigh luachanna onnmhairí ime de 62% go €879m. Ach is é cothú speisialaithe an catagóir is mó arb ionann é agus €1.3bn nó beagnach aon trian de luach onnmhairí in iomlán, agus cuireadh luach €848m ar onnmhairí cáise.

Ceapadh Straitéis Meán Idirnáisiúnta Origin Green do 2017 chun feasacht a mhúscailt agus gafacht a dhoimhniú i margaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha trí fheachtas déiríochta bratghníomhaíochta. Bhí fócas gníomhaíochtaí agus pleananna Bhord Bia do dhéiríocht tomhaltóra agus teachtaireachtaí chun cinn don dá fheachtas le gafacht níos mó a thiomáint thar ábhair feachtais ar líne agus as líne. Baineadh comhchiorclaíocht iomlán de 1.5m amach i ngníomhaíocht na meán clóite i rith na bliana, agus gineadh breis agus 27m taispeáint ar líne trí ghníomhaíocht dhigiteach.

Tá feachtais phromóisin Origin Green, maoinithe ag an

tionscal déiríochta, ceaptha rogha foinsiú inbhuanaitheachta a thiomáint agus cur le cáil na hÉireann mar cheannaire domhanda ar bhia agus deoch a táirgeadh go hinbhuanaithe. Ar ghníomhaíochtaí promóisin Origin Green i rith 2017 áiríodh:

- Díriú ar phreas agus foilseacháin inár bpríomh-mhargaí sprice
- Cuairteanna déiríochta isteach d'iriseoirí a eagrú.
- Feachtais dhigiteacha tomhaltóra a chuireann dintiúirí inbhuanaithe déiríochta na hÉireann chun cinn do thomhaltóirí na Síne i gcathracha sraith 1 agus sraith 2.
- Feachtas cumarsáide feirmeoirí déiríochta na hÉireann ag cur tairbhí na Scéime Dearbhaithe Inbhuanaithe chun cinn (SDAS) agus Origin Green, cás staidéir feirmeoirí déiríochta san áireamh, ag dul i ngleic le comhairleoirí feirme comharchumainn, fógraíocht na n-agrai-meán, etc.

Bhí Origin Green i gceist ó thaobh na heagarthóireachta de i bhfoilseacháin trádála spriocdhírithe i bpríomh-mhargaí Eorpacha agus idirnáisiúnta le ciorclaíocht iomlán de 942,827. Anuas air seo áiríodh go raibh clúdach eagarthóireachta Origin Green ar fud na dteideal ar líne sna margaí seo ag 9.7m cuairteoir uathúil.

Chomh maith le gníomhaíochtaí promóisin, áiríodh ar léargas tomhaltóra agus margaidh agus taighde:

- Staidéir eitneagrafaíocht sa Nigéir, Gána agus san Afraic Theas le deiseanna margaidh don déiríocht a mheas.
- Taighde príomhúil déiríochta sa Mháratáin, san Afraic Thiar
- Cuairteanna ar an Ailgéir le bualadh le príomhphróiseálaithe déiríochta.
- D'iniúch taighde ar Thodhchaí Déiríochta sa tSín na fórsaí tiomána a mhúnlaíonn an catagóir déiríochta sa mhargadh sin. Ag tógáil ar aschuir an taighde seo, d'aithin tuilleadh taighde deiseanna don déiríocht sa tseirbhís bia.
- Bhí dhá thionscadal taighde ar leith a rinneadh i bPoblacht na Cóiré Theas agus sa tSeapáin ceaptha smaointeoireacht sínte a chumasú agus earnáil déiríochta na hÉireann a chur ar an eolas faoi dheiseanna ionchasacha fadtéarmacha sa dá mhargadh onnmhairí.
- Lorg staidéar nua i gcothú spóirt tuiscint margaidh agus tomhaltóra níos mó i bpríomh-mhargaí.

### Tosaíocht margadh déiríochta

Thug Bord Bia staidéar tosaíochta margaidh chun críche i 2017 leis an aidhm mealltacht mhargaidh a mheas de réir catagóire agus cumas na hÉireann maidir le soláthar. Tar éis próisis fhada measúnaithe margaí trí chritéir mhaicreacnamaíocha agus earnáil sonrach, aithníodh 15 príomh-mhargadh don earnáil déiríochta agus ullmhaíodh tuarascálacha achomair. Bainfidh an chéad chéim oibre eile, a thabharfar chun críche i 2018, le roghnú cúig mhargadh tosaíochta do thumadh domhain. Rinneadh an obair go léir ar roghnú agus aithint mhargaidh i gcomhar les an tionscal.

### Scéim Dearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe

Forbraíodh Scéim Dearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe Bhord Bia (SDAS) i gcomhar le táirgeoirí bainne, próiseálaithe agus údaráis rialála. Agus mar léiriú ar inbhuanaitheacht déiríocht na hÉireann, bhí ballraíocht 15,820 feirmeoir sa scéim ag deireadh 2017. Bhain cúig cheannaitheoir bainne deimhniú 100% amach dá mbonn soláthair i 2017. Is iad na ceannaitheoirí bainne, Kerry, Centenary Thurles, North Cork Co-Op, Clona Dairy Ltd. agus soláthraithe Limerick Liquid Milk. Chuir uirlis treoraí carbóin scáileán tadhaill ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, eispéireas d'úsáideoirí ar spriocanna a leagan síos d'fheabhsúchán éifeachtúlachta ar an bhfeirm.

### Aontaí trádála agus imeachtaí

Ghlac cuideachtaí déiríochta páirt i roinnt seónna trádála idirnáisiúnta faoi mheirge Origin Green:

- Bhí taispeántas ag sé phróiseálaí déiríochta ar sheastán Halla Déiríochta Bhord Bia ag Gulfood.
- Bhí fiche is a seacht gcuideachta, arbh cuideachtaí déiríochta iad ceithre cinn díobh, páirteach in Anuga, an t-aonach trádála is mó san Eoraip a mheallann lucht féachana idirnáisiúnta mór de bhreis agus 160,000 cuairteoir ó 192 tír.
- Ghlac dhá chuideachta déiríochta agus cúig chuideachta comhábhar neamhdéiríochta páirt in Food Ingredients Europe (FIE).
- Bhí sé chuideachta cáis feirme rannpháirteach i Mondial du Fromage, an seó trádála débhliantúil i nGleann an Loire sa bhFrainc.
- Ghlac deich mball de phraesaidiam cáis bainne amh na hÉireann páirt i Cheese, Bra, san Iodáil.

### Ard-Institiúid Cáise

Tá Cheese Institute Advanced ceaptha tacú le cuideachtaí a bhfuil an t-ionchas acu a ngnólachtaí a chur ar scála. Á sheachadadh ag Bord Bia agus Teagasc, is do chuideachtaí cáis feirme a bhfuil pleananna gnó dírithe ar fás, an clár seo. Cuireann an clár, a tosaíodh i Samhain 2016, saineolas teicniúil ar fáil chun cumas oibríochta a fheabhsú agus leibhéal sármhaitheasa oibríochtúil a sheachadadh. Cuireann sé cuidiú ar fáil freisin d'úinéirí tacair scileanna bainistíochta a fháil atá riachtanach do dhul i dtreo gnólachtaí de scála níos mó. I 2017, bhí sé chuideachta cáis feirme rannpháirteach san 'Ard'- chlár.

### Ceardlann cáise feirme na Stát Aontaithe

D'óstáil Bord Bia ceardlann do tháirgeoirí cáis feirme a bhí ag díriú ar mhargadh na SA, i Samhain. Thug an ceardlann, a seachadadh le comhairleoir bianna speisialaithe na SA, Bob Burke, léargas do chliaint ar mhargadh na SA, príomh-mhiondíoltóirí, treochtaí margaidh, mar aon le deiseanna agus dúshláin do sholáthraithe ag díriú ar mhargadh na SA. D'fhreastail naoi gcuideachta cáis feirme ar an gceardlann.

### Tionscadal anailíse bearna iógairt

Chuir Bord Bia tús le tionscadal anailíse bearna iógairt do chatagóir iógairt na hÉireann i Nollaig 2017 agus scaipeadh ar an tionscal é i bhFeabhra 2018. Is í an aidhm deiseanna trádála in Éirinn a thuiscint, straitéisí fáis agus pleananna do dhéantúsóirí iógairt na hÉireann a chruthú.

## BIANNA TOMHALTÓRA ULLMHAITHE

Cuimsíonn Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe, lena n-áirítear Bianna Ullmhaithe, raon leathan táirgí bia agus dí breisluacha. Táirgí bia a fuair tuilleadh próiseála – cáis, báicéireacht, píotsa, seacláid, milseogra, brioscaí, snaiceanna, úscraí, anlann, anraithí, feolta breisluacha, táirgí déiríochta próiseáilte agus bia farraige breisluacha, gairneoireacht bhreisluacha agus deochanna neamhalcólacha. Mhéadaigh onnmhairí ón gcatagóir Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe de 9% go breis agus €2.8bn don bhliain iomlán.

Is í an RA an príomh-mhargadh onnmhairí do Bhianna Tomhaltóra Ullmhaithe i gcónaí le méadú de 7% ar luach a thugann luach margaidh na RA go €1.8bn nó sciar margaidh 64% don chatagóir seo. Léiríonn sé seo meath leanúnach ar spleáchas ar mhargadh na RA agus fócas níos mó ar éagsúlú isteach i margaí agus i gcainéil nua san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh.  Is minic go dtairgeann cuideachtaí bia ullmhaithe Éireannacha tairiscintí ar leibhéil níos airde nuálaíochta agus breis-luacha dá margaí agus dá gcustaiméirí nua.

### Báicéireacht

Sheachaid earraí bácáilte feidhmíocht onnmhairí an-láidir i 2017, le méadú ar onnmhairí aráin de 10%. Is í an RA an margadh is tábhachtaí i gcónaí d'earraí bácáilte arb ionann é agus breis is 90% d'onnmhairí. Lasmuigh den RA, áirítear ar na margaí fáis margaí Eorpacha seanbhunaithe, le linn do mhargaí idirnáisiúnta níos nuaí a bheith á bhforbairt freisin. Mhéadaigh díolacháin go dtí Meiriceá Thuaidh faoi cheathair beagnach i rith na bliana, agus d'ardaigh díolacháin go dtí an AE de bheagnach 10%.

Is catagóir mór agus éagsúil é seo le raon leathan cuideachtaí agus táirgí á soláthar. Áirítear orthu seo arán, cácaí agus táirgí saor ó ghlútan. Ar na príomhtháirgí a onnmhairítear áirítear aráin mar iompróir do cheapairí, táirgí milse agus saillte do bháicéireacht sa siopa agus cácaí timpeallacha. Leathnaigh na raonta a sholáthraíonn déantúsóirí Éireannacha le blianta beaga anuas chun táirgí ar nós fillteoga agus brioscaráin agus rogha méadaitheach táirgí sa deighleog saor ó ghlútan den mhargadh atá ag fás go tapa, a bhfuil suíomhanna uathúla agus difreáilte ag cuid acu.  Leanann na hearraí is daoire agus earraí luach ar airgead den mhargadh ag fás go láidir agus tá na miondíoltóirí iolracha ag díriú ar nuálaíocht agus seó sa siopa le héileamh a thiomáint.

Tá buntosca an chatagóire láidir i gcónaí in earraí bácáilte agus léiríonn earnáil atá ag athrú agus ag oiriúnú chun freastal ar riachtanais mhargaidh. Tá an léargas onnmhairí dearfach d'earnáil a bhfuil éileamh tomhaltóra cobhsaí aige agus fócas láidir ar fhorbairt táirge nua. Agus ceannas mhargadh na RA d'fhormhór onnmhaireoirí, is príomhthosaíocht í an t-éagsúlú don earnáil, rogha atá á cur chun cinn cheana ag onnmhaireoirí móra. Leanfaidh cuideachtaí ag díriú ar mhargaí nua san Eoraip agus sa Mheánoirthear agus ionchas ar leith ag an Araib Shádach d'earraí bácáilte milse.

### Milseogra

Tháinig meath beagán ar onnmhairí seacláide, go príomha barraí seacláide príomhshrutha, agus seacláidí préimhe i mboscaí mar bhronntanas, i 2017 go €227m, an meath seo ag dul in aghaidh treocht fáis le blianta beaga anuas.

Bhí margadh na RA seasta agus rinneadh dul chun cinn i sólaistí préimhe. Tá comhábhair ar cháilíocht níos fearr ag teastáil ó thomhaltóirí freisin le haghaidh suaimhneas intinne agus stíl bheatha níos sláintiúla rud atá ag tiomáint suime in éagsúlacht níos mó roghanna chun cinn.

### Grósaeireacht

Bhí fás de 5% ag an earnáil ghrósaeireachta i 2017. Ba é margadh na RA faoi ndear príomhsciar onnmhairí a chuimsíonn táirgí lipéadaithe príobháideacha agus táirgí brandáilte araon agus bhí fás luacha de 7% bliain ar bhliain i 2017.  Is príomhthiománaí é éagsúlú margaidh agus onnmhaireoirí ag cur béim níos mó ar mhargaí agus cainéil nua a fhás lena n-áirítear ar líne, lipéid phríobháideacha agus lascaineoirí. Cuidíonn nuálaíocht, difreáil agus tairiscintí breisluacha chun éagsúlú margaidh a thiomáint. Is príomhthiománaithe fáis iad sláinte agus áisiúlacht. Cuideoidh fócas ar phacáistiú, ar dhaingniú, ar cháilíocht, inbhuanaitheacht agus bunáitíocht chun cumas onnmhairithe na hearnála a leathnú. Príomhdhúshlán is ea láithreacht táirgí allmhairithe ar an seilf. Is iad costais ionchuir, méaduithe ar phraghas tráchtearraí agus go háirithe costais siúcra atá ag ardú agus luaineacht airgeadra na príomhdhúshláin atá roimh déantúsóirí agus iad ag tabhairt aghaidh ar iomaitheoirí na RA agus na hEorpa. Is iomaí cuideachta atá ag lorg deiseanna nideoige go gníomhach agus iad i gcomhar ag seónna trádála le fócas ar dheighleoga mar saor ó, sláinte agus orgánach. Is iad margaí na RA agus Eorpacha na príomh-mhargaí sprice agus margaí nua mar an Meánoirthear, an Áise Thoir Theas, an Rúis agus na tíortha Lochlannacha ag teacht chun cinn agus deiseanna nua á gcur ar fáil don earnáil.

### Reoite

Is í an RA, go háirithe an earnáil miondíola, atá mar phríomh-mhargadh onnmhairí do dhéantúsóirí bia reoite miondíola na hÉireann i gcónaí.  I 2017, chríochnaigh earnáil bia reoite na RA ar ardphointe, fás díolacháin á choinneáil a d'fhág gur sháraigh sé an chloch mhíle 6bn sa dara leath den bhliain. Dar le Kantar, bhí ardú ar luach díolachán bia reoite de 6.1% bliain ar bhliain. Mhéadaigh méideanna freisin de 2%, a chruthaigh luach breise £64m don earnáil. Bhí an fheidhmíocht ann de bharr préimhe na catagóire, nuálaíocht i mbianna reoite níos sláintiúla agus feasacht atá ag dul i méid ag tomhaltóirí gur féidir leis an rud reoite bheith de cháilíocht chomh maith leis an rud úr. Ta brandaí agus miondíoltóirí na RA tar éis infheistiú go trom freisin i bhfeachtas fógraíochta chun aireachtáil bianna reoite a athrú sa RA.

Níos gaire do bhaile tá margadh miondíola reoite na hÉireann ag fás go láidir i gcónaí. Dar le Kantar, is fiú an chatagóir reoite

agus sciar 4.8% den ghrósaeireacht iomlán agus tá fás 6.3% faoi.

Sa Ghearmáin, tá fás thart ar 2% ag an gcatagóir seirbhíse bia agus miondíola reoite. Dar le hInstitiúid Bia Reoite na Gearmáine (DTI), tá an t-éileamh méadaitheach ar tháirgí reoite tiomáinte ag an meath foriomlán ar an gcócaireacht baile agus caitheamh méadaithe lasmuigh den baile.

Cé gurb í an RA an margadh onnmhairí lárnach don earnáil seo tá an Breatimeacht tar éis aird a tharraingt ar éagsúlú. Bhí liostú breise do chuideachtaí Éireannacha i miondíol agus seirbhís bia reoite i margaí mhór-roinn na hEorpa agus tríú tíortha go háirithe sna tairiscintí reoite nuálacha atá ag méadú laistigh de na spásanna préimhe agus sláinte. Ach tá dúshláin sa chatagóir i gcónaí agus í ag iarraidh bogadh ar aghaidh óna fócas traidisiúnta 'siopaeir ar bhuiséad'.

Áirítear go bhfuil an spas miondíola tiomnaithe don chatagóir Reoite laghdaithe de 10% le blianta beaga anuas cé go bhfuil an chatagóir reoite ag feidhmiú go láidir trí chainéil siopadóireachta ar líne. Tá infheistiú á dhéanamh ag miondíoltóirí príomhshrutha ina raonta reoite le lipéad príobháideach, a léiríonn tiomantas don chatagóir le fócas ar tháirge préimhe agus nuálaíocht. Tá an claonadh ag díolacháin lipéad príobháideach reoite déanamh níos fearr ná táirgí branda i bhformhór na bpríomh-mhargaí. Is sampla de seo an píotsa reoite agus an chaoi a dtéann an nuálaíocht a bhaineann le sláinte, préimhe agus blasanna domhanda i gcionn ar thomhaltóirí agus cuireann toradh níos fearr ar fáil do thomhaltóirí.

## DEOCHANNA

Lean earnáil deochanna na hÉireann air, fás agus infheistíocht á léiriú aige i gcónaí i 2017. Lean fás ar onnmhairí deochanna ag tógáil ar fheidhmíocht 2016 le ardú domhanda foriomlán de 5% go beagnach €1.5bn. Tá an tóir ar uisce beatha na hÉireann i margaí domhanda ag treorú an fháis seo agus fás de bheagnach 20% á léiriú sa chatagóir seo chun €600m a bhaint amach. Licéar uachtair an fheidhmíocht is fearr ina dhiaidh sin, díolacháin onnmhairí de €300m á mbaint amach. Tá beoir sa tríú háit ansin le luach de €280m, ar titim fíorbheag é.

Agus uisce beatha na hÉireann ag freastal i gcónaí ar éileamh méadaitheach an tomhaltóra do bhiotáille préimhe, tá cuid mhór mórbhrandaí dí ag iarraidh fuisce na hÉireann a bheith ina bpunann. Tá acmhainn táirgthe ag méadú ag teacht leis an éileamh agus cé go raibh ceithre dhrioglann ann i 2013 tá 18 ag an tionscal anois agus 16 eile á bpleanáil. I gcomhthráth leis an bhfás ar dhriogadh fuisce tá borradh faoi tháirgeadh jin agus



iliomad brandaí préimhe ag teacht chun cinn. Bhí an fócas ar an margadh baile go dtí seo ach is é is dóigh go leanfaidh onnmhairí suntasacha.

Tá tionscal na beorach ceirde in Éirinn seanbhunaithe anois agus suas le 100 branda ar fáil faoi láthair. Is ionann beoir cheirde anois agus beagnach 4% den mhargadh beorach baile. Tá onnmhairí Éireannacha den bheoir cheirde tearcfhorbartha i gcónaí, a bheag nó a mhór, agus is catagóir í seo a chaithfidh straitéis onnmhairithe a fhorbairt de réir mar a bhíonn an margadh baile níos plúchta.

## BIA MARA

### Mhéadaigh luach onnmhairí bia farraige de 10% i 2017, chun luach onnmhairí de €612m a bhaint amach agus meánphraghsanna aonaid laghdaithe beagán de 4% chun figiúir de €2,589 an tonna a bhaint amach thar gach speiceas. Léiríonn na figiúirí seo méadú 15% i méideanna onnmhairithe i rith na tréimhse seo.

Tá ceannas i gcónaí ag príomh-mhargaí an AE, is iad sin an Fhrainc, an Spáinn, an RA, an Iodáil agus an Ghearmáin, ar onnmhairí bia farraige, arb ionann agus thart ar 61% d'onnmhairí iomlána ó thaobh luacha. I 2017, ba í an Fhrainc a bhí ar an margadh onnmhairí is mó i gcónaí, 27% de luachanna onnmhairí iomlána aici agus í ag fás de bhreis agus 5% ó thaobh luacha ainneoin fás a bhí seasta go maith ó thaobh méideanna onnmhairí. Thiomáin méaduithe praghsanna aonaid de bhreis ar 14% luach onnmhairí go dtí an margadh seo i rith 2017.

Bhí meath beag ar luachanna onnmhairí de 2% ag margadh na Spáinne, an dara margadh onnmhairí is mó d'Éirinn, tiomáinte ag méideanna onnmhairí ag dul i laghad de 4% i rith na tréimhse seo. Ar an gcaoi chéanna, laghdaigh luachanna onnmhairí go dtí an Iodáil agus an RA de 6% agus 7% faoi seach ó thaobh luacha. Laghdaigh trádáil go dtí an Ghearmáin de 2% ó thaobh luacha in aghaidh cúlra de mhéideanna a bhí ag dul i laghad isteach sa mhargadh seo de bheagnach 26%. Léiríonn na figiúirí seo na méaduithe móra i bpraghsanna aonad bia farraige a onnmhairíodh chun na Gearmáine, méadú de bheagnach 58% i rith 2017 agus léiríonn láidreacht an éilimh ar bhia farraige Éireannach ardcháilíochta sa mhargadh áirithe seo. Ba ionann margaí eile san Eoraip agus sciar 13% de luachanna onnmhairí bia farraige iomlána. Ar fheidhmíochtaí sonracha eile i rith 2017 bhí margadh na Polainne agus onnmhairí go dtí an margadh seo ag méadú de 242% agus margadh na nOllannach ar mhéadaigh a luach de 57%.

Is ionann sciar onnmhairí bia farraige go dtí margaí idirnáisiúnta agus thart ar 26% de luach onnmhairí iomlána faoi láthair, ag thart ar €160m ó thaobh luacha. Is ionann ceithre phríomh-mhargadh Afracacha na hÉireann – an Nigéir, Camarún, an Éigipt agus Gána agus beagnach 10% d'onnmhairí iomlána. Bhí onnmhairí go dtí an Nigéir beagnach 5% níos ísle ó thaobh luacha i gcomparáid le 2016 ainneoin méadú ar mhéideanna de thart ar 69%. Tá cúinsí trádála ar mhargadh na Nigéire deacair i gcónaí, le meath ar luach á thiomáint ag titim shuntasach sna meánphraghsanna a fuarthas sa mhargadh seo ainneoin gnóthachain ar mhéideanna. Thit onnmhairí bia farraige go dtí an Éigipt de 58% le linn d'onnmhairí go Gána agus Camarún feidhmíochtaí an-dearfacha a thaifeadadh, i dtéarmaí luacha agus méide. Mhéadaigh onnmhairí go dtí ceithre phríomh-mhargadh na hÁise le chéile – an tSín, Hong Cong, an Chóiré Theas agus an tSeapáin – de 13% measta ó thaobh luacha i 2017 i gcomparáid le 2016. Ar an iomlán, ba ionann na ceithre mhargadh Áiseacha seo agus 11% de luachanna onnmhairí bia farraige iomlána i 2017. Agus margaí níos leithne na hÁise Thoir Theas á gcur san áireamh lena n-áirítear Vítneam, Singeapór, an Mhalaeisia agus an Téalainn, ba ionann an réigiún seo agus breis agus 12% de luachanna onnmhairí iomlána i 2017.

Déan comparáid idir seo agus sciar de 7% amháin de luachanna onnmhairí bia farraige i 2013, a léiríonn fócas méadaithe ag an earnáil Éireannach agus Bord Bia sa bhforbairt mhargaidh agus iarrachtaí promóisin sa réigiún seo le cúig bliana anuas.





# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: **GNÓLACHTAÍ BEAGA & GNÓLACHTAÍ ORGÁNACHA**



Is é an sainmhíniú a thugann Bord Bia ar earnáil na ngnólachtaí beaga ná gnólachtaí a bhfuil láimhdeachas bliantúil níos lú ná €3.5m acu, a dhéanann ionadaíocht ar na hearnálacha uile ó dheochanna, bia farraige, déiríocht, sainfheoil agus bianna ullmhaithe. Bíonn caidreamh ag Bord Bia le breis agus 700 cliant san earnáil seo, figiúr ina bhfacthas fás leanúnach le blianta beaga anuas.

Bíonn tomhaltóirí ag cuardach bianna le barántúlacht agus bunáitíocht agus leanann soláthraithe áitiúla beaga, le raon éagsúil táirgí, an treocht seo. Meastar gur fiú luach na hearnála seo in Éirinn i 2017 agus €527m (figiúr Mintel) i láimhdeachas bliantúil. Léirítear éagsúlacht na hearnála freisin i bpróifíl gnólachtaí; ó nuathionscanta agus ceardaí, go stíl bheatha agus fiontair dírithe ar onnmhairí a fhásann go tapa.

## LÁ OSCAILTE NA NGNÓLACHTAÍ BEAGA

Mheall Lá Oscailte na nGnólachtaí Beaga de chuid Bord Bia ar 24 Eanáir 2017 breis agus 150 toscaire agus chuimsigh sé comhdháil maidine agus seisiúin scaoilte tar éis lóin. Áiríodh san imeacht taispeántas de sheirbhísí tacaíochta do ghnólachtaí beaga thar ceann Bord Bia agus na gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear Teagasc,

SFA, Oifigí Fiontair Áitiúla agus Love Irish Food mar aon le cláir idirghníomhaireachtaí mar an tAcadamh Bia agus FoodWorks. D'oscail an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Andrew Doyle, TD, an t-imeacht a raibh an téama 'Disruption–Paving a New Path for Success' aige agus Damien O'Reilly ó RTÉ sa chathaoir.

Ar na cainteoirí áiríodh ionadaithe ó 'disruptors' Airbnb, atá tar éis dúshlán an spáis chóiríochta íoctha a thabhairt, agus Cook UK, a bhain nideog nua dóibh féin amach go rathúil i spás miondíola reoite na RA. Mhínigh painéal de chúig ghnólacht bia Éireannacha an chaoi a raibh siad suaiteach diaidh ar ndiaidh maidir le cur chun cinn a samhla gnó faoi seach.

Chuir cainteoirí Bhord Bia béim ar na dúshláin agus na deiseanna do 2017 agus rinne cur síos freisin ar phríomhsheirbhísí ábhartha do ghnólachtaí beaga, léargais earnála táirge mionsonraithe á gcomhtháthú. Cuireadh seisiún faisnéisithe taighde ar fáil a choimisiúnaigh Bord Bia ar dhearcthaí tomhaltóra ar bhia áitiúil, rud a chuir le dhá sheisiún plé idirghníomhacha níos deireanaí sa lá.

## STAIDÉAR CAINNÍOCHTÚIL AR GHNÓLACHTAÍ BEAGA

Ar cheann de na gníomhaíochtaí a raibh cur síos air i Food Wise 2025 bhí straitéis earnála a fhorbairt do SMEanna bia agus dí, a leagan amach tacaíochtaí, spriocanna agus dea-chleachtais d'iontráil, d'fhorbairt agus do dhul chun cinn na gcuideachtaí seo go 2025. Maidir leis seo, agus tírdhreach athraitheach na hearnála á aithint sna blianta deireanacha, d'aithin Bord Bia an chéad chéim thábhachtach, agus ba é sin staidéar cainníochtúil den earnáil.

Choimisiúnaigh Bord Bia taighde i Q4 2017 chun earnáil na ngnólachtaí beaga in Éirinn a chainníochtú. Agus cuid mhór iontrálaithe nua san earnáil agus forbairtí sna tacaíochta a tairgtear dóibh seo, tá sé tábhachtach riachtanais na hearnála a mheas go cruinn agus chun measúnú a dhéanamh féachaint cé chomh mór a fhreastalaítear ar na riachtanais sin leis na tacaíochtaí atá ann. Is céad chéim thábhachtach an taighde seo i straitéis earnála a fhorbairt d'earnáil na ngnólachtaí beaga i 2018.

Reáchtáladh agallaimh dhoimhne duine ar dhuine le sampla ionadaíoch náisiúnta de bhreis agus 20 táirgeoirí gnólachtaí beaga go deireanach i 2017 agus forbraíodh suirbhé ar líne chun ionchur níos leithne a fháil ó thairgeoirí beaga go luath i 2018. Cuirfidh na torthaí seo le forbairt Straitéis Earnála ar leith do Ghnólachtaí Bia & Dí Beaga Bhord Bia atá le seoladh níos deireanaí i 2018.

## VANTAGE BHORD BIA

Tugann Bord Bia aghaidh ar riachtanais ghnólachtaí beaga le láimhdeachas de níos lú ná €3.5 milliún trí Chlár Vantage Bhord Bia a chuireann ar chumas úinéirí/bainisteoirí rochtain a fháil ar shaineolas agus ar phróisis dea-chleachtais chun cuidiú leo a margaí faoi seach a neartú. Tá Bord Bia Vantage, a seoladh i 2007, ceaptha freastal ar na héilimh a chuirtear ar úinéirí-bainisteoirí atá ag feidhmiú san earnáil seo ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil agus fás agus leathnú gnó á éascú aige.

Is iad seo príomhardáin seirbhíse Vantage Bhord Bia i 2017:

### Bord Bia Vantage Point:

Is é Vantage Point treoir acmhainne ar líne Bhord Bia do ghnólachtaí beaga. Is spás idirlín fócasaithe é seo do ghnólachtaí beaga bia agus dí ag www.bordbiavantage.ie. Tá cur síos ar an láithreán gréasáin ar phríomhsheirbhísí Bhord Bia don phobal beag bia agus dí mar aon le sonraí margaidh, imeachtaí trádála agus tomhaltóra. Sháraigh cuairteanna ar an suíomh 24,000 i 2017 agus is iad eolas margaidh, léargais earnála, airgeadas margaíochta agus forbairt ghnó na ranna is minice ar tugadh cuairt orthu.

### Vantage Plus Bhord Bia:

Is Clár é Vantage Plus atá ceaptha cumais agus inniúlachtaí cuideachtaí beaga gnó a fhorbairt i bpríomhréimsí forbartha gnó agus margaidh. Beidh na seirbhísí a thairgtear faoi Vantage Plus ó 2018 ar aghaidh ailínithe leis an straitéis nua do ghnólachtaí beaga a fhorbraíodh i 2018.

## TACAÍOCHTAÍ DON BHEALACH CHUN MARGAIDH

I dtéarmaí bealach chun margaidh ó pheirspictíocht mhargadh na hÉireann, tairgeann Bord Bia raon tacaíochtaí do chliaint ghnólachtaí beaga.

### Food Academy Start agus Advance

Is comhthionscnamh é Food Academy de chuid Bord Bia, SuperValu agus Oifigí Fiontair Áitiúla. Forbraíodh i 2013 é agus tá sé d'aidhm ag an gclár Food Academy Start clár caighdeánaithe a chur ar fáil d'iontrálaithe nua san earnáil bia, cuma cén áit in Éirinn ina bhfuil siad lonnaithe. Chomh maith leis seo is feithicil an clár le soláthraithe inbhuanaithe a chur in aithne do thimpeallacht Musgrave, ó thionscnamh go liostú áitiúil agus réigiúnach agus sa deireadh thiar náisiúnta. Tá Food Academy Start ceaptha leas líon mór cuideachtaí a dhéanamh ag an staid tionscanta, atá ag iarraidh forbairt ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Tugtar oiliúint do rannpháirtithe i raon leathan réimsí a chlúdaíonn an tomhaltóir agus an margadh, brandáil, airgeadas, rialáil agus táirgeadh.

Tá breis agus 700 cuideachta tar éis Food Academy Start a thabhairt chun críche amhail Nollaig 2017 agus SuperValu ag tuairisciú go bhfuil 350 táirgeoir beo sa siopa ag an bpointe seo. Maíonn breis agus 170 siopa go bhfuil daingneán saincheaptha Food Academy acu agus bhain díolacháin ón ndaingneán Food Academy i siopaí SuperValu agus Centra le chéile €35m amach i 2017.

Rinneadh measúnú cuimsitheach 360° ar an gclár i 2017 agus cuireadh tús le leasaithe ar ábhar agus ar struchtúr an chláir amach sa bhliain. Seolfar ábhar an chláir nua ar fud na tíre ag deireadh Q1 2018.

Mar chéim leantach de Food Academy Start, aithnítear líon beag ar leith cuideachtaí gach bliain a meastar ardionchas a bheith acu agus téann siad ar aghaidh go dtí céim ardleibhéil den chlár, Food Academy Advance, áit a mbíonn rochtain acu ar shaineolas i mbrandáil, airgeadas, forbairt ghnó agus dáileadh, leis an aidhm a dtáirgeadh a uas-scálú agus sa deireadh b'fhéidir liostú náisiúnta a fháil leis an slabhra ollmhargaidh. Bhain aon chuideachta déag ón dtríú grúpa den Food Academy Advance ceannchúrsa amach i nDeireadh Fómhar 2017.

### Food Starter

Mar chuid den measúnú do Food Academy Start a luadh roimhe seo, ba léir go raibh éagsúlacht mhór eolais i measc cuideachtaí a bhí ag tosú amach ar an gclár. Forbraíodh clár ag céim níos luaithe chun cuidiú le cuideachtaí ag an tús ar fad nuair nach léir dóibh go fóill inmharthanacht a ngnólachta nó an bealach is fearr chun margaidh.

Gineadh clár nua dar teideal Food Starter dá bharr seo, comhoibriú idir Bord Bia agus an líonra Oifigí Fiontair Áitiúla (LEO). Cuireadh tús le hobair ar an gclár seo i Samhain 2017 le seachadadh ag LEOnna aonair ó luath 2018, tar éis iarracht píolótach tosaigh. Tá Food Starter le bheith ina réamhriachtanas do Food Academy Start.

### Oiliúint do mhargadh na bhfeirmeoirí

Tá ról ríthábhachtach i gcónaí ag margaí bia (nó margaí feirmeoirí) agus bealaí díreacha eile chun margaidh do chuideachtaí atá ag an gcéim thionscanta agus ina dhiaidh trí rochtain ar riosca íseal chun an mhargaidh a chur ar fáil agus aiseolas díreach tomhaltóra. Aithníonn Food Wise 2025 an tábhacht a bhaineann le díol díreach agus áirítear ann moladh do thabhairt isteach ceardlann forbartha 'Díreach chuig an Tomhaltóir'. Sheachaid Bord Bia clár ceardlainne réigiúnaigh i 2016 agus 2017 le cuidiú chun tacaíocht a thabhairt do bhaill nua agus reatha den líonra margaidh bia agus iad ag iarraidh a ngnó a fhás go díreach le tomhaltóirí. Bhí an-tóir ar an tionscnamh seo agus 109 rannpháirtithe ann i 2016 agus 85 i 2017; tairgeofar tuilleadh ceardlanna do dhíoltóirí i rith an dara leath de 2018.

### FoodWorks

Oibríonn Food Works, príomhchlár géaraithe na hÉireann do ghnólachtaí nuathionscanta bia agus dí, le líon beag foirne bia nuathionscanta ardionchais a bhfuil smaoineamh gnó láidir bia acu. Tá sé d'aidhm ag an gclár, á reáchtáil ag Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus Teagasc, idéanna do tháirge nua nuálach a chothú agus a spreagadh a shásaíonn fíor-riachtanas margaidh agus a thacaíonn le fás tionscal bia na hÉireann ar scála domhanda. Ó 2012 i leith, d'oibrigh Food Works le 76 gnó tionscanta i bhforbairt idéanna gnó inscálaithe agus dírithe ar onnmhairiú.

Treoraíonn an dianchlár rannpháirtithe rathúla ón gcéim choincheapa tosaigh ar aghaidh go dtí forbairt táirge bia nó dí buaiteach le hionchas onnmhairithe domhanda. Ionchorpraíonn an clár raon iomlán tacaíochtaí gnó praiticiúla atá ceaptha plean gnó réidh d'infheisteoir a chur ar fáil do rannpháirtithe. Ar na tacaíochtaí áirítear taighde margaidh tomhaltóra, meantóireacht duine ar dhuine, comhairle theicniúil agus inmharthanacht thráchtála mar aon le rochtain mhear ar shaoráidí taighde agus (R&D), infheisteoirí ionchasacha agus maoiniú Stáit.

Tar éis an phróisis iarratais fhoirmiúil, lena n-áirítear próiseas dianchúrsa treoraithe ag an tionscal, roghnaíodh naoi rannpháirtí rathúla sa chlár deiridh agus cuireadh tús leis an gclár i nDeireadh Fómhair 2017. Tabharfaidh siad seo an clár FoodWorks chun críche i Meitheamh 2018.

## BLOOM 2017

Cuireann an Margadh Bia ag Bloom ardán do mhargaíocht, promóisean agus forbairt ghnó ar fáil do tháirgeoirí beaga bia. In iomlán bhí 69 táirgeoir bia agus dí rannpháirteach sa mhargadh



bia ag Bloom i 2017 lena n-áirítear 33 taispeántóir nua ar bhaineadar uile tairbhe as an líon cuairteoirí is mó riamh, 115,000 díobh, thar an imeacht cúig lá. Is gné seanbhunaithe ag Bloom é an Margadh Bia agus is deis taispeántais thábhachtach é freisin do tháirgeoirí le breis agus 200 ceannaitheoir trádála, as Éirinn agus ón RA ag freastal ar fháilte thrádála de chuid Bord Bia ag Bloom. Méadaíonn an Margadh Bia feasacht ar chuideachtaí bia nua agus níos lú agus cuireann deis ar fáil freisin do chuideachtaí bia dul i ngleic leis an tomhaltóir agus díol go díreach leis. Bhí an sráidbhaile bia ag Bloom ina óstach freisin ar 14 táirgeoir beaga dí lena n-áirítear 10 dtaispeántóir céad uaire, sa Bloom Inn.

## BIA ORGÁNACH

Léirigh margadh grósaera orgánach na hÉireann fás láidir i gcónaí. Cé go bhfuil sé réasúnta íseal go fóill mar chéatadán den mhargadh grósaera foriomlán, mhéadaigh díolacháin orgánacha de 10.5% bliain ar bhliain, agus díolacháin ghrósaeireachta orgánacha iomlána á luacháil ag Kantar ar thart ar €162m. Tháinig fás de 2.4% ar an earnáil ghrósaeireachta iomlán don tréimhse chéanna, na díolacháin mhiondíola ghrósaeireachta iomlána á gcur ag €10.4bn ag Kantar. Mheas taighde RedC a choimisiúnaigh Bord Bia go deireanach i 2017 gurbh fiú an margadh baile iomlán do dhíolacháin orgánacha, lena n-áirítear miondíol grósaeireachta, díolacháin dhíreacha agus cainéil eile, breis agus €205m in aghaidh na bliana.

Rinne Bord Bia taighde ar an margadh baile foriomlán do bhianna orgánacha i 2017, taighde trádála agus tomhaltóra araon a reáchtáil RedC. Leag torthaí an taighde seo béim ar dheiseanna do tháirgeoirí san earnáil orgánach agus roinneadh na torthaí seo le 50 duine a bhí i láthair ag seisiún faisnéise i mBord Bia i Samhain. Chomh maith leis an bhfócas ar an margadh baile, áiríodh sa seisiún faisnéise seo freisin léargas agus tuarascáil ar mhargadh orgánach Gearmánach agus cur i lather ar mhargadh na SA ar bhia orgánach, agus tuarascáil a foilsíodh air seo, an margadh domhanda is mó do bhia agus do dheoch orgánach ar fud an domhain. Ghlac 15 rannpháirtí ó 13 cuideachta páirt freisin i gcuairt ar mhargadh orgánach go Beirlín i Meán Fómhair. I rith an dara leath den bhliain, d'éascaigh Bord Bia arís eile meantóireacht orgánach do 16 táirgeoir orgánach beaga chun cuidiú leo ar bhealach saincheaptha lena bhforbairt margaidh baile.

### Seastán Bhord Bia ag Biofach 2017

Leanann Bord Bia air ag déanamh comhordú bliantúil ar sheastán na hÉireann ag Biofach, an seó trádála orgánach is mó ar domhan, a thionóltar i Nuremberg na Gearmáine. Agus é ar siúl mí Feabhra is í sprioc Bhord Bia feasacht agus eolas ar earnáil orgánach na hÉireann a mhéadú i measc ceannaitheoirí trádála i spriocmhargaí ábhartha, a ndéantar teagmháil leo go léir roimh an imeacht. Agus Origin Green mar théama uileghabhálach an seastáin, suíonn Bord Bia Éire mar sholáthraí inbhuanaithe, glas, glan. Bhí deich gcomhlacht orgánacha agus taispeántas acu ar an seastán i 2017 agus ionadaíocht á dhéanamh acu thar ceann táirgeoirí feola (3), bia farraige (3), déiríocht (1), deochanna (1) agus bianna ullmhaithe (2). Bhí aiseolas ón seó thar a bheith dearfach, seastán an-ghnóthach i gcónaí agus tuairisc ó thaispeántóirí gur sárdheis a bhí ann bualadh le custaiméirí reatha agus ionchasacha. Léirigh measúnú ar thaispeántóirí ar sheastán Bhord Bia tar éis an seó gurbh fhiú ordaithe a rinneadh go díreach ag an seó agus thart ar leathmhilliún euro agus bhí coinne ag taispeántóirí le €1.2m eile gnó sa 12 mí tar éis Biofach 2017.

I 2017 freisin thóg Bord Bia ar thionscadal onnmhairithe feola Orgánach 2016 chun feasacht ar mhairteoil agus ar uaineoil na hÉireann a neartú agus a fhorbairt agus chun díriú ar mhargaí do dheiseanna onnmhairithe agus iad a aithint. Tugadh faoi raon tionscnamh i rith 2017 le gafacht leanúnach agus ionchur ó phróiseálaithe; tógadh iad seo thar ar thrí chroíréimse: léargais, cumarsáidí agus forbairt trádála.

### Léargais

Ceannaíodh dhá thuarascáil ar leith ó Léargais Mhargaidh Todhchaí: Anailís ar an Tionscal Domhanda 2012-2016 agus Measúnú Deiseanna 2017-2027 do Mhairteoil Orgánach agus d'Uaineoil Orgánach. Tairgeann an dá thuarascáil raon léargas agus anailíse thar réimsí mar chineál táirge, úsáideoir deiridh, cainéal agus réigiún dáilte.

### Cumarsáid

Ba é príomhchuspóir na straitéise cumarsáide 2017 ná feasacht a mhúscailt ag an leibhéal trádála agus tomhaltóra araon thar il-ardáin. Dhírigh an straitéis ar thrí ráig leanúnacha gníomhaíochtaí lena n-áirítear alt fógraíochta (seacht bhfoilseachán trádála sa tSualainn, san Ísiltír, sa RA agus sa Danmhairg), bileoga oidis tomhaltóra (bileoga oidis nua mairteola agus uaineola i Sualainnis, Danmhairgis, Béarla agus Ollainnis do phríomhonnmhaireoirí agus liosta spriocdhírithe de chuntais seirbhíse bia/miondíola) agus acmhainn dhigiteach de físeáin oidis ar líne (sé físeán oidis ar stíl 'blasta' le bheith ar chainéal YouTube Bhord Bia agus ar ardáin meán sóisialta próiseálaithe/miondíoltóirí freisin).

### Forbairt trádála

Dhírigh gníomhaíocht forbartha trádála do mhairteoil agus d'uaineoil orgánach na hÉireann ar cheithre phríomh-mhargadh: Éire, an RA, Hong Cong agus an Iodáil. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí sna margaí seo promóisean d'fheoil orgánach na hÉireann le custaiméir miondíola ar líne, miondíoltóir ardleibhéil, oibritheoir seirbhíse bia/íoc is iompair agus lascaineoir thar na margaí seo.

Ar thionscnaimh bhreise earnáil-sonrach laistigh den chatagóir orgánach áirítear turas slabhra soláthair saothróirí glasraí go dtí an RA i Samhain le 10 saothróir Éireannacha, ag tabhairt cuairte ar oibritheoirí áitiúla d'fhonn foghlaim faoi oibríochtaí scálaithe agus dea-chleachtas i bpacáistiú, margaíocht agus lóistíocht.

Bhí an earnáil orgánach i gceist arís ag Bloom freisin i 2017 agus béim ar tháirgeoirí orgánacha sa mhargadh bia agus comharthaíocht lógó duilliúir orgánach an AE in úsáid. Tógadh gairdín orgánach agus bhí oibrithe deonacha SEED ina bhun, agus 40 rang ag tabhairt cuairt air thar dhá lá tosaigh an tseó agus na mílte cuairteoir ag foghlaim faoi shaothrú go horgánach i rith an imeacht chúig lá.

# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: **GAIRNEOIREACHT**



## AN MARGADH TÁIRGE ÚIR MIONDÍOLA

Bhí luach €1,5bn ar an margadh táirge úir i 2017 agus torthaí faoi ndear €757m, glasraí €575m agus prátaí €193m. Chuir méadaithe ar an meánphraghas agus meánmhéid a ceannaíodh in aghaidh an turais le luach an mhargaidh mhiondíola i 2017.

### Muisiriúin

I 2017 cuireadh luach ag geata na feirme sa bhreis ar €121m milliún ar thionscal na muisiriún a chuir 68,000 tonna táirge ar fáil. Onnmhairíonn tionscal na muisiriún 80% dá tháirgeadh go dtí margadh na RA agus ba í an earnáil ghairneoireachta is mó a ndeachaigh an luaineacht airgeadra i bhfeidhm air a lean an vóta don Bhreatimeacht i rith 2016. Chlúdaigh roinnt bearta a rinne an tionscal agus gníomhaireachtaí tacaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a chruthaigh an Breatimeacht roinnt réimsí lena n-airítear costais ionchuir a laghdú, bainistiú airgeadra, arduithe ar phraghsanna a lorg, taighde margaidh agus gníomhaíochtaí promóisin.

Ghlac roinnt cuideachtaí páirt i dtriail faoi idirghabháil bainistíochta barainneach chun táirgiúlacht a spreagadh agus costais a laghdú. Is í an RA an t-aon mhargadh onnmhairithe do mhuisiriúin na hÉireann. Laghdaigh onnmhairí de 3% ó thaobh méide i gcomparáid le 2016. Léirigh an margadh miondíola do mhuisiriúin go foriomlán fás maith méide ag ráta de 2.5% agus mhéadaigh luach ag 3 %. Ag 135,000 tonna, tá buaic sroichte ag díolacháin mhiondíola. Is é an 'cupán iata' an cineál is mó, iad faoi ndear beagnach 50% de na muisiriúin uile. Tá fás níos mó i gcineálacha a bhfuil méid níos ísle ach ó bhonn níos lú – is iad muisiriúin chnaipe agus muisiriúin donna an dá chineál leis an bhfás is láidre.

Ar an margadh baile bhí díolacháin muisiriún láidir agus méadú 6% ar mhéid agus 2% ar luach.

### Barraí glasraí cosanta

Léirigh an t-áireamh a rinneadh le gairid ar an earnáil ghlasraí/sailéid chosanta go raibh 190 heicteár tugtha don réimse curaíochta agus luach aschuir measta de €21m air. Is iad trátaí, piobair agus leitís na mórbharraí agus tá a bhformhór ceaptha dul chuig margadh miondíola na hÉireann. Go stairiúil bhí táirgeadh trátaí na hÉireann ag daingniú agus bhí roinnt méaduithe i réimse fáis na dtithe gloine. Bhí cúinsí maithe fáis ann i rith 2017 agus éileamh seasta ar chomhábhair sailéid i rith an tsamhraidh. Tháinig meath measartha ar dhíolacháin mhiondíola i leitís agus soilire, le linn do thrátaí agus cúcamair go háirithe, fás a taifeadadh.

### Barraí torthaí

Tháinig fás ó thaobh luacha ar thorthaí, an catagóir táirge úir is mó, de 5% i 2017 go dtí luach miondíola iomlán €757m. Mhéadaigh an margadh de 3% ó thaobh méide. Is iad úlla agus sútha talún an dá phríomhbharr torthaí a tháirgtear in Éirinn.

Léirigh an t-áireamh is deireanaí ar an earnáil torthaí boga go bhfástar breis agus 330 heicteár agus luach de bhreis ar €35m ar an aschur. Déantar an chuid is mó de thorthaí boga a tháirgeadh anois faoi chosaint ghloine nó polaitéine. I margadh na dtorthaí boga is iad sútha talún an barr is tábhachtaí agus d'fhág infheistíocht san earnáil gur cuireadh le séasúr fáis sútha talún ó luath san Aibreán go dtí mí na Nollaig. Bhí bliain mhaith ag sútha talún le méadú 9% ar dhíolacháin miondíola idir mhéid agus luach araon. Tháinig méadú ar luach shútha craobh, fraocháin ghorma agus cuiríní dearga de idir 6% agus 20%.

Áirítear luach aschuir úlla a tháirgtear sa mbaile ag €5m. Le blianta beaga anuas tá úlloird nuachurtha ann ar fhorbairt dhearfach é, mar aon le bunú úllord mór do dhéanamh sú. Tá éileamh ar úlla milse na hÉireann láidir i gcónaí agus bhí díolachán miondíola úll milse ar chomhchéim leis an mbliain roimhe, laghdaigh díolacháin úlla cócaireachta de bheagnach 5% ó thaobh luacha agus méide araon.

### Prátaí

Áiríodh go raibh táirgeadh prátaí i 2017 ag 384,000 tonna. Bhí breis agus 9,000 heicteár sa cheantar fáis. Is é Rooster an príomhchineál i gcónaí agus ar phríomhchineálacha eile áirítear Kerrs Pink, Queens agus cineálacha do tháirgeadh criospaí. Is é an margadh baile an príomh-mhargadh do thionscal na bprátaí a raibh luach €194m air i 2017 ag an leibhéal miondíola agus méid díolachán measta ag breis agus 200,000 tonna. Léiríonn sé seo téarnamh sa mhargadh sin tar éis titim ar feadh roinnt blianta.

### Glasraí páirce

Ba bhliain mhaith fáis ar an iomlán é 2017 do ghlasraí páirce. Léirigh an t-áireamh is deireanaí don earnáil ghlasraí páirce go bhfuil 166 saothróir glasraí tráchtála againn anois a fhásann 4,297 heicteár barranna. Ar na príomhbharraí a fhástar áirítear barraí brasacha agus fréimhe. Tá táirgeadh glasraí páirce comhchruinnithe i gCúige Laighean agus tá an réimse táirgthe is airde cuid mhór ag Baile Átha Cliath go háirithe, le 1,847 heicteár, an Mhí ansin (579 heicteár) agus Loch Garman (347 heicteár). Is ionann contaetha i gCúige Laighean agus 87% den réimse táirgthe náisiúnta fhoriomlán (ardú ó 83% i 2008). Léiríonn táirgeoirí ar scála mór céatadán suntasach atá ag fás, den réimse táirgthe iomlán. Is ionann an 50 saothróir is mó (ó thaobh réimse) agus 84% den réimse táirgthe glasraí páirce iomlán, ardú ó 74% i 2008. Cuireadh luach €575m ar an bpríomh-mhargadh miondíola baile do ghlasraí (lena n-áirítear glasraí cosanta) i 2017.

### Barraí taitneamhachta

Léiríonn an tomhas is deireanaí ar an margadh garraíodóireachta – á thomhas ag caiteachas tomhaltóra – go bhfuil luach ar an margadh taitneamhachta de €729 milliún agus go bhfuil sé ag dul i méid. Bhí feidhmíochtaí láidre thar na hearnálacha uile agus fás á léiriú ag líon na n-ócáidí ceannaigh agus luacha araon. Tá deiseanna don earnáil á nginiúint ag téarnamh sa gheilleagar agus san earnáil tógála.

Maidir le honnmhairí tá an earnáil ghairneoireachta taitneamhachta ag braith go mór ar an RA do dhíolacháin agus ainneoin athruithe airgeadra suntasacha a d'eascair as an mBreatimeacht, d'éirigh le saothróirí plandaí, crainn Nollaig, duilliúr gearrtha agus bláthanna a n-onnmhairí go Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór a choinneáil nó a mhéadú. Mhéadaigh luach iomlán onnmhairí ó €16.3m go €17.9m.

Is ionann stoc crua plandlainne agus €7m d'onnmhairí. I 2017 bhí 26 táirgeoir stoc plandlainne ag onnmhairiú go dtí Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór. Tá cúig onnmhaireoir bleibeanna/bláthanna gearrtha atá ag onnmhairiú stoc go dtí Tuaisceart Éireann, an Bhreatain agus mór-roinn na hEorpa. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag táirgeoirí duilliúr gearrtha isteach i mór-roinn na hEorpa chun cur in aghaidh an Bhreatimeachta agus margadh mhór-roinn na hEorpa bríomhar. Tá an príomh-onnmhaireoir duilliúr gearrtha tar éis raon brandáilte préimhe a fhorbairt freisin, Irish Green Guys, a bhfuil margaíocht dhíreach chuig bláthadóirí á dhéanamh leis agus tá ag éirí go han-mhaith leis agus úsáid á bhaint as ardáin na meán sóisialta.  Ba cheart go mbeadh fás suntasach de thoradh infheistíochtaí sa táirgeacht le deireanaí móide an t-ionchas an raon brandáilte a thiomáint. Bhí titim de thart ar 6% ar thorthaí crann Nollag ón RA ach d'fhág méadú beag ar mhéid gur choinnigh táirgeoirí a luach onnmhairí €4.8m.

## PROMÓISIN GHAIRNEOIREACHTA

### Cuireann muisiriúin le chuile shórt

I 2017 rinneadh iarratas rathúil ar mhaoiniú AE d'fheachtas €2m thar thrí bliana sa RA agus in Éirinn. Cuirtear tús leis an bhfeachtas nua i 2018, agus díreoidh sé ar fhógraíocht dhigiteach agus na meáin shóisialta. Is clár promóisin é 'Cuireann Muisiriúin le Chuile Shórt – Blas Iontach – Fásta san Eoraip' atá ceaptha béim a chur ar shláinte, ilúsáide agus cáilíocht mhuisiriún, agus a seasamh margaidh a choinneáil in aghaidh tacair de ghlasraí iomaíocha atá á n-allmhairiú go príomha isteach san AE.

Chomh-mhaoinigh Bord Bia feachtas leis an tionscal sa RA agus in Éirinn  2017 chun bearna gníomhaíochta a dhúnadh go dtí go gcuirfear tús leis an bhfeachtas nua i 2018. Bhí an fócas ar na meáin shóisialta agus dhigiteacha, agus bhain an feachtas 11m imprisean amach agus tugadh 139,000 cuairt ar an láithreán gréasáin dá bharr.

### Promóisean prátaí

Ar phríomhghníomhaíochtaí an fheachtais phromóisin maoinithe ag an AE agus ag an tionscal 2015 go 2018 dar teideal 'Potatoes – More Than A Bit On The Side' áirítear fógraíocht lasmuigh, i gcló agus ar líne mar aon le cumarsáid shuntasach ar na meáin shóisialta thar roinnt ardán digiteacha. Léiríonn taighde tomhaltóra atá ag rianú an fheachtais go bhfuil feasacht agus teachtaireachtaí ag fáil tríd. Tuairiscíonn sonraí Kantar Worldpanel do 2017 fás luacha agus méide araon sa mhargadh agus méadú ar mhinicíocht ceannaigh ag an sprioclucht spéise.

### Promóisean garraíodóireachta

Lean an feachtas promóisin tomhaltóra garraíodóireachta dar teideal GróMór leis an gcuspóir spreagadh a thabhairt don aoisghrúpa 35 go 45 dul i mbun garraíodóireachta, i 2017. Is tionscnamh é seo den ghrúpa lárionad garraíodóireachta faoi scáth Feabhas Miondíola Éireann agus tacaíocht aige ó thionscal an stoic plandlainne agus ó Bhord Bia. Ar an ngníomhaíocht áirítear PR, fógraíocht, na meáin shóisialta agus láithreán gréasáin feachtais.

### Seachtain náisiúnta sútha talún

Áiríodh ar an bpleanáil do Sheachtain Náisiúnta Sútha Talún taighde tomhaltóra a choimisiúnú ar dhearcthaí i leith sútha talún le bheith mar chatalaíoch do promóisean sútha talún i 2017. De thoradh na taighde rinneadh roinnt mórathruithe ar an bhfeachtas a bhí ina dheichiú bliain. Athraíodh ainm na seachtaine go dtí 'Celebrate Strawberry Week' le gan a bheith rófhoirmiúil agus go mbeadh sé níos mealltaí do thomhaltóirí.

Ba í buaicphointe an fheachtais seó gairdín Bloom a úsáid chun an tseachtain a sheoladh, agus a raibh gníomhaíochtaí PR dírithe air. Bhí an gairdín ar leathanach tosaigh an Irish Independent, arb é an clúdach PR is mó a baineadh amach le linn 10 mbliana an fheachtais. Bhí tástáil sútha talún ar siúl ag eatraimh rialta lámh leis an ngairdín agus bhí saothróirí ar an láthair le labhairt le cuairteoirí chuig an seó.

Seachas an gairdín bhí an fócas ar na meáin shóisialta, agus áiríodh ar an ábhar oidis, físeáin oidis, grafaic faisnéise, agus físeán feirmeora. Ar ghníomhaíochtaí eile áiríodh comórtas scoile agus urraíocht ar sheó raidió. D'fhág nochtadh na bhfíseán ar Facebook go raibh 110,000 amharc, agus rinne Instagram go maith i measc cainéal eile na meán sóisialta.

Bhí ábhar na meán sóisialta go léir brandáilte mar Celebrate Strawberry Week, agus Celebrate Strawberry Season sa gcaoi go bhféadfaí é a úsáid don chuid eile den samhradh agus sa bhfómhar.

### Food Dudes

Cuirtear Scéim Ghlasraí agus Thorthaí Scoile an AE i bhfeidhm in Éirinn tríd an gClár Food Dudes. Is tionscnamh athrú iompair dreasaithe fianaisebhunaithe é Clár Food Dudes atá á bhainistiú ag Bord Bia agus maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara agus ag an Aontas Eorpach.  Tá sé d'aidhm ag an gClár Food Dudes caitheamh inbhuanaithe torthaí agus glasraí a mhéadú i measc páistí bunscoile trí sholáthar agus tástáil torthaí agus glasraí arís agus arís eile thar thréimhse idirghabhála 16 lá le tacú ó bhearta ag dul leis i bhfoirm eiseamláir (Laochra Food Dudes) agus duaiseanna beaga (céim bhaile ina dhiaidh sin áit a gcuirtear na torthaí agus na glasraí ar fáil ón mbaile). Tugadh an Clár Food Dudes Boost isteach ag tús 2015 agus leanadh leis i 2017. Ghlac breis agus 700 scoil in iomlán agus breis agus 100,000 páiste scoile páirt sa chlár treisithe i 2017.

### Incredible Edibles

Is clár scoilbhunaithe é Incredible Edibles leis an aidhm tabhairt ar pháistí torthaí agus glasraí a fhás agus feasacht a mhéadú ar a ról in aiste bia sláintiúil agus cothromaithe. Á chómhaoiniú ag an tionscal gairneoireachta le tacaíocht ó na Ranna Sláinte agus Oideachais agus Bord Bia, déantar an clár a bhainistiú ag leibhéal na scoile ag an gcomhlacht promóisin feirmeoireachta Agri Aware. Ghlac 1,500 scoil náisiúnta páirt sa chlár i rith 2017.

## CLÁIR GHAIRNEOIREACHTA

### Cúnamh margaíochta

Faoi Chlár Cúnamh Margaíochta Bhord Bia fuair 32 gnólacht gairneoireachta cúnamh chun tabhairt faoi raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear seónna trádála, taighde margaidh, díolphointe, giniúint lipéadaithe agus forbairt láithreáin ghréasáin. Bronnadh deontais ar dhá chuideachta gairneoireachta faoin gClár Diansaothraithe Margaidh.

### Cláir cháilíochta tírdhreacha

Rinneadh cuairteanna iniúchta agus measúnuithe do na cuideachtaí sin atá ag obair chun a ndeimhniúchán faoin scéim a choinneáil.

### Tionscnamh práta sailéid

Lean Bord Bia lena urraíocht ar chomhairleoir speisialaithe san earnáil prátaí ó SRUC Albain chun teacht le clár leathnaithe thart ar agranamaíocht agus fás prátaí óga/sailéid in Éirinn. Áirítear gur ionann na prátaí seo agus idir 10-12% den mhargadh miondíola ó thaobh méide a fhreastalaíonn idir 15-20 saothróir Éireannach orthu. Ba é 2017 an bhliain dheireanach de thionscadal trí bliana, atá á reáchtáil i gcomhar le Teagasc agus leis an IFA, agus bhí faoi agranamaíocht agus eolas níos fearr a chur ar fáil do shaothróirí na hÉireann san earnáil seo.

### GLAS

Tionóladh Seó Trádála, GLAS – an príomhimeacht trádála d'earnáil ornáideach na hÉireann in Iúil. Leathnaigh an seó arís eile le breis agus 135 taispeántóir, lena n-áirítear 25 plandlann. Bhí líon na gcuairteoirí go maith agus breis agus 1,000 príomhcheannaitheoir táirgí gairneoireachta i láthair. Reáchtáladh raon seisiún oideachasúla agus faisnéiseacha san Amharclann Foghlama i rith an lae agus Bord Bia ag seachadadh torthaí an staidéir Gharraíodóireachta B&A, a rinne RedC.

### Aontaí plandaí náisiúnta

Reáchtáladh dhá aonach plandaí i rith an earraigh á n-eagrú ag Cumann Stoic Plandlainne Chrua na hÉireann le tacaíocht ó Bhord Bia. Is í aidhm na n-aontaí ceannaitheoirí agus saothróirí plandaí a thabhairt le chéile ar aon láthair amháin chun díolacháin plandaí de tháirge áitiúil a éascú agus a spreagadh ag tús an tséasúir gharraíodóireachta.

### Clár forbartha onnmhairí taitneamhachta

Aithníodh forbairt agus leathnú onnmhairí do tháirgí taitneamhachta, go háirithe stoc plandlainne, duilliúr gearrtha agus bleibeanna, mar dheis leathnaithe. Tá an Clár Onnmhairí

Taitneamhachta (AEP) dírithe ar úinéirí gnólachtaí gairneoireachta taitneamhachta ar mian leo tógáil ar dhíolacháin onnmhairí reatha nó dul isteach i margaí onnmhairithe den chéad uair. Tá na cuideachtaí seo gafa le gairneoireacht taitneamhachta; duilliúr gearrtha, bleibeanna/bláthanna, Crainn Nollag nó plandaí don ghairdín.  I 2017, bhí meantóir ann a raibh teagmháil rialta aige leis na príomhonnmhaireoirí barra taitneamhachta. Le teacht an Bhreatimeachta agus tábhacht margadh na RA d'onnmhaireoirí san earnáil seo méadaíodh agus díríodh an tacaíocht agus é riachtanach.

Samhain d'fhreastail plandlanna ar sheisiúin chomhairleoireachta sainoiriúnaithe tiomanta le meantóir ón earnáil taitneamhachta lonnaithe sa RA. Tugadh an nuachtlitir onnmhairí taitneamhachta isteach agus é á úsáid ag meantóir na hearnála i dteagmháil rialta le plandlanna rannpháirteacha chun nuashonruithe a sheoladh agus léargais rialta ar chustaiméirí nó iomaitheoirí ábhartha. I Meán Fómhair thacaigh Bord Bia le grúpa beag plandlanna a chuir acmhainní le chéile chun taispeántas a chur ar fáil ag seó Four Oaks sa RA.

Chomh maith leis seo bhí turas staidéir go dtí na SA do tháirgeoirí stoc plandlainne go luath i Samhain. Ba é cuspóir an turais modheolaíochtaí margaíochta agus táirgeachta nuálacha agus inaistritheacha a aithint a threalmhaíonn plandlanna chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar na dúshláin bainteach leis an mBreatimeacht.

### Seimineár do na saothróirí torthaí is fearr

Áiríodh sa bpríomhsheimineár bliantúil nuashonrú ar an margadh miondíola d'úlla, agus bhí fócas ar na meáin shóisialta agus céard is féidir leis a dhéanamh chun cuidiú le gnólachtaí úlla. Tugadh cuairt freisin ar shiopa feirme úll.

### Urraíochtaí

Tacaíonn Bord Bia le riachtanais an tionscail ghairneoireachta trí sholáthar urraíochta chuig comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna ábhartha mar aon le himeachtaí a eagraíonn eagraíochta eile a bhfuil Bord Bia bainteach leo. I 2017 tugadh tacaíocht do bhreis agus 10 n-imeacht/comhlachas dá leithéid.

Leanann Bord Bia air ag tabhairt tacaíochta do chomórtas Gairneoir óg na Bliana agus eagrú Léacht Chuimhneacháin David Robinson chun suim mac léinn san oideachas gairneoireachta a spreagadh, agus tacú leis.

### Bainistíocht bharainneach

Thóg tionscal na muisiriún prionsabail bainistíochta barainní mar chúnamh chun táirgiúlacht a mhéadú. Chun a n-ionchas chun cuidiú leis an tionscal a mheasúnú, bhí comhairleoireacht ann le Fiontraíocht Éireann agus le Teagasc a raibh tionscadal píolótach mar thoradh air a raibh sé tháirgeoir bainteach leis agus a bhí ar siúl go dtí Aibreán 2017. Lean na táirgeoirí an samhail den Tús Barainneach, lena n-áirítear seacht lá sainchomhairleoireachta. Bhí an t-aiseolas ón tionscal ar na tairbhí thar a bheith dearfach,



# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: **SEIRBHÍSÍ**




## CLÁR ORIGIN GREEN

I 2017 cuireadh gnéithe difriúla de roinnt clár de chuid Bord Bia le chéile agus cónascadh iad faoi Chlár Origin Green. Áiríodh orthu seo na Scéimeannna Dearbhaithe Cáilíochta, ballraíocht Origin Green do chuideachtaí bia, an earnáil seirbhíse bia agus miondíoltóirí agus cumarsáid an chláir. Tá gach gné d'fhianaise faoi tháirgeadh bia inbhuanaithe a chur ar fáil, ar an bhfeirm agus tar éis geata na feirme araon, comhcheangailte anois sa Chlár Origin Green.

### Origin Green – ag leibhéal na feirme

Tagann feirmeoirí chun bheith ina mbaill de Chlár Origin Green trí theacht chun bheith ina mbaill deimhnithe den Scéim Dhearbhaithe Inbhuanaithe ábhartha. Tá Bord Bia faoi láthair ag aistriú gach ceann dá Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta ina Scéimeanna Dearbhaithe Inbhuanaithe. Is éard atá i gceist anseo ná athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta ábhartha. I 2017 aistríodh an Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Mairteola agus Uaineola, an Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Uibheacha agus an Scéim Dhearbhaithe Gairneoireachta isteach sa Scéim Dhearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe (SBLAS), an Scéim Dhearbhaithe Uibheacha Inbhuanaithe agus an Scéim Dhearbhaithe Gairneoireachta Inbhuanaithe (SHAS) faoi seach agus fuair creidiúnú do na trí scéimeanna ó INAB go ISO17065. Chuaigh siad seo isteach in éineacht leis an Scéim Dhearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS), atá ag feidhmiú ó go luath i 2014. Le seoladh SBLAS in Aibreán 2017 cuireadh deasc cabhrach ar bun freisin chun cuidiú le feirmeoirí neamhchomhlíontachtaí a réiteach agus clabhsúr a chur leo. Chumasaigh an deasc cabhrach feirmeoirí freisin chun fianaise clabhsúir a uaslódáil agus riachtanas le cuairt a thabhairt ar fheirmeacha an athuair a laghdú go suntasach. Laghdaigh céatadán na bhfeirmeacha ar ghá don iniúchóir cuairt a thabhairt arís orthu de 90% ar an iomlán. Ag deireadh 2017 bhí 51,571 ball ag SBLAS agus 15,820 ball ag SDAS. Mhéadaigh ballraíocht i SDAS de 16% i gcomórtas leis an mbliain roimhe agus bhí trí chomharchumann a raibh 100% dá soláthraithe feirme déiríochta deimhnithe do SDAS faoi dheireadh na bliana. Meastar go mbeidh gach soláthraí bainne atá fanta ina mbaill deimhnithe de Chlár Origin Green i 2018. Lean aistriú na scéimeanna muc agus éanlaithe clóis go scéimeanna dearbhaithe inbhuanaithe i 2017 agus meastar go mbeidh siad creidiúnaithe agus seolta i 2018. Rinneadh obair ar an athbhreithniú ar an modúl táirgeoir plandaí taitneamhachta go modúl inbhuanaithe de SHAS i rith na bliana agus creidiúnú le teacht i 2018.

Bhí ballraíocht scéimeanna dearbhaithe feirme Bord Bia ag deireadh 2017 mar a leanas:

| Scéim/Speiceas | Ballraíocht |
|---|---|
| Mairteoil & Uaineoil | 51,571 |
| Déiríocht | 15,820 |
| Muc | 417 |
| Éanlaith Chlóis | 753 |
| Táirgeoirí Uibheacha | 229 |
| Gairneoireacht | 354 |
| Cothú | 89 |




Leanann Bord Bia air ag tomhas lorg carbóin na bhfeirmeacha déiríochta agus mairteola le linn iniúchtaí. Go dtí seo tugadh breis agus 170,000 measúnú carbóin ar fheirmeacha déiríochta agus mairteola chun críche. Tá samhlacha chun an lorg carbóin ar fheirmeacha uibheacha, éanlaithe clóis agus muc á bhforbairt.

I samhradh 2017, rinne Bord Bia turas staidéir ar thuaisceart Shasana le grúpa táirgeoirí déiríochta agus mairteola na hÉireann lena n-áirítear daoine a bhí sa bhabhta ceannais i nDámhachtainí Táirgeora Inbhuanaithe Origin Green an bhliain roimhe.

### Origin Green – ag leibhéal cuideachta

Féadfaidh cuideachtaí déantúsaíochta bia agus dí bheith ina mbaill de Chlár Origin Green trí thiomantas a thabhairt don Chairt Inbhuanaitheacha, agus pleananna inbhuanaitheachta a fhorbairt de chaighdeán sách ard le fíorú a bhaint amach. Faoi dheireadh 2017, bhí breis agus 570 cuideachta bia agus dí tar éis clárú don chlár, agus lánbhallraíocht sa chlár bainte amach ag 272 cuideachta. Léirítear an fás ar bhallraíocht fhíoraithe in Origin Green ó 2012 – 2017 sa ghraf thíos.

Ballraíocht Chuideachta Bia Origin Green 2012 - 2017




I 2016, leathnaigh Bord Bia an clár Origin Green go dtí an leibhéal deiridh den slabhra soláthair le tabhairt isteach 'Cairt Inbhuanaitheachta Seirbhíse Bia agus Miondíola' mar chuid de chlár píolótach.

Mar a dhéanann déantúsóirí, glacann cuideachtaí seirbhíse bia agus miondíola páirt in Origin Green trí fhorbairt agus seachadadh spriocanna uaillmhianacha, intomhaiste agus am-sáinnithe mar chuid de phlean gníomhaíochta cúig bliana. Caithfidh na pleananna seo fíorú neamhspleách a fháil freisin sula mbronntar an deimhniú.

Faoi dheireadh 2017 bhí sé chuideachta seirbhíse bia agus miondíola tagtha chun bheith ina mbaill fhíoraithe d'Origin Green.

Tá Clár Origin Green ag feidhmiú anois le cúig bliana. I rith an ama sin mhéadaigh ballraíocht sa chlár go pointe ag a bhfuil breis agus 90% d'onnmhairí bia agus dí á dtáirgeadh ag cuideachtaí ar baill d'Origin Green iad. Tá athbhreithniú iomlán á dhéanamh ag Bord Bia ar an gclár chun an straitéis don chéad chúig bliana eile a shainmhíniú.

## LÉARGAS TOMHALTÓRA & MARGAIDH

Cibé an athruithe in áit an mhargaidh, brúnna iomaíocha nó go bunúsach an mhian rud éigin níos mó agus níos fearr a chruthú, bíonn gnólachtaí bia agus dí de shíor anois ag déanamh athshainithe agus mionchoigeartaithe ar an gcaoi a fheidhmíonn siad agus ar an rud a tháirgeann siad. Glacann Foireann Léargas Margaidh agus Tomhaltóra Bhord Bia mar chúram a chinntiú go bhfuil an tomhaltóir i lár straitéisí nuálacha agus margaíochta do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann. Oibríonn an fhoireann le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann, rochtain á cur ar fáil acu ar fhaisnéis domhanda, eolas agus taithí ar chatagóirí speisialaithe agus taighde gairmiúil agus scileanna éascaithe ó smaointeoirí margaíochta samhlaíocha.

### The Thinking House

Is lárionad léargas tomhaltóra é Thinking House Bhord Bia le fís agus cuspóir Éire a ardú ina náisiún táirgthe bia comhaimseartha den 21 haois a dhéanann tráchtálú ar tháirgeacht bia ag teacht le fíor-riachtanais tomhaltóra.

Tá an Thinking House ceaptha a chinntiú go dtosóidh na slabhraí brandála agus nuálaíochta ar fud tionscal dí agus bia na hÉireann, leis an tomhaltóir, agus go gcríochnóidh siad leis an tomhaltóir. Is spás a bheidh ann do chomhoibriú, do chomhtháthú agus d'idirghníomh - campas a bhriseann síos stórtha agus a nascanna páirtithe leasmhara - fóram leis an rud a theastaíonn ón tionscal a chur in iúl don phobal taighde agus vice versa – táirgí inscálaithe, inbhuanaithe bunaithe ar riachtanas tomhaltóra á seachadadh.

### Obair atá sonrach do chuideachta

Leanann Leabhair Oibre Brandála agus Nuálaíochta Bhord Bia orthu, cur chuige struchtúrtha dírithe ar thomhaltóir á chur ar fáil do nuálaíocht agus brandáil rathúil chuideachtaí bia agus dí. Leanann Bord Bia ag tabhairt tacaíochta do chuideachtaí móra agus ar mheánmhéid agus i rith 2017 d'oibrigh le

100 cuideachta thar thionscadail straitéise, brandála agus nuálaíochta aonair.

Sháraigh an líon seo an meánsprioc de 75 cuideachta faoi Mheán Fómhair 2017 agus an sprioc-aschur de 60 suíomh branda aonair agus tionscadal NPD do 2017. De na 88 tionscadal seo, tharla 33 tionscadal léargais laistigh den mhargadh baile, tugadh 10 chun críche i margaí thar lear, bhí 14 tionscadal SuperBrands ar siúl ar fud na hÉireann agus na RA, agus, tugadh 31 tionscadal brandála eile chun críche iad uile ag cuidiú le brandaí Éireannacha a chruthú agus a neartú.

Feidhmíonn cuideachtaí beaga bia agus dí i dtimpeallacht thapa agus spreagúil agus tá earnáil ghnólachtaí beaga na hÉireann ag fás go seasta. Tá Brandáil agus Nuálaíocht lárnach d'fhás inbhuanaithe agus rathúil do chuid mhaith gnólachtaí beaga. Chun dul san iomaíocht go rathúil le brandaí níos nó agus níos seanbhunaithe caithfidh táirgeoirí bia agus dí na hÉireann a SuperBrands féin a chruthú. Is é SuperBrands do Ghnólachtaí níos Lú clár Fhoireann Léargas Margaidh & Tomhaltóra Bhord Bia atá ceaptha brandaí beaga a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile. Trí thaighde margaíochta agus comhairleoireacht shaincheaptha, cuidíonn an clár SuperBrands le húinéirí brandaí beaga a straitéis brandála agus a ndearadh pacáistithe a fhorbairt. Bhí 14 cuideachta a bhí rannpháirteach sa tionscnamh seo i rith na bliana.

Cuireann an clár tomhaltóra Taste n'Tell tomhas cainníochtúil ar fáil ar fheidhmíocht táirge agus ar mhealladh coincheapa le tomhaltóirí chun rathúlacht tráchtála a optamú. Laghdaítear baol na nuálaíochta ní hamháin trí scagadh agus measúnú ar choincheapa táirge nua ach freisin iad a thagarmharcáil in aghaidh iomaitheoirí. Ghlac cúig chuideachta páirt sa chlár i rith 2017 i gcatagóirí mar bheoir cheirde, seacláid, uisce, feoil agus éanlaith chlóis.

### Treochtaí agus léargas

Cuidíonn PERIscope, an staidéar rianaithe débhliantúil ar iompar tomhaltóra in Éirinn agus sa RA, le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann pleanáil don todhchaí agus cinntí eolasacha a dhéanamh, bunaithe ar iompar reatha tomhaltóra. Déanann an staidéar, a coimisiúnaíodh den chéad uair i 2001, iniúchadh ar dhearcthaí agus ar iompair laistigh de rud ar bith bainteach le bia agus le deoch. Áirítear ar na topaicí braistintí agus dearcthaí maidir le sláinte agus folláine, saincheisteanna timpeallachta, bia áitiúil agus in iompar cócaireachta, iompar grósaera agus nósanna itheacháin sa mbaile agus lasmuigh. Mharcáil staidéar 2017 seoladh débhliantúil do mhargadh na hÉireann agus na RA agus freisin seoladh sé thuarascáil idirnáisiúnta PERIscope. Reáchtáladh an staidéar rianaithe PERIscope sna tíortha idirnáisiúnta seo a leanas: an tSín, na SA, an Spáinn, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír. Cumasaíonn na staidéir comparáid iompar tomhaltóra na hÉireann le tomhaltóirí sna margaí sin agus comparáidí a dhéanamh feadh roinnt den méadracht chéanna. Tagann na staidéir seo chun bheith thar a bheith úsáideach do na cliaint sin a bhfuil uathu onnmhairiú go dtí na margaí seo sa gcaoi gur féidir leo tuiscint níos fearr a bheith ar na tomhaltóirí áitiúla.

Beidh seoladh den eagrán nua den chlár Treochtaí Stíl mhaireachtála Tomhaltóra (CLT) i 2018. Sainaithníonn an clár na treochtaí is mó a mhúnlaíonn beatha daoine as seo go ceann trí go cúig bliana. Trí choinneáil suas leis na treochtaí agus tri thuiscint céard atá ag teacht, cuidíonn an clár le cuideachtaí bia agus dí chun ullmhú níos fearr do riachtanais agus teastálacha a dtomhaltóirí, in Éirinn agus thar lear. Is iad na sé threocht Saolta Gnóthacha, Eispéiris Roinnte, Iarrthóirí Luach Pearsanta, Maireachtáil Fhreagrach, Sláinte agus Folláine agus Keeping It Real.

I rith 2017, tugadh an bhliain dheiridh de leagan 2015 chun críche, tuilleadh nuashonrú á dhéanamh ar an gclár agus athnuachan ar an ábhar agus samplaí treochta de dhá cheann de na treochtaí. Cinntíonn sé seo go mbíonn clár CLT ábhartha i gcónaí agus i mbarr a n-intinne ag cuideachtaí.

Anuas ar threochtaí tomhaltóra, scrúdaigh staidéar Inspioráid Cócaireachta 2017 saol na dtreochtaí cócaireachta. Áirítear ar na treochtaí cócaireachta seo stíleanna cócaireachta, ullmhú bia, comhábhair, blasanna, cumaisc agus cur i láthair trí dhathanna agus plátáil. Thosaigh scaipeadh ar an tionscal le All Natural, an chéad téama de na ceithre théama a scrúdaíodh, le moltaí inghníomhaithe chun cuidiú le forbairt táirge nua.

Chun smaointe agus cruthaitheacht a spreagadh agus chun cuidiú le cuideachtaí agus fiontraithe le giniúint nuálaíochta céad chéime, eagraíonn foireann Léargas Turais Taiscéalaíochta Inspioráide. Bíonn tumchuairteanna margaidh gríosaitheacha i gceist sa tionscnamh seo a bhreathnaíonn ar an gcultúr bia áitiúil agus treochtaí tomhaltóra infheicthe, bunaithe thart ar na sé Threocht Stíl mhaireachtála Tomhaltóra. Ar na cathracha Eorpacha ar tugadh cuairt orthu i rith 2017 le raon cuideachtaí bia agus dí, áiríodh Valencia agus Bologna. Tugadh turas gearr go Riyadh freisin i gcomhar leis an misean trádála go dtí an Meánoirthear. Ghlac 17 ionadaí ó chuideachtaí bia agus dí páirt i gclár 2017. Reáchtáladh turas tiomanta go dtí Chicago freisin thar ceann dhá chliantchuideachta.

Bhí iomadú ollmhór bianna ann a mhaígh go raibh ábhar ard-phróitéin iontu agus éileamh méadaitheach tomhaltóra ar na roghanna le próitéin ard iontu. Tá sé ríthábhachtach go dtuigeann tionscal bia na hÉireann agus go bhfanann siad chun tosaigh ar threochtaí sa réimse seo, sa gcaoi gur féidir leis leas a bhaint as an gcéad ráig eile de phaisean próitéine trí thograí ábhartha agus iontacha a chur ar fáil thar raon na príomhearnálach próitéine. Chun an freagra agus profáil don todhchaí de earnáil bia Éireannach i leith na n-athruithe seo ar éileamh, rinneadh taighde le soiléire a fháil ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn i bpríomh-mhargaí lena n-áirítear an tSín, an Ghearmáin, na SA, an RA agus Éire. Beidh na torthaí ón staidéar Future of Protein; 'Now & Next' ar fáil go luach i 2018.

Is é an tSín anois an dara margadh is mó do dhéiríocht na hÉireann agus beidh sé ina bpríomh-mhargadh i gcónaí ar feadh roinnt mhaith blianta eile. Tiomáineadh an fás ag catagóir foirmle bainne do naíonáin (IMF) go príomha. Chun a chinntiú go mbíonn cuideachtaí ullamh i gcónaí do chásanna todhchaí ionchasacha don tionscal, is féidir an staidéar, Todhchaí na Déríochta sa tSín a úsáid chun cuidiú leis an straitéis d'onnmhaireoirí déiríochta a threorú. Ba é an uaillmhian peirspictíocht dírithe ar an todhchaí a chur ar fáil ar threochtaí dóchúla agus deiseanna fáis go 2025 lena n-áirítear treochtaí agus deiseanna nuálaíochta ionchasacha don tionscal.



## STAIDÉIR TOMHALTÓRA & CATAGÓIRE

Reáchtáladh 21 staidéar léargais coimisiúnaithe i rith 2017. Scaipeadh na staidéir seo trí chruinnithe faisnéise ar thart ar 350 de lucht freastail sa Thinking House.

Rinne an Ócáid Sneaice a Thuiscint nuashonrú ar staidéar 2013 agus rinne iniúchadh ar na hiompar agus na dinimicí bainteach le ócáidí sneaice agus an chaoi ar féidir le cuideachtaí teacht i dtír ar chreidiúnaithe 'sláinte'. Tá beagnach 60% de gach bia sneaice suite anois i sláinte agus bíonn sneaic ag 4 as 10. Tá an chatagóir sneaice uile Éireann le fás de 5% thar na chéad chúig bliana eile go €3.58bn.

Rinne Taighde Páirtí Leasmhara Bloom measúnú ar an gcaoi ar féidir an t-imeacht a fheabhsú, agus d'fhorbair sé roinnt príomhcheachtanna ó dhomhan na garraíodóireachta le gnéithe bia agus gairneoireachta an imeachta a athchothromú.

Mhol Dearcthaí agus Inspreagadh Tomhaltóra maidir le Táirge Úr straitéisí don tionscal maidir le ceannach agus caitheamh táirge úir, go háirithe torthaí úra, glasraí, prátaí agus sailéid fuaraithe.

Garraíodóireacht in Éirinn: Agus thart ar 1.3m garraíodóir rialta in Éirinn, le meánaois 49 bliain, rinne an staidéar seo moltaí don tionscal ar a mbeadh ag teastáil ó na garraíodóirí seo sa todhchaí.

Chinn Léargas Trádála agus Tomhaltóra ar an gCatagóir Saor ó Ghlútan gur mhaígh 20% den phobal gur cheannaigh siad táirgí saor ó ghlútan. Agus na trí phríomhchineálacha don tomhaltóir saor ó ghlútan á iniúchadh: Lucht Slí Maireachtála, Éadulangacht ar Ghlútan agus Céiliaigh, rinne an staidéar seo iarracht iompair tomhaltóra agus an margadh a thuiscint ar bhealach níos mionsonraithe.

Rinne Méid Mhargaidh Bia agus Dí Orgánaigh na hÉireann iarracht luach níos cruinne agus próifíl den mhargadh bia iomlán in Éirinn a chur ar fáil. Ceannaíonn thart ar 58% de thomhaltóirí bia orgánach go rialta ach do bhia/deochanna áirithe amháin.

Chinn An Tomhaltóir Fuisce sa bhFrainc agus sa Ghearmáin go n-ólann 36% de dhaoine fásta na Fraince agus 24% sa Ghearmáin, uisce beatha in aghaidh na míosa, nó níos minice. Rinne an staidéar próifíliú ar óltóirí fuisce i ngach margadh, dearcthaí i leith fuisce agus rinne iniúchadh ar eispéireas branda fuiscí na hÉireann.

Margaíocht Mhairteoil na hÉireann sna SA: Agus margadh na SA oscailte arís do mhairteoil na h Éireann, rinneadh taighde le tuiscint cén chaoi ar féidir le mairteoil na hÉireann é féin a shuíomh laistigh den mhargadh agus dheimhnigh gurb iad cumarsáidí maidir le dintiúirí faoi chothú féarach na hÉireann an rud is mó a spreag tomhaltóirí na SA.

Rinne Feasacht ar Fheachtas Mhairteoil na hÉireann sa Bhreatain taighde ar an teachtaireacht is éifeachtaí chun feasacht agus cáil mhairteoil na hÉireann sa RA a neartú.

Rinne Suíomh Mhairteoil na hÉireann san Ísiltír iarracht suíomh reatha mhairteoil na hÉireann a thuiscint agus cén chaoi an leas is fearr a bhaint as feachtais chun suíomh ar an margadh Ollannach a neartú.

Rinne Deiseanna Féinlipéid san Eoraip a Iniúchadh taighde ar dheiseanna do sholáthairtí Éireannacha i dtrí mhargadh Eorpacha (An Eilvéis, an Spáinn agus an Ghearmáin) thar thrí chatagóir (cácaí milse agus brioscaí, iógart fuaraithe agus bia reoite).

Rinne GMO a Thuiscint iarracht feasacht chustaiméara agus tomhaltóra a thuiscint, iompar ceannaigh agus dearcthaí i leith GMO agus ról neamhGMO a mheasúnú do thionscal feola agus déiríochta na hÉireann.

Bhreathnaigh Clár na hInbhuanaitheachta Domhanda a Thuiscint ar 11 margadh thar lear le feasacht, dearcthaí agus iompair ceannaigh custaiméara agus tomhaltóra thart ar inbhuanaitheacht a mheasúnú.

Rinne Cothú Spóirt nuashonrú ar staidéar ó 2011 agus rinne iarracht staid an mhargaidh chothaithe spóirt sa lá atá inniu ann a thuiscint, céard iad na deighleoga tomhaltóra agus cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar an todhchaí. Áirítear Éire, an RA, an Ghearmáin agus na SA ar na príomh-mhargaí.

Ba staidéar e Léargas Uaineola Domhanda – Úsáid agus Dearcthaí Tomhaltóra thar cúig mhargadh Eorpacha chun úsáid agus dearcthaí tomhaltóra ar uaineoil na hÉireann a thuiscint.

Dhírigh Mairteoil in Oirthear na hEorpa – Úsáid agus Dearcthaí Tomhaltóra a Thuiscint ar an bPolainn, Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an Rómáin agus an Ungáir agus rinne iarracht iompar agus dearcthaí tomhaltóra áitiúil maidir le mairteoil a thuiscint

Tríd an staidéar ar thosaíocht mhargaidh Straitéis agus Léargas Mairteola do Mhargaí na hÁise Thoir Theas – sainaithníodh an tSeapáin, an Chóiré Theas, Singeapór agus na hOileáin Filipíneacha do mhairteoil na hÉireann agus an Chóiré Theas agus Vítneam do mhuiceoil. Tá siad seo á scrúdú chun straitéisí d'iontráil sa mhargadh a fhorbairt agus ár dtuiscint ar iompair siopadóireachta agus caithimh a neartú.

Déanann Project Drive; Brand Ireland iarracht creat sármhaitheasa a sheachadadh do tháirgeoirí bia agus dí na hÉireann chun dul san iomaíocht ar an stáitse domhanda. Tógann an staidéar ar thátail roimhe seo ó obair léargais Brand Ireland 2010 chun tuiscint níos fearr a fháil ar cén chaoi le cumarsáid a dhéanamh agus brandaí agus tráchtearraí a shuíomh leis na pleananna straitéiseacha cuí.

Coiste Taighde Iomaíoch na Roinne Talmhaíochta, Bia agus na Mara: Ag obair leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, seachadadh léargais mhargaidh agus chultúrtha don Araib Shádach, don tSeapáin agus do Chóiré Theas roimh misin trádála a bhí treoraithe ag an Aire Michael Creed TD i rith na bliana.

Anuas ar an méid thuas, oibríonn an fhoireann léargais go dlúth freisin les an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara i dtabhairt chun críche agus scaipeadh taighde ar an tionscal lena n-áirítear an móráireamh táirgeachta gairneoireachta,




torthaí baint prátaí agus iniúchtaí ar mhargaí miondíola, etc. Tá taighde tomhaltóra leanúnach á reáchtáil freisin a chlúdaíonn táirge úr agus garraíodóireacht, margadh miondíola na RA, margadh miondíola táirge úir agus rianú treochtaí san earnáil taitneamhachta.

### Staidéir Chultúrtha

***Bialanna Mearseirbhíse sa KSA & UAE a thuiscint:***
D'fhág misean trádála rathúil go dtí Ríocht na hAraibe Sádaí i bhFeabhra 2017 gur oscail rochtain ar an margadh do tháirgí próiseáilte mhairteoil na hÉireann. Chun dearcthaí reatha, iompair agus treochtaí sa bhialann mearfhreastail a thuiscint rinne tionscadal tomhaltóra 'an tumtha dhomhain' iarracht roghanna biachláir a fhorbairt, roghanna oidis agus feachtais chumarsáide margaíochta ionchasacha a thabharfaidh spreagadh dá gcustaiméirí.

***Deiseanna Déiríochta sa tSeapáin:*** Agus an catagóir déiríochta ag fás i gcónaí sa tSeapáin cuireann sé an t-ionchas ar fáil fás a thiomáint i raon catagóirí (taobh amuigh de bhainne) ar cháis, im, iógart agus deochanna déiríocht-bhunaithe. Scrúdaigh taighde athruithe cultúrtha i ndearcthaí agus i gcaitheamh na déiríochta thar na glúnta i bhfianaise nósanna bia atá ag athrú, an méadú ar an sneaiceáil agus tomhaltóirí Seapánacha atá níos airdeallaí faoin sláinte.

***Deiseanna Déiríochta san Afraic:*** Is príomhfhócas do thionscal déiríochta na hÉireann margadh déiríochta na hAfraice agus tá Bord Bia tar éis tabhairt faoi thionscadal taighde tomhaltóra chun deiseanna a aithint agus tuiscint dhomhain ar iompar chatagóir na déiríochta a chur ar fáil. Rinneadh an staidéar ar fud na Nigéire, Gána agus na hAfraice Theas agus d'iniúch sé úsáid agus dearcthaí i leith táirgí déiríochta, tiománaithe agus bacainní do leagan amach bainne difriúla agus na haitreabúidí mothúchánacha, céadfacha agus fisiciúla a mbaineann tomhaltóirí úsáid astu chun táirgí a mheas.

### Seirbhísí leabharlainne agus eolas

Coinníonn Bord Bia seirbhís eolais & leabharlainne ardchaighdeáin chun cuidiú le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann cinntí straitéiseacha níos eolasaí agus níos fearr a dhéanamh. Go dtí seo thug breis agus 200 cliant cuairt ar leabharlann Bhord Bia ag an Thinking House. Féadfaidh daoine den tionscal cuardach eolais saincheaptha ghairmiúil a lorg ó leabharlannaithe cáilithe a chuireann rochtain ar léargas margaidh agus tomhaltóra ar fáil i margaí baile agus domhanda. I rith 2017 bhainistigh foireann leabharlannaithe Bhord Bia breis agus 4,700 cuardach eolais thar cheann an tionscail, méadú 70% ar an líon cuardach cúlra saincheaptha a reáchtáladh i 2016.

Is nuachtlitir seachtainiúil é Food Alert a chuirtear chuig breis agus 2,200 síntiúsóir ag tabhairt peirspictíocht Bhord Bia ar na forbairtí agus na treochtaí is deireanaí sa tionscal bia agus dí ar fud an domhain, mar aon le heolas margaidh cothrom le dáta a chur ar fáil. Tá líon na léitheoirí méadaithe de bhreis agus 1,000 síntiúsóir sa bhliain atá caite agus bíonn léargas ó FoodAlert Bhord Bia le feiceáil go rialta sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Fóram Branda

Tá Fóram Branda Bhord Bia ag feidhmiú anois le ó 2001 agus chonaic 2017 buaicleibhéil rannpháirtíochta ar fud gach gné de Fóram Branda. Cuireann an Fóram Branda ceannaireacht smaointe ar fáil agus roinneann dea-chleachtas i mbrandáil bia agus dí le linn dó raon uirlisí brandála atá tomhaltóir-lárnach agus pragmatach ó thaobh tráchtála a chur ar fáil dá mbaill.

Agus éiteas oscailte agus cairdiúil aige, cuireann an Fóram Branda deis líonraithe agus foghlamtha uathúil ar fáil do bhreis agus 100 ball gníomhacha. Tugann imeachtaí ráithiúla deis do na baill seasamh siar ó dhúshláin laethúla le go gcuirfí eolas agus inspioráid ar fáil agus go mbeidís i dteagmháil le comhghleacaithe tionscail.

Agus sainchainteoirí branda ón tionscal bia agus dí ar fud an domhain, bíonn gach imeacht saincheaptha do bhaill an Fhóraim Bhranda agus curtha ar an eolas ag a Ghrúpa Stiúrtha. I rith na bliana bhí cainteoirí ó Proctor & Gamble, VitHit & WheyHey, Baileys agus Kepak Convenience (Rustlers Brand), Tillamook, (Portland Oregon); William Grant agus Core Media.

Áiríodh ar raon ceardlanna ar chothú branda saincheaptha i 2017 bainistiú sonraí do mhargóirí, straitéis físeán, pacáistiú agus dearadh agus PR forásach – cén chaoi le do bhranda a fhorbairt le lucht tionchair ar bhia agus dí agus blagálaithe.

Chuaigh an Fóram Branda i bpáirt le baill chun físeáin oidis agus íomhánna bainteach leo, a dhéanamh go dtí na caighdeáin táirgthe is airde. Chomh maith leis seo cuireadh cúnamh ar fáil d'úinéirí branda a bhí rannpháirteach ar chuardach do na físeáin oidis a optamú do gach cainéal digiteach.

Tairgeann an Fóram Branda cruinnithe faisnéisithe stiúrthóra freisin a thugann deis do cheannairí tionscail bheith rannpháirteach ag seisiúin léargais Q&A le príomhshaineolaithe tionscail. Ar na buaicphointí i 2017 áiríodh cruinniú faisnéise CEO le David Cotter, Bainisteoir Tíre de chuid Procter & Gamble; agus cruinniú faisnéise tiomanta do cheannairí an tionscail déiríochta le duine de phríomh-Chomharchumann déiríochta na SA – Tilamook, ó Portland Oregon.

I rith na bliana chuir an Fóram Branda Seiceáil Sláinte Branda ar siúl do 60 branda. Is é seo an seachtú bliain as a chéile den suirbhé cainníochtúil seo ar shiopaeirí grósaeireachta, thar 49 catagóir. Tá sé ceaptha eolas tábhachtach a bhailiú agus a anailísiú chun cuidiú le húinéirí branda thar méadracht mar fheasacht ar bhranda, breithniú branda, taithí ar bhranda, cothromas branda, tiomantas branda, ionchas todhchaí branda agus méadracht iomlán ar shláinte branda.

## MARGAÍOCHT AGUS CUMARSÁID

### Aontaí trádála/taispeántais/imeachtaí

Rinne Imeachtaí Margaíochta 53 imeacht in iomlán a bhainistiú thar na hearnálacha tionscail agus na hardáin phromóisin go léir.

Cuireadh puball Origin Green/na hÉireann i láthair ag 26 aonach trádála agus taispeántais idirnáisiúnta i 2016, a raibh lucht éisteachta sa bhreis ar 1.26m ceannaitheoir/cuairteoir i gcomhar, i láthair acu. Ag teacht le straitéis na heagraíochta chun bealaí go dtí an margadh a fhorbairt agus a choinneáil, ghlac Bord Bia páirt ag príomhsheónna móra mar Seafood Expo Global, an Bhruiséil agus Anuga, Cologne mar aon le haontaí trádála sainearnála mar ISM (milseogra), Biofach (orgánach), PLMA (lipéad príobháideach), Prowein (deochanna alcólacha), Speciality & Fine Food Fair (táirgí ceardaí), Conxemar agus Chinese Fisheries, Seafood Expo (bia farraige) agus CIMIE (feoil). Áiríodh ar thaispeántais a dhírigh ar réigiún ar leith Gulfood in Dubai, SIAL China i Shanghai agus Golden October Fair Moscow.

Agus iad ag tacú le cuideachtaí Éireannacha agus gnó nua á lorg acu ghlac an earnáil bianna ullmhaithe páirt i Free From Food i mBarcelona agus Lunch! i Londain. Bhí Bord Bia rannpháirteach den chéad uair ag Tarraingtí Feola i Maidrid áit ar cuireadh béim ar earnáil feola na hÉireann le seastán eolais agus blaiste, agus ghlac cuideachtaí bia farraige páirt ag Boston Seafood.

Eagraíodh trí mhisean trádála treoraithe ag aire i 2017. Reáchtáladh an chéad cheann go dtí an Araib Shádach agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha i bhFeabhra agus chríochnaigh sé in imeacht le Origin Green/Taste of Ireland do chustaiméirí in Dubai. I Meitheamh bhí misean go Meiriceá Thuaidh agus Meicsiceo agus cuairt ar an tSeapáin agus ar an gCóiré i Samhain a raibh seimineáir agus faisnéisiú tionscail agus custaiméara san áireamh ann.

D'eagraigh Bord Bia ceithre imeacht Breatimeachta i rith na bliana lena n-áirítear Cruinniú Faisnéise Tionscail Breatimeachta. Ag Bloom bhain na gníomhaíochtaí le suiteáil an tSráidbhaile Bia, Gníomhaíocht ó Thaithí Origin Green agus an t-eispéireas bia iomlán do 115,000 cuairteoir.

Ar phríomhthionscadail eile áiríodh Taispeántas Agrai-Ghairme IFJ, bronnadh Dámhachtainí Tionscail Bia agus Dí agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Chuaigh Bord Bia i gcomhar le BIM ag Seafest i Meitheamh agus Iúil a leathnaíodh go imeacht trí lá áit a d'eagraigh agus a reáchtáil an fhoireann taispeántas cócaireachta bia farraige agus ceannach éisc.

Ar imeachtaí eile áiríodh Lá Oscailte do Ghnólachtaí Beaga, Seimineár Seirbhíse Bia agus Seimineár ar Mhargaí Feola.

### Urraíochtaí

I rith 2017, rinne Bord Bia urraíocht ar Neven's Irish Food Trails ar RTÉ 1 dírithe ar thuiscint tomhaltóra ar Mharc Cáilíochta Bhord Bia a mhéadú. Thar an tsraith seacht seachtaine, thug Neven Maguire cuairt ar thairgeoirí bia difriúla mórthimpeall na hÉireann agus léirigh cén chaoi le raon oideas a chócaráil. Mheall sraith 2017 226,000 lucht féachana in aghaidh an chláir ar an meán. Tá tionchar na sraithe ag dul i méid i gcónaí agus 200,000 duine á rá go raibh tuiscint níos fearr acu ar an Marc Cáilíochta tar éis dóibh breathnú ar an gclár seo. Chomh maith leis seo dúirt 212,000 duine tar éis dóibh breathnú air gur dóchúla go gceannóidís bia leis an Marc Cáilíochta.

Áiríodh ar urraíochtaí dámhachtaine i 2017 catagóir bia agus dí Chomhlachas na nGnólachtaí Beaga agus Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann, mar aon leis an gcatagóir Ard-Seaimpín agus catagóir an Táirgeoir Ceardaí is Fearr ag dámhachtainí Blas na hÉireann.

Thug roinnt imeachtaí agus comhdhálacha bainteach le hagraibhia deiseanna do Bhord Bia an chuid is fearr i measc táirgí bia agus dí na hÉireann a chur ar taispeáint agus chun béim a chur ar Chlár Inbhuanaitheachta Origin Green do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áiríodh orthu seo an Siompóisiam Bia ar an Imeall agus an tAthrú Aeráide Domhanda, an Chomhdháil ar Thalmhaíocht agus Slándáil Bia i nGaillimh, an Chomhdháil ar Theicneolaíocht agus Eolaíocht na Feola (ICoMST) i mBaile Átha Cliath, Féile Liteartha Bia Bhaile Uí Mhaolmhuaidh, Fóram Bia Chiarraí/Corcaigh agus an Cruinniú Mullaigh Déiríochta Domhanda i mBéal Feirste.

### Airgeadas margaíochta

I 2017 d'fheidhmigh Bord Bia trí chlár deontas margaíochta, le tabhairt isteach an Chláir Diansaothraithe Margaíochta (MIP) taobh leis an gClár Cúnaimh Margaíochta (MAP) agus an Clár Athrú Céime (SCP). Bhí an MIP dírithe ar tháirgeoirí bia agus dí na hÉireann a fheidhmíonn le láimhdeachas idir €1m agus

€40m agus a onnmhairíonn 15% ar a laghad dá láimhdeachas go dtí an RA. Ba é cuspóir an MIP tacaíochtaí margaíochta spriocdhírithe a chur ar fáil do chuideachtaí le ardspleáchas ar mhargaí na RA. Chuir an cúnamh ar chumas cuideachtaí a suíomh a neartú sa mhargadh sin agus ina n-iarrachtaí ar éagsúlú margaidh.

Bhí MAP oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le láimhdeachas sa raon €100,000 go €3.5m. Bhí an SCP, faoina raibh suas le €50,000 ar fáil le cuidiú le "tionscadal/ gníomhaíocht nua" suntasach a raibh mórathrú céime nó athrú don chuideachta i gceist leis, oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a bhfuil láimhdeachas sa raon €100,000 go €10m acu. Cuireann na deontais mhargaíochta seo cúnamh ar fáil d'fhiontair bia dá ngníomhaíochtaí margaíochta.

I rith 2017, tugadh faomhadh do 31 cuideachta do €560,000 in iomlán faoin MIP. Tugadh faomhadh do €823,000 in iomlán do 180 cuideachta sna hearnálacha cáis feirme, dí, déiríocht fhuaraithe, milseogra, báicéireacht, bianna ullmhaithe, charcuterie, bia farraige agus gairneoireacht faoin MAP, agus tugadh faomhadh do €180,000 in iomlán do chúig chuideachta eile faoin SCP. Íocadh deontais arbh fhiú €1,514,520 in iomlán le 186 cuideachta i rith na bliana thar na trí chlár.

### Margadh baile

Is cuid den cholún straitéiseach 'Cumarsáid Bhranda san Aois Dhigiteach' clár margaíochta an Mharc Cáilíochta de chuid Bord Bia. Is é an aidhm fhoriomlán dílseacht siopaeirí Éireannacha agus ceannach bia leis an Marc Cáilíochta a mhéadú. Baintear é seo amach trí chuntas a thabhairt ar an gcaoi a chumasaíonn na caighdeáin cháilíochta agus na hiniúchtaí neamhspleácha taobh thiar den Mharc siopaeirí chun muinín a bheith acu agus taitneamh níos mó a bhaint as an mbia a chaitheann siad. Rinneadh na teachtaireachtaí seo a chomhtháthú ar fud na ngníomhaíochtaí cineálacha go léir ar an Marc Cáilíochta agus ar fud na gclár margaíochta d'uaineoil, do liamhás & bagún agus uibheacha.

Ag díriú ar shiopaeirí grósaeireachta baineann 30-60 bliain d'aois, áiríodh ar ghníomhaíochtaí cineálacha urraíocht ar chlár teilifíse RTÉ 'Home Chef' le Neven Maguire, promóisean feola leis an Marc Cáilíochta ag Bloom agus monatóireacht ar chion na dtáirgí feola leis an Marc ar fud miondíoltóirí.

Baineadh méadú ar mhinicíocht chaithimh raon feola agus uibheacha dearbhaithe cáilíochta amach go príomha trí fhógraíocht TV, gníomhaíochtaí PR agus forbairt agus cur sa timpeall ábhair dhigitigh nua. Reáchtáladh aon fheachtas déag i 2017 lena n-áirítear 20 seachtain d'fhógraíocht TV. Lean an feachtas 'Just Ask' freisin chun spreagadh a thabhairt do bhialanna béim a chur ar bhunús agus soláthraithe na feola ar a mbiachláir dá gcustaiméirí.

Measann siopaeirí gurb é Marc Cáilíochta Bhord Bia an foinse ceannasach dearbhaithe ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar bhunús bia ar an margadh baile i gcónaí. In iomlán tá 90% de shiopaeirí grósaeireachta na hÉireann feasach ar an Marc agus díobh seo deir 64% gur mó an seans go gceannóidís táirge feola tar éis an Marc Cáilíochta a fheiceáil air.

D'fhág an t-éileamh tomhaltóra méadaithe ar fheoil leis an Marc Cáilíochta ar a sheal gur mhéadaigh miondíoltóirí an cion spáis ar an seilf d'fheoil dearbhaithe cáilithe. I measc miondíoltóirí, mhéadaigh céatadán na dtáirgí feola a raibh Marc Cáilíochta Bhord Bia orthu de 1% go dtí 71%.

Ba í 2017 an dara bhliain de straitéis sliogéisc trí bliana ar an margadh baile agus an fócas ar dhiúilicíní. Ba é an príomhchuspóir méid na ndiúilicíní a ceannaíodh in asraonta miondíola a mhéadú. Baineadh é seo amach trí dhíriú isteach ar shiopaeirí baineann le hioncam níos airde san aoisghrúpa 30 – 50 trí fhógraíocht raidió agus lasmuigh, PR agus trí ghníomhaíochtaí digiteacha. De thoradh an fheachtais mhéadaigh díolacháin miondíola diúilicíní de 70% i 2017.

### Aitheantas ar Cháil

Ainmníodh Bord Bia ar na trí eagraíocht is mo cáil in Éirinn dar le staidéar bliantúil Ireland RepTrak® 2017. Cuireadh agallamh ar 4,500 duine fásta mar chuid den staidéar agus is é an phríomhchúis a thugadar an vóta muiníne seo ná cumarsáidí Marc Cáilíochta Bhord Bia.

### Comhairle TASTE

Is comhlacht deonach neamhspleách é Comhairle TASTE a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hearnála ceardaí agus speisialtachta agus a gcuireann Bord Bia ról rúnaíochta ar fáil di.

Go náisiúnta chláraigh 174 scoil le páirt a ghlacadh in Aonad na hIdirbhliana 'The Future is Food', Aonad san Idirbhliain a d'fhorbair an Chomhairle Taste i gcomhar le Bord Bia. Cuidíonn sé le daltaí a n-eolas agus a dtuiscint ar thionscal an bhia a leathnú, go háirithe ar na hearnálacha bia ceardaí agus speisialaithe. Áirítear sa chlár 21 plean ceachta ag díriú ar thopaicí mar fhiontraíocht, bunús bia agus clár inbhuanaitheachta Origin Green Bhord Bia mar aon le taighde, forbairt táirge nua agus margaíocht. Cuirtear acmhainní breise ar fáil go digiteach le n-úsáid sa seomra ranga.

I 2017, ba é an sprioc go gcláródh múinteoirí eacnamaíochta baile i 150 scoil chun glacadh leis an aonad agus 30-50 scoil chun an t-aonad a chomhlíonadh in iomlán. Sáraíodh na spriocanna seo agus 174 scoil ag clárú agus 89 ag glacadh páirt dáiríre san aonad.

## MARGAÍ

I 2017 lean Bord Bia air ag díriú ar chur lena seirbhísí do chliantchuideachtaí ar fud a líonra idirnáisiúnta de 13 ionad thar lear – ocht gcinn ar fud na hEorpa agus cúig cinn i margaí idirnáisiúnta. Cé go bhfuil claonadh ag fócas na gníomhaíochta a dhéantar athrú ag brath ar an staid forbartha d'onnmhairí Éireannacha, is iad na cuspóirí uileghabhálacha cáil na hÉireann a fhás mar fhoinse táirgí bia agus dí ardcháilíochta a tháirgtear go hinbhuanaithe, léargais ábhartha ar threochtaí margaidh á gcur ar fáil agus aithint leidí ionchasacha agus deiseanna forbartha gnó d'onnmhaireoirí Éireannacha.

I rith 2017 chuir Bord Bia tús le Staidéar Tosaíochta Margaidh tar éis dáileadh maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara. Ba é cuspóir an staidéar sraith margaí a aithint don fheoil, do dhéiríocht, bianna tomhaltóra ullmhaithe, deochanna

agus bia farraige a thairgeann féidearthacht d'Éirinn a honnmhairí a mhéadú thar na blianta atá le teacht. Bhí forbairt uirlis mheasúnaithe i gceist anseo a chumasaíonn anailís sheasta de chritéir maicreacnamaíocha agus earnáil-shonrach le cuidiú chun margaí fáis ionchasacha a aithint.

Faoi dheireadh na bliana bhí 15 margadh roghnaithe do gach catagóir agus tuilleadh anailíse beartaithe i ngrúpa níos lú margaí i 2018 tar éis comhairliúchán leis an tionscal. Is é fócas na céime seo scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar gach margadh agus sainaithint bealaí ionchasacha chun an mhargaidh d'onnmhairí na hÉireann.

Treoróidh aschur an staidéir seo gníomhaíochtaí Bhord Bia maidir le léargais, Origin Green, tallann agus tacaíochtaí do bhealaí chun an mhargaidh do chliantchuideachtaí sna margaí roghnaithe. Tabharfar an uirlis mheasúnaithe cothrom le data ar bhonn bliantúil chun a chinntiú go mbíonn sé ábhartha i gcónaí agus gur féidir leis cinnteoireacht a threorú ó thaobh tuilleadh margaí d'imscrúdú i 2018 agus ina dhiaidh.

Chuir maoiniú breise Breatimeachta a chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara ar fáil ar chumas Bord Bia infheistiú a dhéanamh ar thacaíochtaí 'cosa ar an tsráid/ feet on the street' sa tSeapáin, sa Chóiré Theas, sna hOileáin Filipíneacha agus san Araib Shádach sa dara leath de 2017. Bhí fócas ar na saineolaithe margaidh áitiúla seo chun léargais mhargaidh ábhartha a chur ar fáil, cuidiú chun treoracha ionchasacha a ghiniúint d'áit an Mhargaidh 2018 agus feasacht ar tháirgí bia agus dí na hÉireann a mhúscailt i ngach margadh. Leanadh le hacmhainní den chineál céanna a infheistiú i dTuaisceart, i nDeisceart agus in Iarthar na hAfraice.

Déantar athbhreithniú leanúnach ar dháileadh acmhainní agus ar struchtúr ár ngníomhaíochtaí margaí chun freastal ar riachtanais forbraíochta chuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le earcaíocht pearsanra breise i bpríomhréigiúin fáis beartaithe do 2018.

Chomh maith le cur chun feidhme clár agus tionscadal, thug pearsanra margaí Bhord Bia faoi seo a leanas i rith 2016:


- 1,100 cruinniú agus cuir i láthair ceannaitheora
- Trí mhisean trádála agraibhia beartaithe do sé thír
- Breis agus 1,000 freagra ar iarratais ó cheannaitheoir aonair
- Breis agus 1,200 cruinniú pleanála gnó le cliantchuideachtaí Éireannacha
- 65 cruinniú faoi rochtain ar an margadh le húdaráis rialála agus tréidliachta sa Mheánoirthear, sa Rúis agus san Áise.

## CUR CHUIGE COMHOIBRÍOCH

Leanann Bord Bia air ag obair i gcomhar le príomhranna rialtais, gníomhaireachtaí agus cumainn i bhforbairt agus i bhfeidhmiú tacaíochta don tionscal bia agus dí. Áirítear orthu seo an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Teagasc, BIM, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Fiontraíocht Éireann, Fáilte Ireland (agus Tourism Ireland) Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eile.



# ÁR
# RIALACHAS



# RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS **AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD**

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaíodh Bord Bia faoin Acht um an mBord Bia 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um an mBord Bia 1994 & 2004 agus faoi choimirce an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn réimsí seirbhísí chun polasaí agus cláir a fheidhmiú. Soláthraíonn an Bord an chothromaíocht chuí scileanna agus taithí chun tacú le straitéis Bhord Bia. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le cheithre ghnáthchomhalta déag a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faigheann gach comhalta boird nua eolas airgeadais agus eile faoi Bhord Bia, agus eolas maidir le ról an bhoird agus coistí an bhoird. Is róil ar leithligh iad róil an chathaoirligh agus an phríomhfheidhmeannaigh.

Tá cúig Fho-Bhord (Bianna Tomhaltóirí, Déiríocht, Gairneoireacht, Feoil & Beostoc agus Dearbhú Cáilíochta) comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le dhá ghnáthchomhalta déag a cheapann an Bord le toiliú an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994 ar an mBord go "keep in such form and in respect of such accounting periods as may be approved by the Minister, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, all proper and usual accounts of monies received or expended by it, including a Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves, a Statement of Comprehensive Income, a Statement of Cash Flow and a Statement of Financial Position and, in particular, shall keep in such form as aforesaid all such special accounts as the Minister may, or at the request of the Minister for Public Expenditure and Reform shall, from time to time direct and the Board shall ensure that separate accounts shall be kept and presented to the Board by any Subsidiary Board that may be established by the Board under this Act and these accounts shall be incorporated in the general statement of account of the Board."

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

1. Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
3. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú go ceann i bhfad; agus,
4. Luaigh cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar nó a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais Bhord Bia. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Buaileann an Bord le chéile go rialta, seacht n-uaire sa bhliain de ghnáth, agus tá sé freagrach as bainistiú cuí a dhéanamh ar Bhord Bia. Is é an Bord a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus a choinníonn smacht iomlán agus éifeachtach agus dóthain solúbthachta á ceadú don bhainistíocht fheidhmiúcháin chun an gnó a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh de chreat tuairiscithe lárnaithe. Áirítear ar na buan-nithe ar chlár oibre chruinnithe an Bhoird miontuairiscí an chruinnithe deiridh, ábhair atá tagtha chun cinn, tuarascáil airgeadais, tuarascáil an Phríomhfheidhmeananigh, rialachas corparáideach agus bainistiú riosca agus aon ghnó eile. Tugann an Cathaoirleach aghaidh ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag na comhaltaí i leith an chlár oibre ag tús gach cruinnithe.

Déanann an Bord measúnú leanúnach ar phríomhrioscaí agus tá comhthéacs bunaithe acu le rioscaí a aithint, le anailís, measúnú, cóireáil agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca.

Ar na príomhrioscaí a aithníodh airítear an riosca gan tosaíocht chuí a thabhairt do phleananna oibre chun cuspóirí a bhaint amach; gan tiomantais tionscail a bhaint amach d'fhorbairt agus do chur chun feidhme Origin Green; rioscaí a bhaineann le clú bainteach le mí-úsáid phríomhbhrandaí agus marcanna Bhord Bia; rioscaí clú a bhaineann le cáilíocht agus le sábháilteacht bia, rioscaí do mhaoiniú scéimeanna dearbhaithe cáilíochta, agus foinsí maoinithe éagsúla tionscail; etc. Déantar riosca a mhaolú trí phróiseas athbhreithnithe ar an mapa riosca ag gach cruinniú Boird agus déantar comhchomhairliúcháin tionscail a éascú trí struchtúr an Fho-Bhoird. Déantar monatóireacht ar úsáid brandaí agus marcanna Bhord Bia ar bhonn leanúnach d'fhonn úsáid atá ceadaithe a chinntiú.

Comhlíonann an Bord na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus áirítear ar chúrsaí a choinnítear go ndéanann an Bord cinneadh orthu, agus ní dháiltear iad ar an mbainistíochta, lena n-áirítear faomhadh, inter alia, éadálacha suntasacha, mór-infheistíochtaí, mórdhiúscairtí, mórchonarthaí, buiséid bhliantúla agus ráitis airgeadais, soláthar foirne, leibhéil údaráis tarmligthe, cisteán agus beartas riosca. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara d'fháil ábhartha nó diúscairt talún, foirgneamh nó sócmhainní ábhartha eile. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara mar aon le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do ghníomh beartaithe ar bith a leathnódh nó a chuirfeadh athrú suntasach ar nádúr, scóip nó scála gníomhaíochtaí Bhord Bia.

Laistigh de chomhthéacs na cáipéise straitéise Food Wise 2025 maidir leis an earnáil agraibhia a fhorbairt,

leagtar amach sa Phlean Straitéiseach 'Difear an Domhain a Dhéanamh' na gníomhaíochtaí atá beartaithe i rith tréimhse na straitéise, 2016 – 2018 agus ailínítear buiséid bhliantúla leis an straitéis. Tugann an Bord faomhadh do bhuiséid bhliantúla agus do mheasúnuithe ar fheidhmíocht iarmhír in aghaidh buiséid. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo léargas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia i rith na bliana.

Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais Bhord Bia agus ar a sheasamh airgeadais ag deireadh na bliana

## RIALACHAS

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde Rialachas Corparáide agus Dea-chleachtais a choinneáil agus tá an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit glactha ag an mBord agus tá forálacha an Chóid á gcur i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis glacadh le Téarmaí Tagartha a leagann amach an creat feidhmeanna ginearálta agus sainfheidhmeanna; ballraíocht, dualgais mhuiníneacha; údarás; ról an rúnaí; freagrachtaí tuairiscithe; sceidealú cruinnithe; nósanna imeachta do chinntithe idir cruinnithe Boird agus chun déileáil le coinbhleachtaí leasa; agus, sceideal foirmiúil cúrsaí a choinnítear don Bhord le cinneadh a dhéanamh. Déanann an Bord athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird, na bhFo-Bhord agus na gCoistí ar bhonn bliantúil. I rith 2017, thionól an Bord dhá chruinniú gan an feidhmeannas i láthair. Chun críocha feidhmiú an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit breathnaítear ar Bhord Bia mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála.

**AN CATHAOIRLEACH:**

- Treoraíonn sé an Bord agus cinntíonn éifeachtúlacht agus ardchaighdeáin ionracais agus macántachta maidir le cultúr, luachanna agus iompair do Bhord Bia agus d'atmaisféar na bpléití ag leibhéal an Bhoird.
- Cinntíonn sé, in éineacht leis an CEO, go ndéantar clár an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach, go gcuirtear am leordhóthanach ar fáil don phlé agus do chur is cúiteamh. Éascaíonn cultúr ocailteachta plé éifeachtach agus ionchuir ón bhfeidhmeannas a fhreastalaíonn ar chruinnithe Boird ar fad nó ar chuid díobh, agus comhaltaí an Bhoird.
- Cinntíonn sé go gcuirtear tuarascálacha agus páipéir ábhartha, airgeadas, tuarascáil an CEO, tuairiscí ó Fho-Bhoird agus ó Choistí agus nuashonraithe cothrom le dáta ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm an bhuiséid bhliantúil agus an phlean straitéisigh nuair is cuí, ar bhealach tráthúil chuig comhaltaí an Bhoird.
- I gcomhairle leis an Rúnaí cinntíonn sé go gcuirtear gach eolas rialachais ar fáil don Bhord agus dá Choistí agus

go mbíonn sreafaí maithe eolais idir an Bord na Fo-Bhoird agus na Coistí mar aon le héascú ionduchtaithe, meantóireachta agus ag cuidiú le forbairt ghairme leanúnach.

- Cinntíonn sé go bhfuil deighilt shoiléir freagrachtaí idir an Bord a threorú agus a bhainistiú agus tá freagracht ar an bhfeidhmeannas as Bord Bia a reáchtáil.
- Coinníonn sé an tAire Talmhaíochta, Bia agus mara ar an eolas faoi chúrsaí a eascraíonn maidir le Bord Bia.
- Cuireann sé tuarascáil Chuimsitheach faoi bhráid an Aire de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Thug an Bord faoi luacháil féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht i rith na bliana agus ar fheidhmíocht an Choiste Iniúchta & Riosca agus tugadh aghaidh ar aon laigeachtaí a aithníodh. Iarradh ar gach comhalta Boird an measúnú a scóráil ina nduine agus ina nduine, rinne an Cathaoirleach na freagraí a bhreithniú agus cuireadh i láthair an Bhoird é áit ar aithníodh roinnt gníomhaíochtaí chun feidhmíocht an Bhoird a fheabhsú. Ní dheachthas i mbun measúnú seachtrach ar an mBord i rith 2017 agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, rachfar i mbun an mheasúnaithe sin laistigh den tréimhse atá de dhíth.

Cuireann an Bord treoir straitéiseach ar fáil, déanann monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtúlacht na bainistíochta agus déanann monatóireacht ar chomhlíontacht ar bhonn leanúnach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht, rialacháin agus treoirlínte ábhartha.

Tá Comhaontú Maoirseachta do Bhord Bia tugtha chun críche agus chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i bhfeidhm é i rith na bliana.

## COMHALTAÍ BOIRD AGUS NEAMHSPLEÁCHAS

Tá rochtain ag gach comhalta boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí/Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta boird, agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla Bhord Bia ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag comhaltaí boird de réir mar a theastaíonn. Féadfaidh comhaltaí boird aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil más gá.

## COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

Tá mionsonraí faoi chomhaltaí an Bhoird i mBord Bia leagtha amach ag deireadh an Ráitis Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird.

## COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS FREASTAL AR CHRUINNITHE

Tionóladh seacht gcruinniú Boird i rith 2017 agus tá mionsonraí faoi fhreastal gach comhalta leagtha amach thíos.

| Comhalta Boird | Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|
| M. Byrne | 6 as 6 |
| M. Carey | 7 as 7 |
| J. Comer | 6 as 7 |
| R. Doyle | 6 as 7 |
| F. Hayes | 6 as 7 |
| J. Healy | 7 as 7 |
| R. Holland | 3 as 7 |
| J. Horgan | 7 as 7 |
| C. Keeling | 7 as 7 |
| T. Keohane | 5 as 7 |
| T. Moran | 6 as 7 |
| R. O'Rourke | 6 as 7 |
| B. Sweeney | 7 as 7 |
| P. Whelan | 3 as 7 |

## TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS CHOMHALTAÍ BOIRD

Tá sceideal na dtáillí agus speansais taistil agus cothabhála a íocadh le comhaltaí boird i ndáil le freastal ar chruinnithe Boird in 2017 leagtha amach thíos.

| Comhalta Boird | Táillí Boird | Speansais Taistil & Cothabhála |
|---|---|---|
| M. Byrne | €0 | €0 |
| M. Carey* | €0 | €0 |
| J. Comer | €11,970 | €2,372 |
| R. Doyle | €11,970 | €813 |
| F. Hayes* | €0 | €0 |
| J. Healy | €11,970 | €2,317 |
| R. Holland* | €0 | €964 |
| J. Horgan* | €0 | €0 |
| C. Keeling* | €0 | €131 |
| T. Keohane | €11,970 | €0 |
| T. Moran | €11,970 | €43 |
| F. O'Gara | €951 | €0 |
| R. O'Rourke | €11,970 | €0 |
| B. Sweeney | €11,970 | €0 |
| P. Whelan | €11,970 | €893 |
| **Total** | **€96,711** | **€7,533** |

B'ionann na suimeanna a íocadh le Comhaltaí Fo-Bhoird maidir le costais taistil agus chothabhála in 2017 agus €21,276. Níor íocadh táillí ar bith le comhaltaí Fo-Bhoird in 2017 i ndáil le freastal ar chruinnithe Fo-Bhoird.

Faoin bprionsabal aon tuarastal amháin d'aon duine amháin (OPOS), níor íocadh aon táillí le M. Byrne, Príomhoifigeach, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

* Léiríonn na comhaltaí Boird a tharscaoil cuid de no iomlán na dtáillí iníoctha, mar chomhalta Boird, in 2017.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí eile thar ceann na gcomhaltaí Boird in 2017.

## RÓIL AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is é an Cathaoirleach a threoraíonn an Bord i gcinneadh a straitéise agus i mbaint amach a chuspóirí. Tá an Cathaoirleach freagrach as eagrú gnó an Bhoird, as a éifeachtacht a chinntiú agus a chlár oibre a leagan amach. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach gach comhalta den bhord agus caidreamh inchiallach idir an feidhmeannas agus comhaltaí an bhoird, agus cinntíonn go bhfaigheann comhaltaí an bhoird eolas tráthúil, iomchuí agus cruinn.

Tá an Príomhfheidhmeannach i bhfeighil Bhord Bia go díreach ar bhonn laethúil agus tá sé/sí freagrach don Bhord as feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais Bhord Bia.

## COISTÍ BOIRD

Tháinig an Coiste Iniúchta & Riosca, atá comhdhéanta faoi láthair de thrí chomhalta Boird (F. Hayes, J. Horgan, agus R. O'Rourke) chomh maith le comhalta seachtrach amháin (R. Nolan) a bhfuil cúlra airgeadais acu, le chéile ceithre huaire le linn 2017. Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as caidreamh iomchuí a choinneáil le hiniúchóirí seachtracha agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní iniúchta inmheánaigh Bhord Bia, srianta airgeadais inmheánacha agus ar an bpróiseas iniúchta. Cuidíonn sé leis an mbord agus iarracht á dhéanamh a chinntiú go dtugann an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais measúnú cothromaithe ar an seasamh atá againn.Tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag an Iniúchóir Inmheánach agus ag an Iniúchóir Seachtrach ar Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird. Tionóltar seisiúin faisnéisithe chun comhaltaí Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird agus an Bord a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha a tharla le deireanaí maidir le saincheisteanna Rialachais Chorparáidigh.

Tháinig an Coiste Luach Saothair agus Pinsin, atá comhdhéanta faoi láthair de thriúr comhaltaí den Bhord, (D. MacSweeney, F. Hayes agus T. Moran) le chéile dhá uair i rith 2017. Is é an Coiste Luach Saothair agus Pinsin a chinneann, thar ceann an Bhoird, ceapachán, luach saothair agus measúnú maidir le feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus pleanáil faoin té a thiocfaidh mar chomharba air; agus leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne.

Tá seisear comhalta Boird ar an gCoiste Straitéise faoi láthair, (D. MacSweeney, R. Holland, C. Keeling, T. Keohane, T. T. Moran agus B. Sweeney), agus tháinig sé le chéile trí huaire le linn 2017. Tá ról tábhachtach ag an gCoiste Straitéise maidir le tuairimí agus moltaí faoi shaincheisteanna straitéiseacha atá roimh Bord Bia amach a chur ar fáil agus cuireann sé lenár bpróiseas pleanála straitéiseach agus le forbairt na straitéise.

## ATHRUITHE AR PHRÍOMHPHEARSANA

Ceapadh Tara McCarthy ina Príomhfheidhmeannach ar an 26 Eanáir 2017 agus tháinig sí i gcomharbacht ar an bPríomhfheidhmeannach a bhí ag éirí as oifig, Aidan Cotter, a chuaigh ar scor an 25 Eanáir 2017. Tá mionsonraí maidir le hathruithe ar chomhdhéanamh an Bhoird tugtha le fios ag deireadh an Ráitis Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird.

## EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 curtha i bhfeidhm. Tugann comhaltaí Boird agus foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis sainleasa don Rúnaí an tráth a cheaptar iad agus ar bhonn bliantúil.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Is eagraíocht fhorordaithe í Bord Bia faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Bhunaigh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise trí cheart reachtúil:

- Ceart rochtana de réir dlí ag gach duine ar aon eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Ceart de réir dlí ag gach duine eolas oifigiúil a bhíonn i seilbh comhlachta poiblí a bhaineann leis nó léi sa chás go mbíonn sé neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach a leasú;
- Ceart de réir dlí na cúiseanna a fháil do chinntí a dhéanann difear do dhuine féin arna dtógáil ag comhlacht poiblí.

I dteannta riachtanas na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, tá feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 le Bord Bia chomh maith. Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí cosaint do príobháideachas daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil. Is éard is sonraí pearsanta ann eolas a bhaineann le duine beo ar féidir a aithint ó na sonraí iad féin nó i gcomhar le heolas eile atá i seilbh.

## COMHIONANNAS

Tá Bord Bia tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú agus nach gcaitear le níos lú fabhar le duine den fhoireann nó iarrthóir ar fhostaíocht ná aon duine eile ar bhonn inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine, nó ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil. Tá cláir forbartha phearsanra agus foirne Bhord Bia leagtha amach dá réir.

Déanann Bord Bia iarracht cuidiú leis an bhfoireann maidir le riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha agus feidhmítear polasaithe cuí a chlúdaíonn réimsí ar nós forbartha gairmiúla, saoire staidéir, fleisc-ama agus sosanna gairme. Tá Bord Bia tiomanta freisin polasaí rialtais a fheidhmiú i ndáil le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí. Rinneadh soláthairtí breise sonracha do chuairteoirí faoi mhíchumas agus Ionad Bia Bhord Bia á thógáil. Tá polasaí maidir le ciapadh gnéis i bhfeidhm le tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhínit gach duine.

## AN TACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Níor dearnadh aon nochtadh cosanta le Bord Bia i rith 2017.

## SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Tá Bord Bia ag feidhmiú forálacha na reachtaíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta a ullmhú agus a oibriú a thabharfaidh aghaidh ar gach ceist a mbíonn tionchar aice ar shábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann Bhord Bia agus cuairteoirí a thugann cuairt ar áitreabh Bhord Bia.

## CAIRT SEIRBHÍSE

Leagtar amach i gCairt Seirbhíse Bhord Bia a thiomantais do Phrionsabail Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus do Chliaint na hEarnála Poiblí. Tacaíonn Plean Gnímh agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí leis an gCairt le héifeacht phraiticiúil a thabhairt don tiomantas sin.

## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS CAOMHNÚ

Tá Bord Bia tiomanta gach iarracht a dhéanamh le bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus le bearta caomhnaithe agus athchúrsála cuí a fheidhmiú. Is iad solas agus teas, a sholáthraítear ó leictreachas, a príomh-réimsí úsáid fuinnimh i mBord Bia. Laghdaíodh úsáid bhliantúil fuinnimh go suntasach ó cuireadh tús le hathbhreithniú ar úsáid fuinnimh. Is í seo a leanas úsáid na príomhoifige i mBord Bia:

| | **2017** |
|---|---|
| mWh eictreachais | 208 |

*(Bunbhliain 2009: 379 mWh)*

B'ionann an méid leictreachais a úsáideadh sa Thinking House, a d'oscail i rith na bliana 2016, agus 41 mWh i rith a chéad bhliain iomláin i mbun oibríochta.

Déantar monatóireacht ar úsáid leictreachais mar aon le haithint diomailte, neamhéifeachtaí agus tionscnaimh costéifeachtacha chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh.

## ÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

De réir forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, tá Bord Bia tiomanta a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí go pras. I rith 2017 íocadh 98% d'íocaíochtaí laistigh de 15 lá.

## MAOINIÚ ÓN AONTAS EORPACH

Riarann Bord Bia roinnt feachtas margaíochta agus promóisin atá incháilithe do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach lena n-áirítear iad siúd  do Mhairteoil & d'Uaineoil, Prátaí, Uaineoil agus Bia Farraige.

## ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Tagann Bord Bia faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 chun creat reachtúil a fhoráil do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

## COSTAIS CHOMHAIRLEOIREACHTA

Áirítear ar na costais chomhairleoireachta an costas i ndáil le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' san áireamh.

| | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí | **46** | 35 |
| Comhairle Cánach agus Airgeadais | **48** | 55 |
| Caidreamh poiblí / Margaíocht | **0** | 0 |
| Pinsin agus Acmhainní Daonna | **150** | 81 |
| **Iomlán na gCostas Sainchomhairleoireachta** | **244** | 171 |
| | | |
| Costas Sainchomhairleoireachta Caipitlithe | **0** | 0 |
| Costais Sainchomhairleoireachta curtha chun dochair sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | **244** | 171 |
| **Iomlán** | **244** | 171 |

## COSTAIS AGUS SOCRÚCHÁIN DLÍ

Tugtar briseadh síos sa tábla thíos ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí, socrúcháin agus réitigh agus imeachtaí eadrána. Áirítear sna figiúirí thíos caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí a fuair Bord Bia a nochtar sna costais Chomhairleoireachta thuas.

| | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí– Imea Dlíchtaí | **46** | 35 |
| Íocaíochtaí agus Eadrána Comhréitigh | **0** | 0 |
| Socraíochtaí | **0** | 0 |
| **Iomlán** | **46** | 35 |

## COSTAIS TAISTIL AGUS COTHABHÁLA

Déantar costais taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Baile** | | |
| -Bord | **29** | 27 |
| -Fostaithe | **219** | 193 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| -Bord | **0** | 0 |
| -Fostaithe | **711** | 626 |
| **Iomlán** | **959** | **846** |

## FÁILTEACHAS

Áirítear sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais an Caiteachas Fáilteachais seo a leanas:

| | 2017 €'000 |
|---|---|
| Fáilteachas foirne | **3** |
| Fáilteachas cliant | **0** |
| **Iomlán** | **3** |

## RÁITEAS MAIDIR LE COMHLÍONADH

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Chloígh Bord Bia go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ón mbliain 2017.

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2018

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach
27 Meitheamh 2018







# EAGRAÍOCHT **STRUCHTÚR**

*An Fhoireann*

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn raon seirbhísí atá riachtanach chun beartas agus cláir an Bhoird a chur i bhfeidhm.



Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara.
Tá cúig Fho-Bhord ann (Feoil agus Beostoc, Bia Tomhaltóirí, Déiríocht, Dearbhú Cáilíochta, agus Gairneoireacht) atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta atá ceaptha ag an mBord le toiliú an Aire. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

Tá na Coistí Boird seo a leanas i bhfeidhm:

- An Coiste Iniúchta & Riosca
- An Coiste Luach Saothair agus Pinsean
- An Coiste Straitéise

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta d'fhoireann atá lonnaithe i gceann oifig an Bhoird agus thar lear.


## EOLAS GINEARÁLTA

**An Cheannoifig:**
Cúirt Chlann Liam, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

**Iniúchóirí:**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Baincéirí:**
Bainc Aontais Éireann

**Aturnaetha:**
Philip Lee Aturnaetha


AN PRÍOMHBHORD
CATHAOIRLEACH
AN BORD FEOLA AGUS BEOSTOIC
Cathaoirleach
AN BORD BIANNA TOMHALTÓRA
Cathaoirleach
AN BORD DÉIRÍOCHTA
Cathaoirleach
AN BORD GAIRNEOIREACHTA
Cathaoirleach
AN BORD DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA
Cathaoirleach
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
TIONTÚ GNÓ MARGAÍ
PLEANÁIL AGUS STRAITÉIS BIA & DÍ
FEOIL & GAIRNEOIREACHT
LÉARGAS & PLEANÁIL STRAITÉISEACH
ORIGIN GREEN & DEARBHÚ CÁILÍOCHTA INMHARTHANCH
MARGAÍOCHT
SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

# STRUCHTÚR **FOIRNE**

| | |
|---|---|
| **An Príomhfheidhmeannach** | |
| **Tiontú Gnó Margaí** | Padraig Brennan |
| **Origin Green & Dearbhú Cáilíochta Inmharthanach** | Michael Maloney |
| **Margaíocht** | Una Fitzgibbon |
| **Straitéis agus Pleanáil Bia agus Dí** | Ailish Forde |
| **Feoil agus Gairneoireacht** | Mike Neary |
| **Feoil agus Gairneoireacht** | Helen King |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Frank Lynch |

## OIFIGÍ THAR LEAR

| | |
|---|---|
| **Amstardam** | Laura Crowley |
| **Dubai** | Michael Hussey |
| **Dusseldorf** | Donal Denvir |
| **Londain** | Michelle Butler |
| **Maidrid** | Cecilia Ruiz |
| **Milan** | Nicolas Ranninger |
| **Moscó** | Alla Barinova |
| **Nua-Eabhrac** | Karen Coyle |
| **Páras** | Noreen Lanigan |
| **Shanghai** | James O'Donnell |
| **Singeapór** | Ciaran Gallagher |
| **Stócólm** | Linda Madigan |
| **Vársá** | Judith Clinton |

**Tacaíonn gníomhaíochtaí Acmhainní Daonna laistigh de Bhord Bia leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann trí athrú agus trí dhúshláin in áit an mhargaidh a bhaint amach. Déantar sin trí:**

- Pleananna i ndáil le leagan amach na heagraíochta agus athruithe struchtúrtha a éascú
- Struchtúir bhainistíochta iomchuí agus córais bhainistíochta feidhmíochta a bhunú chun spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a sheachadadh go héifeachtúil
- An fórsa oibre a phleanáil agus acmhainní daonna a bhainistiú maidir leis an mbonneagar oifigí anseo in Éirinn agus thar lear
- Cláir forbartha ceannaireachta agus cóitseála a chur ar fáil
- Cumarsáid foirne rannpháirteach, tionscnaimh spreagtha agus leas ag an obair.

Tá an cultúr eagraíochtúil ag athrú, tá acmhainní bunaithe ar phríomhthosaíochtaí straitéiseacha atá roghnaithe go sonrach, agus táthar dírithe ar an méid saineolais atá againn a sholáthar d'fhonn ábharthacht an áit mhargaidh, na gcliant agus an tomhaltóra a chinntiú, dírithe ar neartú leanúnach maidir lenár colúin straitéiseacha a sheachadadh. Infheistiú i gcórais faisnéise gnó chun pleanáil a bhainistiú agus an luach is fearr a bhaint as buiséid. Táthar ag díriú go mór go fóill ar a chinntiú go bhfuil soiléireacht i gceist maidir leis an gceangal atá idir an méid a chuireann straitéis agus ról ar fáil. Mar eagraíocht atá oscailte, barántúil agus géarchúiseach, cinntítear go bhfuil gach duine san eagraíocht smacht a bheith acu ar athú agus táthar in ann dul i ngleic go tapa le timpeallacht a bhíonn ag athrú de shíor.

# BORD BIA
# AN BORD

## CATHAOIRLEACH

**Dan MacSweeney Uasal**
Iar-Phríomhfheidhmeannach,
Carbery Group.
Ceaptha an 1 Márta 2018

## COMHALTAÍ

**Rachel Doyle Uasal**
Stiúrthóir, Ionad Garraíodóireachta Arboretum
Ceaptha an 16 Meitheamh 2015

**An tUasal Frank Hayes**
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha,
Kerry Group Plc.
Ceaptha an 12 Aibreán 2016

**An tUasal Joe Healy**
Uachtarán Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Ceaptha an 12 Bealtaine 2016

**Rhona Holland Uasal**
Stiúrthóir Margaíochta Faisnéis Dhomhanda, PepsiCo.
Ceaptha an 16 Meitheamh 2015

**An tUasal John Horgan**
Stiúrthóir Bainistíochta, Kepak Group
Ceaptha an 7 Nollaig 2015

**Caroline Keeling Uasal**
Príomhfheidhmeannach,
Saothróirí/Allmhaireoirí Torthaí Keeling
Ceaptha an 11 Nollaig 2016

**An tUasal Tony Keohane**
Iar-Chathaoirleach, Tesco
Ceaptha an 16 Meitheamh 2015

**An tUasal Patrick McCormack**
Uachtarán, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann
Ceaptha an 19 Nollaig 2017

**An tUasal Tom Moran**
Iar-Ard-Rúnaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara
Ceaptha an 16 Meitheamh 2015

**Sinead McPhillips Uasal**
Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara
Ceaptha an 13 Feabhra 2018

**An tUasal Raymond O'Rourke**
Dlíodóir Bia & Tomhaltóirí
Ceaptha an 16 Meitheamh 2015

**An tUasal Brody Sweeney**
Fiontraí Bia
Ceaptha an 16 Meitheamh 2015

**An tUasal Patrick Whelan**
Búistéirí Whelan's
Ceaptha an 16 Meitheamh 2015

**Príomhfheidhmeannach**
**Aidan Cotter**
(ar scor an 25 Eanáir 2017)

**Tara McCarthy**
(ceaptha an 26 Eanáir 2017)

**Rúnaí/Stiúrthóir**
**Frank Lynch**

**Athruithe i rith 2017**
**Téarma Oifige in Éag 29 Eanáir:**
**An tOllamh Fergal O'Gara**

**Téarma Oifige in Éag 18 Meán Fómhair:**
**An tUasal Michael Carey**
(athcheaptha an 19 Meán Fómhair).

**Ar scor an 9 Samhain 2017:**
**Marian Byrne Uasal**, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

**D'éirigh as an 18 Nollaig 2017 :**
**An tUasal John Comer**,
Iar-Uachtarán, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**Ceaptha an 19 Nollaig 2017:**
**An tUasal Patrick McCormack**

**Athruithe i rith 2018**
**Ceaptha an 13 Feabhra 2018:**
**Sinead McPhillips Uasal**

**D'éirigh as an 1 Márta 2018:**
Cathaoirleach, **Michael Carey Uasal**,
The Company of Food.

**Ceaptha an 1 Márta 2018:**
**An tUasal Dan MacSweeney**,
Cathaoirleach.

# BORD BIA
# AN BORD BIANNA TOMHALTÓRA

## CATHAOIRLEACH

**Rhona Holland Uasal**
Stiúrthóir Margaíochta Faisnéis Dhomhanda, Pepsi Co.

## COMHALTAÍ

**Triona Byrne Uasal**
Iar-Stiúrthóir Airgeadais, Aran Candy Teo.

**An tUasal Pat Connors**
Stiúrthóir Díolachán & Margaíochta, Marine Harvest

**An tUasal Bernard Coyle**
Cathaoirleach, Mr Crumb

**An tUasal Colin Gordon**
Príomhfheidhmeannach, Bia Tomhaltóirí Glanbia

**An tUasal Larry Murrin**
Stiúrthóir Bainistíochta, Dawn Farm Foods

**Catherine Neilson Uasal**
Stiúrthóir Straitéise, Kerry Foods

**An tUasal John Noonan**
Stiúrthóir Díolachán & Margaíochta, E. Flahavan & Sons

**An tUasal Joe O'Flynn**
Páirtnéir Sinsearach, Agrifood Business Partners

**An tUasal Eddie Power**
Stiúrthóir Bainistíochta, Green Isle Foods

**An tUasal Pat Rigney**
Stiúrthóir Bainistíochta, Fastnet Brands Co. Ltd.

### Athruithe i rith 2017

**Téarma Oifige in Éag 12 Bealtaine:**
**An tUasal Pat Rigney**
(athcheaptha an 31 Bealtaine)

**Téarma Oifige in Éag 7 Meán Fómhair:**
**An tUasal Mike Doyle**, Kerry Foods

**Ceaptha an 18 Deireadh Fómhair:**
**Catherine Neilson Uasal**

**Téarma Oifige in Éag an 1 Nollaig:**
**An tUasal Vincent Carton**, Carton Brothers

# BORD BIA
# AN BORD FEOLA AGUS BEOSTOIC

## CATHAOIRLEACH

**An tUasal Tony Keohane**
Iar-Chathaoirleach, Tesco Ireland

## COMHALTAÍ

**An tUasal Andy Boylan**
Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Éanlaith Chlóis, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann.

**An tUasal Vincent Carton**
Carton Brothers

**An tUasal Sean Dennehy**
Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Caorach, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**An tUasal Michael Guinan**
Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**An tUasal Jim Hanley**
Chief Executive, Rosderra Irish Meats

**An tUasal Tom Hogan**
Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Muc & Muiceola, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**An tUasal Brendan Mallon**
Associated Craft Butchers of Ireland

**An tUasal Kevin Quinn**
Quinn International Livestock

**An tUasal Angus Woods**
Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

### Athruithe i rith 2017

Éirithe as an 8 Feabhra
**An tUasal Pat O'Flaherty**

Ceaptha an 28 Feabhra
**Mr Tom Hogan**

Ceaptha an 22 Márta:
**An tUasal Kevin Quinn**

**Téarma Oifige in Éag 9 Deireadh Fómhair:**
**An tUasal John Lynskey**
(Athcheaptha an 18 Deireadh Fómhair)

**An tUasal Brendan Mallon**

**An tUasal Nigel Renaghan**
(Athcheaptha an 18 Deireadh Fómhair)

**Téarma Oifige in Éag an 6 Nollaig:**
**An tUasal Tom Hogan**,

### Athruithe i rith 2017

**Éirithe as an 26 Eanáir 2018:**
**An tUasal John Lynskey**,
Iar-Chathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Caorach, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**An tUasal Nigel Renaghan**
Iar-Chathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Éanlaith Chlóis, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann.

**Ceaptha an 21 Feabhra 2018:**
**An tUasal Andy Boylan**
**An tUasal Sean Dennehy**
**An tUasal Tom Hogan**
(athcheaptha)

**Athcheaptha an 8 Márta**
**An tUasal Brendan Mallon**

**Téarmaí Oifige in Éag:**
An 25 Márta:
**An tUasal Finbarr McDonnell**,
Stiúrthóir Bainistíochta, ABP

**An tUasal Paddy Walsh**,
Dawn Meats

# BORD BIA
# AN BORD DÉIRÍOCHTA

## CATHAOIRLEACH

**An tUasal Tom Moran**
Iar-Ard-Rúnaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara

## COMHALTAÍ

**An tUasal Noel Corcoran**
Stiúrthóir Díolachán & Margaíochta, Comhábhair Bia Carbery

**An tUasal John Jordan**
CEO EMEA, Ornua Foods

**An tUasal William Meagher**
Tipperary Co-Operative Creamery Ltd.

**An tUasal Pat McCormack**
Uachtarán, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**An tUasal Sean Molloy**
Stiúrthóir Straitéise & Caidreamh Soláthróirí Glanbia

**An tUasal John O'Gorman**
Cathaoirleach, Comharchumann Dairygold

**An tUasal Tom Phelan**
Cathaoirleach na Comhairle Náisiúnta Déiríochta, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**An tUasal Padraig Sayers**
Leas-Uachtarán, Comhábhair & Blasanna Kerry Group plc

**An Dr Pat Shiels**
Bainisteoir Ginearálta, An Roinn Agraibhia, Lakeland Dairies

### Athruithe i rith 2017

**Éirithe as an 9 Bealtaine:**
**An tUasal Fergal McGarry**,
Stiúrthóir Domhanda Bianna Tomhaltóra, Ornua

**Ceaptha an 9 Bealtaine:**
**An tUasal John Jordan**

**Téarmaí Oifige in Éag an 9 Meitheamh:**
**Catherine Lascurettes Uasal**
(athcheaptha an 10 Meitheamh)
**An tUasal Padraig Young**, Lakeland Dairies

**Téarma Oifige in Éag:**
**7 Meán Fómhair:**
**An tUasal Noel Corcoran**
(Athcheaptha an 18 Deireadh Fómhair)

**Ceaptha an 18 Deireadh Fómhair:**
**An tUasal William Meagher**

### Athruithe i rith 2018

**Éirithe as an 18 Eanáir:**
**An tUasal James Lynch**
eas-Chathaoirleach, Comharchumann Dairygold

**Éirithe as an 28 Feabhra:**
**Catherine Lascurettes Uasal**,
Rúnaí Feidhmeach Náisiúnta Déiríochta & Bainne Leachtaigh, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Ceaptha an 28 Márta:**
**An tUasal John O'Gorman**
**An tUasal Tom Phelan**

# BORD BIA
# AN BORD DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

## CATHAOIRLEACH

**An tUasal Raymond O'Rourke**
Dlíodóir Bia & Tomhaltóirí

## COMHALTAÍ

**An tUasal Ray Bowe**
Bainisteoir Sábháilteachta & Cáilíochta Bia, Musgrave Retail Partners

**An tUasal Denis Carroll**
Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**An tUasal John Cunningham**
Dairygold Food Products roimhe seo

**Maria Dunne Uasal**
An Rannán Feola & Beartas Feola, An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara

**An tUasal Dermott Jewell**
Comhairleoir Beartais & Comhairle, Comhlachas Tomhaltóirí Éireann.

**An tUasal John Mohan**
Chairman, The Egg Association

**An tUasal Paul Nolan**
Bainisteoir Forbartha Grúpa, Dawn Group

**An tUasal Liam O'Flaherty**
Comharchumann Dairygold

**Joyce Roche Uasal**
Stiúrthóir & Bainisteoir Teicniúil, Codd Mushrooms

**An Dr Declan Troy**
Ceann Ionaid, an tIonad Náisiúnta Bia, Teagasc

**An tUasal Angus Woods**
Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Athruithe i rith 2017:**

**Ceaptha an 2 Feabhra:**
**An tUasal John Cunningham**
**An tUasal Angus Woods**

**Téarmaí Oifige in Éag an 12 Bealtaine:**
**Joyce Roche Uasal** (athcheaptha an 31 Bealtaine)

**D'éirigh as an 20 Meitheamh:**
**An tUasal Colm Hayes**,
Leas-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara

**Téarma Oifige in Éag 7 Meán Fómhair:**
**An tUasal John Mohan**

**Ceaptha an 18 Deireadh Fómhair:**
**Maria Dunne Uasal**

**TTéarma Oifige in Éag an 1 Nollaig:**
**An Dr Declan Troy**

**Athruithe i rith 2018**

**Athcheaptha an 21 Feabhra:**
**An tUasal John Mohan**
**An Dr Declan Troy**

# BORD BIA
# AN BORD GAIRNEOIREACHTA

## CATHAOIRLEACH

**Caroline Keeling Uasal**
Saothróirí/Allmhaireoirí Torthaí Keelings

## COMHALTAÍ

**An tUasal Paul Brophy**
Paul Brophy Produce

**An tUasal Eddie Doyle**
Doyle Produce

**An tUasal Matt Foley**
Plandlanna Kilbush

**Karen Kerrigan Uasal**
Kerrigan's Mushrooms

**Jane McCorkell Uasal**
Ailtire Tírdhreacha & Comhairleoir Gairneoireachta

**Celine Murrin Uasal**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**Áine O'Neill Uasal**
Sillis Green Veg

**An tUasal Brian O'Reilly**
Saothróir Muisiriún

**An tUasal Eoin Reid**
Ionad Garraíodóireachta Fernhill

**Margot Slattery Uasal**
Uachtarán Tíre, Sodexo Ireland

**An tUasal Padraig Tully**
Plandlanna Tully

**Athruithe i rith 2017**

**Ceaptha an 2 Feabhra:**
**An tUasal Matt Foley**,
**Caroline Keeling Uasal**
(Cathoirleach)

**Ceaptha an 31 Bealtaine:**
**Celine Murrin Uasal**
**Áine O'Neill Uasal**
**Margot Slattery Uasal**
**An tUasal Padraig Tully**



ÁR
# GCUNTAIS



# TUARASCÁIL
# AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

**An TArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Tuairisc le cur i láthair Thithe an Oirechtais**

## An Bord Bia

**Tuairim ar na Ráitis Airgeadais**

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhord Bia don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 faoi réir fhorálacha alt 21 den Acht um an Bord Bia 1994. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas an ghrúpa ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas an ghrúpa ar shreabhadh airgid
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Bhord Bia amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2017 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn.

**Bunús leis an tuairim**

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAnna) de réir mar a fógraíodh ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na Caighdeáin sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar Bhord Bia agus tá na freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

**Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile**

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag Bord Bia. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil (lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscríbhinn na tuarascála seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**28 Meitheamh 2018**

# TUARASCÁIL
# AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

**Aguisín leis an tuarascáil**

**Freagrachtaí Comhaltaí an Bhoird**

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird na freagrachtaí atá ag comhaltaí Boird as

- ráitis airgeadais a ullmhú sa bhfoirm atá ceadaithe faoi alt 21
  den Acht um an Bord Bia 1994
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus
  cothrom i gcomhréir le FRS102
- cibé an bhfuil úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh oiriúnach a mheas, agus
- rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Éilítear orm faoi Alt 21 den Acht um an Bord Bia 1994 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Bia agus tuairisciú a dhéanamh orthu i dtuarascáil a bheidh le tíolacadh ar Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus mé i mbun an iniúchta teacht ar dhearbhú réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna), ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam.

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé más mar gheall ar chalaois nó ar earráid, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a leagan amach agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus aimsím fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an baol atá ann nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an baol atá ann ceann a eascraíonn as earráid a aimsiú, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a leagan amach atá oiriúnach sna cúinsí sin, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara.
- Tagaim ar chonclúid maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas Bord Bia leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtaí sin, mo thuairim a athrú. Tá mo chun conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le deireadh a chur le Bord Bia a bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear nochtaí, a mheas ar an iomlán agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhirt fholuiteacha agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Cuirim in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, an scóip agus an t-am atá leagtha amach don iniúchadh agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialú inmheánach.

**Faisnéis seachas faisnéis ar na ráitis airgeadais**

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim conclúid de chineál ar bith maidir le dearbhú ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

**Tuairisciú ar nithe eile**

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí stáit a fhaigheann maoiniú suntasach ón Stát maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh taifid chuntasaíochta an chomhlachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh.
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# RÁITEAS AR
# RIALÚ INMHEÁNACH

## SCÓIP NA FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Bhord Bia, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn, mar a dearnadh cur síos uirthi sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil na gComhaltaí Boird, a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

## CUSPÓIR AN CHÓRAIS UM RIALÚ INMHEÁNACH

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad i dtréimhse thráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBord Bia don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## AN ACMHAINN DÉILEÁIL LE RIOSCA

Tá céimeanna glactha ag an mBord lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht na heagraíochta agus le sócmhainní a chosaint.
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

## CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá próisis bunaithe ag an mBord le rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- Nádúr, méid agus tionchar airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar atá inghlactha.
- Measúnú ar an seans go dtarlódh rioscaí aitheanta.
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann faoi spriocanna Bhord Bia agus tacaíocht do straitéisí an Bhoird chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- Nósanna imeachta a bhunú d'fhonn a chinntiú go bhfuil na scéimeanna agus na cláir arna stiúradh ag an gcomhlacht de réir na reachtaíochta a rialaíonn a bhfeidhmiú agus go bhfuil córais chuí bainistithe riosca socraithe.

Is í tuairim an Bhoird go raibh na próisis atá i bhfeidhm d'fhonn rioscaí gnó a aithint agus a mheas ag oibriú go héifeachtach agus mar is cuí i rith na tréimhse.

Tá an córas um rialú inmheánach bunaithe ar chreat d'eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, teorainneacha údaraithe agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus comhaontú air.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Caiteachais Phoiblí.
- Próisis rialaithe maidir le hInfheistiú caipitil sainithe go soiléir.
- Disciplíní bainistithe tionscadal foirmeálta.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag Bord Bia, a oibríonn de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach chuig Coiste Iniúchta & Riosca an Bhoird. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an gcomhlacht agus bíonn pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Ceadaíonn Coiste Iniúchta & Riosca an Bhoird an anailís riosca agus an plean Iniúchta Inmheánaigh agus tuairiscítear iad don Bhord. Déantar athbhreithniú ar an gclár riosca ag gach cruinniú de Choiste Iniúchta & Riosca an Bhoird agus ag gach cruinniú den Bhord.

Tagann Coiste Iniúchta & Riosca an Bhoird le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana le leordhóthanacht agus le héifeachtacht an chórais um Rialú Inmheánach a athbhreithniú agus a dhearbhú.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Cuireann obair an Iniúchóra Inmheánaigh monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach ar an eolas, mar aon le Coiste Iniúchta & Riosca an Bhoird a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Bhord Bia atá freagrach as creat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil agus a chuirtear ar an eolas trí obair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina iniúchadh bliantúil.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

## SOLÁTHAR

Tugadh faoi phróiseas dearbhaithe cáilíochta, i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí, i rith na tréimhse iniúchta. Deimhníodh go bhfuil an comhlacht ag comhlíonadh na rialacha reatha soláthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTACHT

Dearbhaím go ndearna an Bord i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig, 2017 athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach. Rinneadh an t-athbhreithniú i rith mí na Nollaig, 2017.

## SAINCHEISTEANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Níor tuairiscíodh aon laigeachtaí i rialú inmheánach, sáruithe ábhartha i rialú, caillteanais ábhartha nó calaoisí maidir le 2017 a dteastaíonn iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird

**Dan MacSweeney**

Cathaoirleach

27 Meitheamh 2018

# RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

*Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig*

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | NÓTAÍ | **€'000** | €'000 |
| Deontais Oireachtais | 2 (a) | **40,775** | 32,569 |
| Oireachtas - Maoiniú Eile: | | | |
| Leathadh Amach Náisiúnta Food Dudes | 2 (b) | **3,047** | 2,867 |
| Maoiniú Speisialta do Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta | 2 (c) | **6,261** | 5,801 |
| Maoiniú Speisialta do Chur Chun Cinn Bia | 2 (d) | **2,538** | 2,004 |
| Tobhach Reachtúil | 2 (e) | **5,920** | 5,655 |
| Ioncam ó Thionscadail agus Eile | 2 (f) | **8,815** | 8,300 |
| Glan-mhaoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir | 11(a) i | **4,679** | 3,142 |
| | | **72,035** | 60,338 |
| Aistriú (chuig) an gCuntas Caipitil | 3 | **(34)** | (415) |
| **Ioncam Iomlán** | | **72,201** | 59,923 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Margaíochta agus Chur Chun Cinn | 5 (a) | **43,165** | 33,670 |
| Leathadh Amach Náisiúnta Food Dudes | | **3,047** | 2,867 |
| Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta | | **6,227** | 5,876 |
| Airgeadas Margaíochta | 5 (b) | **1,514** | 1,299 |
| Pá agus Costais Sochair Scoir | 6 | **13,851** | 11,873 |
| Caiteachas Oibríochta | 4 | **2,980** | 3,068 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **70,784** | 58,653 |
| Barrachas Oibríochta | | **1,217** | 1,270 |
| Ús Infhaighte | | **0** | 1 |
| Ús Iníoctha | | **0** | 0 |
